Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Regional Development Fund

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019



Ráiteas Misin

"Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do chomhoibriú agus comhordú níos fearr a éascú idir an rialtas áitiúil, réigiúnach agus láir agus gníomhaireachtaí Stáit eile. Beidh an Tionól meáite ar fhorbairt shóisialta, gheillagrach agus inbhuanaithe Réigiún an Deiscirt a chur chun cinn."

Clár Ábhar

1. Teachtaireacht ón gCathaoirleach 4
2. Ráiteas an Stiúrthóra 5
3. Cúlra 6
4. Maidir lenár bhFoireann 8
5. An tEolas is Déanaí maidir le Tionól Réigiúnach an Deiscirt 10
   - Cruinnithe in 2019 11
   - Comhaltas Thionól Réigiúnach an Deiscirt 12
   - Comhdhálacha agus Seimineáir ar Freastalaíodh Orthu in 2019 13
6. Gníomhaíochtaí Corparáideacha 14
7. An tEolas is Déanaí faoin bPlean Corparáideach 21
8. Pleanáil Réigiúnach 29
9. An tEolas is Déanaí faoin gClár Réigiúnach 35
10. An tEolas is Déanaí faoi Thionscadail AE 44
11. An tEolas is Déanaí maidir le Cláir AE 60
   - Clár Éireann-na Breataine Bige 2014-2020 60
   - Interreg NWE 66
   - Limistéar an Atlantaigh Interreg 69
   - An Clár um Imeall Thuaidh agus an tArtach 71
   - Interreg na hEorpa 73
   - URBACT III 75
   - ESPON 2020 77
12. Oifig Eorpach na Réigiún Éireannach agus Coiste na Réigiún 78
14. Úsáid Fuinnimh an Tionóil Réigiúnaigh in 2019 82
15. Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2019 83

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Tá ríméad orm an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais don bhliain 2019 a chur i láthair i mo cháil mar Chathaoirleach Thionóil Réigiúnach an Deiscirt.

Bhí neart oibre ar bun ag an Tionól le linn 2019 agus baineadh go leor amach faoi chláir agus tionscadail AE agus maidir le Pleanáil Réigiúnach.

Ba é an rud ba shuntasaí a baineadh amach le linn na bliana ná glacadh na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt. Tar éis d'fhoireann an Tionóil an-chuid oibre a dhéanamh agus tar éis di an cheist a phlé le páirtithe leasmhara agus an pobal, vótáil an Tionól chun an SRSE a ghlacadh i Nollaig. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a d'oibrigh crua chun an chreatlach forbartha straitéisí seo a chur i gcrích agus táim ag tnúth le hé a chur i bhfeidhm sna blianta atá le teacht.

Ba bhliain ghnóthach eile don Tionól í maidir lena ról i bhforbairt réigiúnach a bhainistiú agus a chur chun cinn trí mheán maoiniú AE. Bhí ríméad orm ionadaíocht a dhéanamh ar an Tionól ag roinnt imeachtaí chun aird a tharraingt ar na tairbhí agus na héachtaí a bhaineann le Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20. Go háirithe, ba mhór an onóir dom freastal ar sheoladh oifigiúil Dhroichead Mary Elmes i Meán Fómhair. Tógadh an droichead ar mhaithe le muintir Chorcaí agus úsáideadh maoiniú ó scéim Forbartha Uirbí Inbhuanaithe an Chláir Réigiúnaigh, scéim a ndéanann an Tionól bainistiú uirthi. Meastar go n-úsáideann suas go dtí 11,000 duine an droichead coisithe agus rothar i gcroílár na Cathrach gach lá, rud a tharraingíonn aird ar an mbéim níos airde ar leaganacha ilmhódacha iompair.

Lean an Tionól de pháirt fhiúntach a ghlacadh i dtionscadail AE in 2019 agus cuireadh tús le dhá thionscadal nua – Cathracha Gormghlasa agus COHES3ION. Bhí sé de phléisiúr agam ionadaíocht a dhéanamh ar an Tionól ag an dúshlán "Race Against Rob" i gCathair Chorcaí, nuair a d'úsáid na rannpháirtithe cineálacha éagsúla iompair inbhuanaithe chun an ceann is fearr a fháil ar Sheaimpín an Domhain agus duine a bhfuil bonn Oilimpeach aige, Rob Heffernan. Thosaigh an rás ag Stáisiún Cheannt agus thrasnaigh sé Droichead Mary Elmes. D'eagraigh an tionscadal MATCH-UP de chuid an Tionóil an t-imeacht chun feasacht ar chineálacha inbhuanaithe iompair, agus d'éirigh go han-mhaith leis.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Chomhaltaí Tionóil as an obair luachmhar a rinne siad le linn na bliana. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Leas-Chathaoirleach an Comhairleoir John Brennan as a thacaíocht agus cúnamh.

Ba mhaith liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Tionóil, David Kelly, agus lena fhoireann as a n-obair leanúnach le linn 2019.

An Comhairleoir
Joe Carroll
Cathaoirleach

Ráiteas an Stiúrthóra

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais Thionól Réigiúnach an Deiscirt don bhliain 2019 a chur i láthair. Déanann an tuarascáil cur síos ar bhliain ghnóthach agus éachtaí a chuireann le cuspóirí ár bPlean Corparáideach 2015-19.

Buaicphointe le linn na bliana ba ea é cur i gcrích na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt - ar creatlach forbartha straitéisí 12 bhliain é chun tacú leis an gclár athraithe faoi Thionscadal Éireann 2040. Cinntíonn sé nasc láidir agus comhordaithe réigiúnach idir soláthar beartais ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil agus neartaíonn sé leibhéal réigiúnach an rialtais. D'aontaigh ár gComhaltaí an SRSE a dhéanamh i Samhain lena cur i gcrích go luath in 2020. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí, baill foirne agus páirtithe leasmhara as an obair luachmhar a rinne siad chun creatlach forbartha straitéisí láidir a chur i gcrích chun forbairt fhisiceach, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú i Réigiún an Deiscirt amach anseo.

Bhíomar chomh gníomhach céanna in 2019 maidir le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt léi sin ach maoiniú AE a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Lean an Tionól de bhainistiú a dhéanamh ar infheistíocht os cionn €500 milliún a sholáthar trí Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 i réimsí cosúil le héifeachtúlacht fuinnimh, taighde agus nuálaíocht agus tacaíochtaí micrithionscadail. I measc na mbuaicphointí don Chlár seo, cuireadh Droichead Mary Elmes i gCathair Chorcaí, Cé an Chorráin i mBaile Loch Garman, agus Páirc Bhaile na Sionainne i gcrích faoin tosaíocht Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe.

Lean an Tionól de pháirt a ghlacadh sna cláir Interreg, go háirithe Interreg na hEorpa, Interreg Iarthuaisceart na hEorpa agus Clár Éireann-na Breataine Bige. Rinne ár bhfoireann Rialaithe Céadleibhéil scrúdú ar éilimh thionscadail AE arbh fhiú os cionn €7 milliún iad do chomhpháirtithe Éireannacha le linn na bliana. Is comhpháirtí é an Tionól i sé thionscadal Interreg na hEorpa. Mar chuid de gach ceann, tá an Tionól ag obair le páirtithe leasmhara chun pleananna gnímh a chur i bhfeidhm maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Réigiún, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe, nuálaíochta, bonneagar glas agus bonneagar gorm san áireamh.

Lean an Tionól de rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh leis an Rialtas in 2019 ach aiseolas a fháil ar dhréachtmholtaí do bhuiséad AE 2020-27 agus an pacáiste reachtach. Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste molta aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin, cosúil leis an athrú aeráide, nuálaíocht agus iomaíochas agus imirce. Tá na moltaí á gcur le chéile, agus tá dúshláin cosúil leis an mBreatimeacht agus laghdú féideartha ar acmhainní AE á gcur san áireamh.

Tar éis na dtoghchán áitiúil i mBealtaine, bhuail Tionól nua-ainmnithe le chéile den chéad uair in Iúil. Cuirim fáilte roimh na Comhaltaí nua agus na Comhaltaí a bhí ann roimhe, agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo chun an clár oibre réigiúnach a chur ar aghaidh taobh istigh de struchtúir an rialtais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirligh, an Comhairleoir Jason Murphy agus an Comhairleoir Joe Carroll, as a gcuid ama agus saineolais le linn bliain an-ghnóthach.

Cuirim fáilte roimh na baill foirne a chuaigh isteach sa Tionól in 2019 agus glacaim buíochas leo siúd a d'éirigh as a dtiomantas agus díograis. Déanaim comhghairdeas le Derville Brennan as a ceapachán mar Stiúrthóir Cúnta atá freagrach as an Rannóg AE le linn 2019.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Tionóil as a tiomantas do mhéid mór spriocanna a bhaint amach in 2019. Táim ag tnúth leis na dúshláin agus deiseanna atá ann do na Tionóil Réigiúnacha mar gheall ar na róil mhéadaithe ó thaobh leibhéal réigiúnach an rialtais a neartú.

David Kelly
Stiúrthóir

Cúlra

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar cheann de thrí thionól a bunaíodh in Eanáir 2015 faoi Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 chun ionadaíocht a dhéanamh ar na trí réigiún in Éirinn.

Tá sé de shainchúram ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt ionadaíocht a dhéanamh ar Réigiún an Deiscirt in Éirinn agus comhordaíonn sé le Tionól an Oirthir agus Lár Tíre agus Tionól an Tuaiscirt agus an Iarthair mar leibhéal réigiúnach an rialtais.

Tá cumhachtaí ar leibhéal réigiúnach ag na Tionóil Réigiúnacha maidir le pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíochta tríd an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE). Tá ról aige freisin i gcistí struchtúracha an AE a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Is cuid d'earnáil an Rialtais Áitiúil é Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus tá roinnt príomhfheidhmeanna aige, lena n-áirítear:



- Pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe na réigiún a chomhordú, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt léi sin;
- Aidhmeanna beartais áitiúla agus náisiúnta a cheangal trí mheán pleanáil réigiúnach agus an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Éifeachtúlacht sa rialtas áitiúil agus seirbhísí poiblí sa Réigiún a chur chun cinn, in éineacht leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta;
- Forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom a chur chun cinn trí na cláir AE faoi na Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta a bhainistiú, lena n-áirítear Clár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20, éilimh íocaíochta tionscadail a phróiseáil agus páirt a ghlacadh i gcláir éagsúla de chuid Interreg a bhainistiú;
- Tacaíocht a thabhairt don Réigiún trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail arna maoiniú ag an AE maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Tá sé mar aidhm ag an Tionól Réigiúnach naisc a fhorbairt idir pleanáil eacnamaíochta agus spásúlachta agus maoiniú AE ar mhaithe le Réigiún an Deiscirt.

pleanáil spásúil agus forbairt eacnamaíochta	cistiú Forbartha Réigiúnach Eorpach a bhainistiú	cur i bhfeidhm forbartha agus cur chun cinn beartas agus gníomhaíochtaí forbartha réigiúnacha	feidhmiú mar an pointe teagmhála do chláir thrasnáisiúnta arna gcistiú ag an AE	comhordaíonn an Tionól seo gníomhaíochaí chun tacú le héifeachtúlacht i seirbhísí an Rialtais Áitiúil agus pobail

Ceapann údaráis áitiúla Réigiún an Deiscirt 33 Comhairleoir Áitiúil chuig an Tionól Réigiúnach ar feadh téarma 5 bliana – 27 ó na húdaráis áitiúla agus seisear a cheaptar mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún. Buaileann na Comhaltaí Tionóil le chéile gach mí mar leibhéal réigiúnach an rialtais.

Idirghníomhaíonn an Tionól le réimse leathan Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí, údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach agus sa tríú hearnáil chun a ról maidir leis an SRSE a chur i bhfeidhm agus tacaíocht a thabhairt do chláir agus tionscadail AE a chomhlíonadh.

Próifíl Réigiún an Deiscirt

Clúdaíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt naoi gcontae agus 10 n-údarás áitiúla – Cathair agus Contae Chorcaí, an Clár, Ciarraí, Luimneach, Tiobraid Árann, Loch Garman, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Port Láirge.

Clúdaíonn a mhórchríoch 40% den tír ar fad agus tá cónaí ar os cionn trian den daonra náisiúnta anseo.

Cé go bhfuil ceantair láidre uirbeacha sa réigiún – tá trí cheann de na cúig chathair sa tír sa réigiún – is réigiún tuaithe den chuid is mó é. Tá tírdhreach éagsúil sa réigiún, idir bhord farraige an Atlantaigh agus thalamh saibhir torthúil agus ghleannta abhann.

Struchtúr Rialachais

Feidhmíonn an Tionól a bhuí lena 33 Comhalta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chláir agus tionscadail arna maoiniú ag an AE agus leis an bhfeidhm Pleanála Réigiúnaí, i gcomhar le foireann an Tionóil.

Comhaltaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Coiste an Limistéir Pleanála Straitéisí Thoir Theas	Coiste an Limistéir Pleanála Straitéisí Thiar Theas	Coiste Limistéir Pleanála Straitéisí an Iarthair Láir

Struchtúr Foirne

STIÚRTHÓIR

Stiúrthóir Cúnta - Rannóg Clár an AE			Stiúrthóir Cúnta/Pleanálaí Sinsearach - Rannóg Pleanála Réigiúnaí agus Gnóthaí Corparáideacha		
Rialú Céadleibhéil	Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha	Cláir CCE agus Tionscadail AE	Pleanáil Réigiúnach & SRSE	Taighde agus Cumarsáid	Airgeadas Gnóthaí Corparáideacha & AD

Maidir lenár bhFoireann

David Kelly
Stiúrthóir

Kevin Lynch
Stiúrthóirí Cúnta/Pleanálaí Sinsearach

Derville Brennan
Stiúrthóirí Cúnta

Dominic Walsh
Oifigeach Pleanála Réigiúnaí

Robert Fennelly
Oifigeach Pleanála Réigiúnaí

Bryan Riney
Oifigeach Pleanála Réigiúnaí

Sharon Murray
Feidhmeannach Cláir, Airgeadas & AD

Vincent Dunphy
Feidhmeannach Cláir Rialú & Bainistiú Airgeadais

Enda Hogan
Feidhmeannach Cláir Bainistíocht Airgeadais, Monatóireacht & Meastóireacht

Michael Buckley
Iniúchóir

Siobhán Rudden
Oifigeach Sinsearach Foirne

Rita McGarvey*
Pointe Teagmhála Náisiúnta, Interreg Iarthuaisceart na hEorpa
**D'fhág Rita a post agus líonfar an post seo in 2020*

Samantha Richardson
Oifigeach Forbartha Clár Éireann-na Breataine Bige

Breda Curran
Oifigeach Forbartha Clár Éireann-na Breataine Bige

Karen Coughlan
Oifigeach Tionscadal AE

Rose Power
Oifigeach Tionscadal AE

Eve Hayden
Rialaitheoir Céadleibhéil Sinsearach

Marie Harnett
Rialaitheoir Céadleibhéil Sinsearach

Edel Hunt
Rialaitheoir Céadleibhéil Sinsearach Gníomhach

Róisín Kiely
Oifigeach Cúnta Foirne

Yvonne Cooney
Oifigeach Cúnta Foirne Gníomhach

Colm Walsh
Oifigeach Cléireachais

Anna Higgins
Oifigeach Cléireachais

Elaine Gallagher
Oifigeach Cléireachais

Joanne Toomey
Oifigeach Cléireachais

Susan Lee
Oifigeach Cléireachais

An tEolas is Déanaí maidir le

Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Tá 33 Comhairleoir Áitiúil ina gcomhaltaí de Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Ceapann údaráis áitiúla Réigiún an Deiscirt 33 Comhairleoir Áitiúil chuig an Tionól Réigiúnach ar feadh téarma cúig bliana – 27 ó na húdaráis áitiúla agus seisear a cheaptar mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún.

De ghnáth, buaileann na Comhaltaí le chéile ar an dara hAoine den mhí i dTeach an Tionóil i bPort Láirge mar leibhéal réigiúnach an rialtais. Chomh maith leis sin, freastalaíonn comhaltaí ar chruinnithe Choiste an Limistéir Pleanála Straitéisí i ngach ceann de na limistéir (Thiar Theas, Thoir Theas agus an tIarthar Láir).

Cruinniú Thionól Réigiúnach an Deiscirt, 10 Bealtaine 2019

Cruinnithe in 2019

Bliain ghnóthach ab ea í do na Comhaltaí. Cuireadh 10 gcruinniú ar siúl agus b'ionann an meánráta freastail agus 59%. I measc bhuaicphointí na bliana, d'aontaigh na Comhaltaí an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt a dhéanamh ag cruinniú an 29 Samhain tar éis plé cuimsitheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus an pobal. Labhair cainteoirí éagsúla leis an Tionól le linn na bliana maidir le réimse ábhar a bhaineann leis an Réigiún. Tá miontuairiscí chruinnithe an Tionóil in 2019 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Tionóil.

11 Eanáir	Thomas Ryan, Coiste Comhshaoil Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (FAÉ) - Bearta Maolaithe ar an Athrú Aeráide atá á nglacadh ag FAÉ
8 Feabhra	Paddy Phelan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin 3 Counties Energy Agency
6 Márta	Michael McGrath, Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An tEolas is Déanaí maidir le hidirbheartaíocht AE iar-2020
26 Aibreán	Cur i láthair ar Thuarascáil Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis an SRSE Dréachta
10 Bealtaine	Breithniú ar an Tuarascáil Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis an SRSE Dréachta
12 Iúil	Cruinniú Cinn Bhliana – Cathaoirleach a thoghadh
13 Meán Fómhair	John Moran, Cathaoirleach na Gníomhaireachta Forbartha Talún
11 Deireadh Fómhair	Niall Cussen, Rialálaí Pleanála, Oifig an Rialálaí Pleanála
8 Samhain	SRSE – Seimineár maidir le Comhaltaí nua agus cur i láthair ar an Tuarascáil Stiúrthóra
29 Samhain	Breithniú an Tuarascála Stiúrthóra ar Aighneachtaí ar na Leasuithe Ábhartha Beartaithe ar an SRSE Dréachta

Cathaoirligh & Leas-Chathaoirligh 2019

CATHAOIRLIGH 2019	LEAS-CATHAOIRLIGH 2019
Eanáir go dtí Iúil	Eanáir go dtí Iúil
An Comhairleoir Jason Murphy	An Comhairleoir Oliver Walsh
Iúil go dtí Nollaig	Iúil go dtí Nollaig
An Comhairleoir Joe Carroll	An Comhairleoir John Brennan

Comhaltas Thionól Réigiúnach an Deiscirt

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mBealtaine 2019, d'ainmnigh na 10 n-údarás áitiúla i Réigiúin an Deiscirt 27 Comhalta chuig an Tionól Réigiúnach do théarma cúig bliana nua. Ceaptar sé Chomhalta eile chuig an Tionól mar gheall go n-ainmníonn an Rialtas iad chuig Coiste na Réigiún. I Samhain, d'fhógair an Rialtas ceapacháin nua agus thosaigh na daoine ceaptha ina bpoist nua in 2020.

COMHAIRLEOIR	ÚDARÁIS ÁITIÚIL
An Comhairleoir Ken Murnane	Comhairle Contae Cheatharlach
An Comhairleoir Thomas Kinsella	Comhairle Contae Cheatharlach
An Comhairleoir William Patton	Comhairle Contae Cheatharlach *(Comhalta Malartach de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir PJ Kelly	Comhairle Contae an Chláir
An Comhairleoir Alan O'Callaghan	Comhairle Contae an Chláir
An Comhairleoir Shane O'Callaghan	Comhairle Chathair Chorcaí
An Comhairleoir Deirdre Forde	Comhairle Cathrach Chorcaí *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Kieran McCarthy	Comhairle Cathrach Chorcaí *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Terry Shannon	Comhairle Chathair Chorcaí
An Comhairleoir Joe Carroll	Comhairle Contae Chorcaí *(Cathaoirleach)*
An Comhairleoir Seán O'Connor	Comhairle Contae Chorcaí
An Comhairleoir Deirdre O'Brien	Comhairle Contae Chorcaí
An Comhairleoir Gerard Murphy	Comhairle Contae Chorcaí
An Comhairleoir Gillian Coughlan	Comhairle Contae Chorcaí
An Comhairleoir Robert Beasley	Comhairle Contae Chiarraí
An Comhairleoir Michael O'Shea	Comhairle Contae Chiarraí
An Comhairleoir Séamus Cosaí Fitzgerald	Comhairle Contae Chiarraí
An Comhairleoir John Brennan	Comhairle Contae Chill Chainnigh *(Leas-Chathaoirleach)*
An Comhairleoir Andrew McGuinness	Comhairle Contae Chill Chainnigh
An Comhairleoir Frankie Daly	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
An Comhairleoir Michael Collins	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
An Comhairleoir John Sheahan	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
An Comhairleoir Noel Coonan	Comhairle Contae Thiobraid Árann
An Comhairleoir Siobhán Ambrose	Comhairle Contae Thiobraid Árann
An Comhairleoir Michael O'Meara	Comhairle Contae Thiobraid Árann
An Comhairleoir Hughie McGrath	Comhairle Contae Thiobraid Árann *(Comhalta Malartach de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Michael Murphy	Comhairle Contae Thiobraid Árann *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Conor D. McGuinness	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Comhairleoir Declan Clune	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Comhairleoir Thomas Phelan	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
An Comhairleoir Maura Bell	Comhairle Contae Loch Garman
An Comhairleoir Oliver Walsh	Comhairle Contae Loch Garman
An Comhairleoir Pip Breen	Comhairle Contae Loch Garman

Miondealú Ar Inscne 2020



Miondealú Ar Pháirtithe Polaitíochta 2020



Comhdhálacha agus Seimineáir ar Freastalaíodh Orthu in 2019

Rinne ár gComhaltaí ionadaíocht ar an Tionóil Réigiúnach ag na comhdhálacha agus seimineáir seo a leanas in 2019.

Imeacht	Áit	Líon Comhaltaí
Dreasachtaí Fostaíochta do FBManna & Seimineár Oibrithe Trasteorann	Dún Dealgan	1
Comhdháil maidir le Deiseanna Eacnamaíochta & Gnó a Chruthú leis an Athrú Aeráide	Tulach Mhór	5
Ceardlann Páirtithe Leasmhara chun Anailís SWOT a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta	Tulach Mhór	1
Comhdháil bhliantúil trasteorann Ionad Staidéir Trasteorann	Dún Dealgan	1
Comhdháil Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste	Baile Átha Cliath	4
Ionadaí ó Thionscadal Forbartha Tuaithe - Coiste Monatóireachta	Cill Droichid	1
Bagairtí ag teacht chun cinn & Dúshláin Chaomhnaithe Sheasmhacha roimh Bhithéagsúlacht Fionnuisce	Cloich na Coillte	2

Cumann Réigiúin na hÉireann

Is é Cumann Réigiúin na hÉireann an eagraíocht ionadaíoch náisiúnta do na trí Thionól Réigiúnacha in Éirinn. Is iad a chuspóirí: dearcadh comhchoiteann a chomhaltais a chur in iúl maidir le hábhair a bhaineann lena bhunreacht agus na feidhmeanna as a bhfuil freagracht reachtúil acu; comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta, ábhair a bhaineann le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom san áireamh. Tá sé mar aidhm aige freisin éascaíocht a dhéanamh ar mhalartú faisnéise agus taithí idir a chomhaltaí, lena n-áirítear cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a eagrú agus foilseacháin a chur le chéile chun an cuspóir go bhfeabhsófar caighdeán na seirbhíse, a chuireann comhaltaí ar fáil dá n-údaráis agus don phobal, a chur ar aghaidh. Tá na Cathaoirligh, na hiar-Chathaoirligh is déanaí a bhí ann agus Stiúrthóir na dtrí Thionól Réigiúnacha ar an gCumann.

Gníomhaíochtaí Corparáideacha

Ba bhliain an-ghnóthach do Thionól Réigiúnach an Deiscirt í 2019. Is iontach go deo a bhfuil bainte amach thar ár gcláir agus tionscadail AE agus maidir le pleanáil réigiúnach.

Cathaoirligh a Thoghadh

Toghadh an Comhairleoir Jason Murphy ina Chathaoirleach ar feadh téarma sé mhí ag Comhaltaí an Tionóil ag an gcruinniú in Eanáir. D'ainmnigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Comhairleoir Murphy. Is ionadaí tofa de chuid Fhianna Fáil é an Comhairleoir Murphy.

(clé-deas) *Cathaoirleach An Comhairleoir Jason Murphy, An Cathaoirleach ag dul as oifig An Comhairleoir Séamus Cosaí Fitzgerald agus David Kelly, Stiúrthóir*

Tháinig an Comhairleoir Joe Carroll in ionad an Chomhairleora Murphy ag an gCruinniú Cinn Bhliana an 12 Iúil ar feadh téarma 12 mhí. Déanann an Comhairleoir Carroll ionadaíocht ar Chomhairle Contae Chorcaí ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Tá an Comhairleoir Carroll ina bhall d'Fhianna Fáil.

(clé-deas) *An Leas-Chathaoirleach ag dul as oifig, an Comhairleoir Oliver Walsh, Cathaoirleach, an Comhairleoir Joe Carroll, agus David Kelly, Stiúrthóir*

Cruinniú Cinn Bhliana 2019

Bhí an Cruinniú Cinn Bhliana ar siúl an 12 Iúil i bPort Láirge. Toghadh an Comhairleoir Joe Carroll ina Chathaoirleach ar feadh téarma 12 mhí. Ba é sin an chéad chruinniú den Tionól nua ó reáchtáladh na toghcháin áitiúla i mBealtaine agus chuireamar fáilte roimh na Comhaltaí nua-ainmnithe agus na Comhaltaí a bhí ann.

An Cathaoirleach an Comhairleoir Joe Carroll, na Comhaltaí agus baill foirne ag an gCruinniú Cinn Bhliana in Iúil.

David Kelly, Stiúrthóir, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Joe Carroll, agus Bryan Riney, Pleanálaí Réigiúnach ag an gCruinniú Cinn Bhliana in Iúil.

Seachtain AE na Réigiún agus na gCathrach 2019

I measc na mbuaicphointí in 2019, tugadh comhthoscaireacht Comhaltaí ó na trí Thionól Réigiúnacha chuig an mBruiséil le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i nDeireadh Fómhair. Mar chuid den chúrsa taistil, bhí cruinniú leis an gCoimisinéir Trádála, Phil Hogan, a chuir an t-eolas is déanaí ar fáil do Chomhaltaí maidir le hidirbheartaíocht trádála an Bhreatimeachta idir an AE/RA. Fuair an toscaireacht faisnéis oifigiúil faoin mBreatimeacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus cuireadh cruinniú ar siúl le Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa ag Parlaimint na hEorpa. Bhain an toscaireacht úsáid as an deis sin chun dearcthaí comhchoiteanna údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÉireann a chur chun cinn. Bhí ríméad ar Chomhaltaí freisin freastal ar an seoladh foirmiúil de Ghaillimh 2020.

An toscaireacht ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i nDeireadh Fómhair.

(clé-deas) *An Comhairleoir Ken Murnane, an Comhairleoir Thomás Phelan, Seán Kelly FPE, an Cathaoirleach an Comhairleoir Joe Carroll agus an Comhairleoir William Patton ag freastal ar chruinnithe ag Parlaimint na hEorpa i nDeireadh Fómhair.*

An chomhthoscaireacht ó na trí Thionól Réigiúnacha ag freastal ar chruinnithe le FPEanna ag Parlaimint na hEorpa.

Lá na hEorpa 2019

Lá suáilceach le comóradh a dhéanamh ar gach a mbaineann leis an Eoraip a bhí i Lá na hEorpa 2019. D'eagraigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Oifig Europe Direct i bPort Láirge Lá an t-imeacht. Is dáta tábhachtach é a dhéanann comóradh ar shíocháin agus aontacht ar fud na hEorpa.

Breda Curran, Yvonne O'Brien & Samantha Richardson, Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Méara Phort Láirge, an Comhairleoir John O'Leary, Sinead O'Higgins, Oifig Direct Office i bPort Láirge, Derville Brennan, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Cathaoirleach an Comhairleoir Jason Murphy.

Ceapacháin Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí Cúnta

Bhí lúcháir ar an Tionól Réigiúnach fáilte a chur roimh Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta nuacheaptha in 2019.

Ceapadh David Kelly ina Stiúrthóir i Meitheamh tar éis dó tréimhse 11 bhliain a chaitheamh ag an Tionól mar Stiúrthóir Cúnta. Tá an-chuid taithí aige a oireann don ról nua, lena n-áirítear cláir éagsúla arna maoiniú ag an AE a bhainistiú agus páirt a ghlacadh sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a fhorbairt.

Ceapadh Derville Brennan ina Stiúrthóir Cúnta atá freagrach as Rannóg Clár an AE i Nollaig. Bhí Derville freagrach as Cumarsáid & Taighde ag an Tionól, lenar áiríodh cláir réigiúnacha éagsúla, agus bhí páirt aici sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a fhorbairt.

(clé-deas) *David Kelly, Stiúrthóir, Tim Hayes, Ionadaí an Choimisiúin, Derville Brennan, Stiúrthóir Cúnta, Gerry Kiely, Ceannasaí Ionadaíocht an Choimisiúin, an Cathaoirleach an Comhairleoir Jason Murphy i mBealtaine.*

Ceapacháin agus Imeacht Foirne in 2019

Chuireamar fáilte freisin roimh cheapachán Colm Walsh don fhoireann Airgeadais agus Anna Higgins d'fhoireann an Chláir Réigiúnaigh in 2019. D'fhágamar slán ag trí bhall foirne in 2019 – Evans Oranja a d'oibrigh ar an bhfoireann Airgeadais, Joanne Twomey a d'oibrigh ar an bhfoireann Pleanála Réigiúnaí agus Susan Lee a d'oibrigh ar fhoireann an Chláir Réigiúnaigh. Guímid gach rath orthu amach anseo!

Buaicphointí in 2019

Cuireadh na naoi n-imeacht Comhairliúchán Pobail maidir leis an SRSE Dréachta ar siúl i **bhFeabhra**

Sa phictiúr: An t-imeacht i gCorcaigh

D'óstálamar cruinniú Choiste Monatóireachta Chlár an Deiscirt agus an Oirthir ag an Tionól i **mBealtaine**

Reáchtáladh cruinniú Choiste Monatóireachta Chlár Éireann-na Breataine Bige sa Bhreatain Bheag – **Bealtaine**

Rob Fennelly ag glacadh páirte i dturas rothar timpeall Leipzig in éineacht leis an Ard-Mhéara le linn an Fhóraim Idirnáisiúnta Iompair i **mBealtaine**.

Buaicphointí in 2019

Bhí lúcháir orainn cruinniú comhpháirtithe an tionscadail FIRESPOL ag an Tionól in **Iúil**

Rinne an Leas-Chathaoirleach an Comhairleoir John Brennan ionadaíocht ar an Tionól ag seoladh oifigiúil na n-oibreacha sa Cheathrú Grúdlainne, Cill Chainnigh, a fuair maoiniú i bpáirt ó Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir – **Iúil**

Rannpháirtithe san imeacht 'Race Against Rob' i gCorcaigh a d'úsáid gach cineál iompair ísealcharbóin chun teacht suas le Rob Heffernan i **Meán Fómhair**, imeacht a d'eagraigh an tionscadal MATCH UP

Cathaoirleach an Comhairleoir Joe Carroll agus Ard-Mhéara Chorcaí, an Comhairleoir John Sheehan ag seoladh oifigiúil Dhroichead Mary Elmes i gCorcaigh i **Meán Fómhair**

Buaicphointí in 2019

Bhí na CistÍ Comhtháthaithe – ERDF, ESF & EMFFF – ann go tiubh chun labhairt faoi gach rud bainteach leis an AE ag an gComórtas Treabhadóireachta i mí **Mheán Fómhair**

Ghlac an tionscadal MARIE páirt sa Chruinniú Mullaigh na Nuálaíochta Freagraí dá imeacht deiridh, Baile Átha Cliath – **Deireadh Fómhair**

Foireann an Tionóil ag ceardlann chun ullmhúchán a dhéanamh don phlean corparáideach 2020-24 i bhFáithling – **Deireadh Fómhair**

Chaith foireann an Tionóil dearg chun cabhrú le Cumann Naomh Uinseann de Pól i **Nollaig**

7

An tEolas is Déanaí faoin bPlean Corparáideach {2019}

Seoladh an Plean Corparáideach do Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag a chruinniú cinn bhliana in Iúil 2016. Leagtar amach ann conas a thabharfaidh an Tionól aghaidh ar réimse feidhmeanna agus freagrachtaí a thugtar dó agus conas a chuirfidh an Tionól i gcrích iad. Bunaíodh an Tionól mar gheall ar pháipéar beartais "Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine" agus an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, a achtaíodh ina dhiaidh sin. Aithnítear cuspóirí sonracha an Tionóil don tréimhse 2014-19 sa Phlean agus leagtar amach ann conas a chomhlíontar a fheidhmeanna reachtúla.

Cuspóirí Corparáideacha

Seirbhís do Chustaiméirí

Seirbhís fhreagrúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir – an pobal, baill foirne, ranna – ach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cultúr a chothú a thugann tús áite do riachtanais ár gcustaiméirí;
- Áiseanna oifige poiblí níos fearr a chur ar fáil;
- Clár oiliúna maidir le feasacht ar chúram custaiméara a fhorbairt d'fhoireann an Tionóil agus timpeallacht oibre shásúil agus spreagúil a fhorbairt;
- Faisnéis thráthúil atá áisiúil don úsáideoir agus a oireann do riachtanais ár gcustaiméirí a chur ar fáil, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin a fhorbairt a thuilleadh;
- Dul i mbun plé le gníomhaireachtaí ábhartha chun soláthar seirbhísí a chomhordú ar fud an Réigiúin;
- Gach glao gutháin a fhreagairt ar bhealach pras, cúirtéiseach, cruinn, iontaofa agus éifeachtúil.

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Obair a dhéanamh chun próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta atá ionchuimsitheach agus oiriúnach a fhorbairt ach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An méid is mó comhordaithe idir gníomhaireachtaí a chur chun cinn le héascaíocht a dhéanamh ar shineirge, fadhbanna a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar fud an Réigiúin;
- Oiliúint shonrach a chur ar fáil don fhoireann ar fad chun go mbeidh sí ábalta tabhairt faoi chomhairliúchán éifeachtach;
- Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith éascaíocht a dhéanamh ar chomhairliúchán maidir le forbairt beartais, pleananna agus moltaí.

Cumarsáid/Faisnéis/Caidreamh Poiblí

Feabhas a chur ar chumarsáid agus faisnéis go hinmheánach agus go seachtrach agus, ar an mbealach sin, feabhas a chur ar thuairimí faoi ról na heagraíochta ach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feasacht an phobail ar ról an Tionóil Réigiúnaigh a ardú agus méadú a chur ar thuiscint an phobail i gcoitinne dá ról;
- Oibriú go réamhghníomhach leis na meáin;
- Ár straitéis caidrimh phoiblí a fhorbairt;
- Oiliúint maidir le scileanna cumarsáide a chur ar fáil don fhoireann agus do chomhaltaí tofa más gá;
- Suíomh gréasáin an Tionóil a fhorbairt a thuilleadh.

Ár bhFoireann

Spreagadh a thabhairt d'fhoireann an Tionóil Réigiúnaigh chun go mbeidís a éifeachtúla agus is féidir ó thaobh na cuspóirí corparáideacha a bhaint amach:

- Timpeallacht oibre atá dúshlánach agus tairbheach a chur ar fáil, timpeallacht ina bhfuil meas ar gach duine;
- Feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí feidhmíochta, bunaithe ar mheasúnuithe pleanáilte maidir le riachtanais oiliúna, agus béim a leagan ar chúram custaiméara, cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise, scileanna bainistíochta, seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, feidhmíocht oibre, líonrú, ceannaireacht agus spreagadh;
- Áiseanna a chur ar fáil a ndéantar cothabháil orthu ar chaighdeán oiriúnach;
- Infheistíocht in oiliúint agus cláir forbartha foirne a mhéadú go dtí gurb ionann í agus 3% de chostais phárolla;
- Cruinnithe foirne rialta a reáchtáil ina bhfuil gach leibhéal foirne páirteach;
- Tacaíocht a thabhairt don chlár cúnaimh d'fhostaithe agus do chomhoibriú maidir le sláinte, sábháilteacht agus leas foirne;
- Feabhas a chur ar chumarsáid leis an bhfoireann agus an fhoireann a spreagadh moltaí a dhéanamh;
- Measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna measúnú feidhmíochta na bhfoirne;
- Cur chuige réamhghníomhach a choinneáil i leith beartais atá oiriúnach do theaghlaigh a chur i bhfeidhm.

Plean Corparáideach – An tEolas is Déanaí 2019

Cuspóir Corparáideach 1: Forbairt agus pleanáil gheilleagrach inbhuanaithe a chur chun cinn i Réigiún an Deiscirt

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Eolas is Déanaí 2019
1.1	Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta a ullmhú do Réigiún an Deiscirt	Páirt a ghlacadh i gCoiste Stiúrtha Náisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar an SRSE agus próisis Creat Pleanála Náisiúnta ar aon dul le hOrdacháin ón Aire	Rannpháirtíocht ar siúl le RTPRA
		Gníomhaíochtaí Choistí na Limistéar Pleanála Straitéisí a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, páirt a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara agus Grúpaí Oibre Teicniúla a bhunú do gach Limistéar Pleanála Straitéisí	Déanta mar ghné riachtanach de chur i gcrích na SRSE in 2019
		Maoirseacht a dhéanamh ar pháipéir saincheiste a ullmhú ar aon dul le spriocanna daonra agus le hanailís ar riachtanais forbartha, easnaimh sa bhonneagar agus poitéinseal	Críochnaithe
		Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a dhéanamh (agus Measúnachtaí Cuí, más gá) agus Measúnuithe i gCás Tuile a chomhtháthú, mar chuid de phróisis SRSE	Measúnachtaí críochnaithe maidir le Leasuithe Ábhartha & SRSE á tabhairt chun críche
		Dul i mbun plé le gníomhaireachtaí eacnamaíochta straitéis gheilleagrach réigiúnach a shainiú agus tosaíochtaí infheistíochta a aithint	Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara déanta, próisis chomhairliúcháin don SRSE Dréachta agus Leasuithe Ábhartha san áireamh
		Dréacht den Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a ullmhú le haghaidh comhairliúchán pobail agus lena hathbhreithniú ag Coistí LPS agus ag an Tionól Réigiúnach	Críochnaithe
		Straitéis Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta a chríochnú agus a sheoladh	Aontaithe ag cruinniú na Samhna lena fhoilsiú in Eanáir 2020
		Creat feidhmithe agus monatóireachta don SRSE a chur ar bun	Ó 2020 ar aghaidh

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Eolas is Déanaí 2019
1.2	Feidhmiú éifeachtach na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí a áirithiú	Socruithe a chur ar bun maidir le hathbhreithnithe reachtúla leanúnacha ar Phleananna Forbartha Contae réamh-dhréachta agus dréachta agus ar leasuithe orthu	Ar siúl
		Aighneachtaí/tuairimí a chur isteach maidir le Pleananna Forbartha, Criosanna Forbartha Straitéisí, moltaí forbartha suntasacha eile agus Ordacháin dréachta ón Aire	Ar siúl
		Dul i mbun plé le Líonra na bPleanálaithe Réigiúnacha (LPR) maidir le Pleananna Oibre Bliantúla a ullmhú agus a chur i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus torthaí	Curtha ar bun
1.3	Tacú le forbairt na bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEPanna)	Socruithe comhaontaithe a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar PÁEPanna dréachta le RCPRÁ, Tionóil Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla	Críochnaithe
		Maoirseacht a dhéanamh ar ráitis shocheacnamaíocha dréachta agus ar PÁEPanna dréachta arna n-ullmhú ag na hÚdaráis Áitiúla	Críochnaithe
1.4	Fóraim Réigiúnacha Eacnamaíocha do Réigiún an Deiscirt a chur ar bun	Dul i mbun plé le húdaráis áitiúla chun Fóraim Réigiúnacha Eacnamaíocha do Réigiún an Deiscirt a bhunú	Obair déanta trí mheán cainéil éagsúla
		Clár oibre a aontú chun go gcuirfeadh gach Fóram Eacnamaíoch isteach sna próisis Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta	Obair déanta trí mheán cainéil éagsúla
1.5	Foilsiú Páipéir Beartais agus Taighde a Dhréachtú, a Choimisiúnú agus a Bhainistiú chun Riachtanais Limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt	Aighneachtaí beartais a ullmhú thar ceann an Tionóil mar fhreagairt ar na comhairliúcháin phoiblí ábhartha ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus faisnéisithe beartais a ullmhú do chruinnithe le hAirí agus Oifigigh Roinne	Ar siúl
		Monatóireacht a dhéanamh ar bheartais náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus	Ar siúl
		Freagairtí oiriúnacha a fhorbairt chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna a imríonn tionchar ar an Réigiún	Ar siúl
		Forbairt na Féiniúlachta Réigiúnaí a chothú agus a chur chun cinn	Ar siúl
		Cuir i láthair a dhéanamh thar ceann an Tionóil Réigiúnaigh d'eagraíochtaí beartais ábhartha agus ag cruinnithe oiriúnacha na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha	Ar siúl
		Tacaíocht a thabhairt d'obair Choiste na Réigiún agus ionchur réigiúnach a sholáthar i ndearcthaí agus tuairimí Choiste na Réigiún maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an réigiún	Ar siúl
1.6	Aighneachtaí a dhéanamh maidir le saincheisteanna pleanáil spásúlachta a bhaineann leis an réigiún	Aighneachtaí a dhéanamh, más cuí, i bpróisis náisiúnta pleanála straitéisí agus athbhreithnithe beartais chun go mbeidís ag teacht le cuspóirí Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha/SRSE	Ar siúl
		Aighneachtaí a dhéanamh maidir le straitéisí áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear Straitéisí Fiontair Réigiúnacha agus scileanna Réigiúnacha	Ar siúl

Cuspóir Corparáideach 2: Cláir Réigiúnacha agus Idir-Réigiúnacha AE a Bhainistiú ar Bhealach Éifeachtach

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
2.1	Deireadh Clár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007-13 a bhainistiú	Gach deimhniú agus dearbhú le haghaidh bearta cómhaoinithe a chur i gcrích	Críochnaithe
		Anailís ar gach tionscadal a ghineann ioncam a chur i gcrích	Críochnaithe
		Éascaíocht a dhéanamh ar iniúchtaí deiridh an Chláir Oibriúcháin Réigiúnaigh 2007-13 agus coigeartuithe deiridh a dhéanamh orthu	Críochnaithe
		Tuarascáil Feidhmithe Deiridh agus an liosta tionscadal a chríochnú agus a chur Isteach	Curtha isteach
		Comhoibriú le meastóireachtaí ex post a choimisiúnaíonn Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh	Ar siúl
2.2	Maoirsiú a dhéanamh ar Mhaoirseacht agus Meastóireacht Chlár Oibriúcháin Réigiúnach (COR) an Deiscirt agus an Oirthir 2014-2020	Córas Teicneolaíocht Faisnéise a chur ar bun chun sonraí digiteacha a thaifeadadh agus a stóráil, sonraí a bhaineann le gach oibriú atá riachtanach le haghaidh monatóireachta, meastóireachta, bainistíocht airgeadais, fíorúcháin agus iniúchta	Críochnaithe
		Plean Meastóireachta do COR an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 a ullmhú	Críochnaithe
		Oiliúint agus comhairle a chur ar fáil do Chomhlachtaí agus Tairbhithe Idirmheánacha maidir le húsáid an chórais TF	Ar siúl
		Cruinniú amháin den Choiste Monatóireachta in aghaidh na bliana a reáchtáil, agus na tuarascálacha agus doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad a bheith ar fáil dó	Curtha i gcrích in 2019
		Tuarascáil Feidhmithe Bhliantúil a ullmhú agus a chur isteach roimh dheireadh Bhealtaine gach bliain maidir le COR an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20	Curtha i gcrích in 2019
		Meastóireacht mheántéarma do COR an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 a dhéanamh	Críochnaithe
		Faisnéis a chur ar fáil do na meastóireachtaí a choimisiúnaíonn Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh maidir le feidhmiú agus éifeachtúlacht Beartas Comhtháthaithe an AE	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh i gcruinnithe bliantúla athbhreithnithe le hArd-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh	Curtha i gcrích in 2019
		Páirt a ghlacadh sa chruinniú bliantúil de Choiste Comhordúcháin Náisiúnta na gCistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta	Ar siúl
		Tuairiscí ar an dul chun cinn a chur ar fáil do Choiste Monatóireachta an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta	Curtha i gcrích in 2019
		Innéacs na dTairseach agus Mol a Nuashonrú	Níl aon nuashonrú mar gheall ar an athrú ó SSN go Creat Pleanála Náisiúnta
2.3	Bainistíocht airgeadais agus rialú éifeachtach Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-2020 a áirithiú	Córas a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir an fhaisnéis ar fad a aistrítear idir Tairbhithe agus údaráis chláir eile a aistriú trí mheán malartú sonraí leictreonacha	Ar siúl
		Tabhairt faoi mheasúnú riosca calaoise le Comhlachtaí Idirmheánacha maidir le scéimeanna cómhaoinithe agus bearta frithchalaoise atá éifeachtach agus comhréireach a chur ar bun bunaithe ar na rioscaí a aithníodh, agus athbhreithniú a dhéanamh dhá uair sa bhliain	Ar siúl

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
		Seicliosta fíorúcháin caighdeánach a ullmhú lena úsáid ag gach Comhlacht Idirmheánach	Críochnaithe
		Cur síos a dhéanamh ar na córais atá i bhfeidhm chun scéimeanna cómhaoinithe a bhainistiú agus a rialú i gcomhar le Comhlachtaí Idirmheánacha	Críochnaithe
		Comhaontú Riaracháin a chur i gcrích le gach Comhlacht Idirmheánach	Críochnaithe
		Tacú le hobair an Údaráis Iniúchta Inmheánaigh maidir le measúnú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe agus maidir le húdaráis a ainmniú	Ar siúl
		Oiliúint agus comhairle a chur ar fáil do gach Comhlacht Inmheánach maidir le bainistíocht agus rialú airgeadais, fíorúchán, soláthar poiblí, faisnéis agus cumarsáid, agus incháilitheacht	Ar siúl
		Dearbhuithe caiteachais a chur faoi bhráid Údarás Deimhniúcháin Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	Ar siúl
		Éascaíocht a dhéanamh ar iniúchtaí córas agus oibriúchán a dhéanann Údarás Iniúchta CFRE agus freagairtí a chur le chéile i gcomhar le Comhlachtaí Idirmheánacha	Ar siúl
		An dearbhú bainistíochta agus an achoimre bhliantúil don Chlár Oibriúcháin Réigiúnach 2014-2020 a chur le chéile	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Feidhmithe maidir le Cistí CSIE, a ndéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cathaoirleacht orthu	Ar siúl
		Réamhaisnéisí bliantúla a chur ar fáil maidir le híostarraingtí CFRE a chur faoi bhráid Údarás Deimhniúcháin CFRE	Ar siúl
		An tosaíocht Cúnamh Teicniúil a bhainistiú maidir le hullmhúchán, breithmheas agus monatóireacht na n-oibriúchán, comhordú na poiblíochta don Phlean Oibriúcháin, rialú airgeadais, meastóireacht agus iniúchtaí	Ar siúl
2.4	Feasacht an phobail agus trédhearcacht maidir leis an gclár Oibriúcháin a mhéadú	An Straitéis Cumarsáide a ullmhú agus cead a iarraidh do Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-2020	Críochnaithe
		An t-eolas is déanaí maidir leis an gClár Oibriúcháin agus na rialacháin agus treoirlínte ábhartha go léir a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt	Ar siúl
		Gníomhaíocht faisnéise bhliantúil mhór a eagrú chun éachtaí an Chláir Oibriúcháin a scaipeadh	Críochnaithe in 2019
		Faisnéis agus treoir agus oiliúint chumarsáide a chur ar fáil do Chomhlachtaí Idirmheánacha agus Tairbhithe	Ar siúl
		Liosta oibriúchán a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt gach 6 mhí	Nuashonraithe 3 huaire in 2019
		Maoirseacht a dhéanamh ar Chomhlachtaí Inmheánacha agus Tairbhithe trí na Treoirlínte maidir le Faisnéise agus Cumarsáid agus lógónna a úsáid i gceart	Ar siúl
		Suirbhé maidir le feasacht an phobail ar an gClár Oibriúcháin a choimisiúnú, i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Deiscirt	Ar siúl
		An t-eolas is déanaí maidir le gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus maidir le gníomhaíochtaí pleanáilte a chur ar fáil do Choiste Monatóireachta an Chláir Oibriúcháin uair amháin sa bhliain	Curtha i gcrích in 2019

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
		Éascaíocht a dhéanamh ar chuairteanna staidéir ar an réigiún ó stáit eile	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh i Líonra INFORM an AE chun deachleachtas a mhalartú i gcur chun cinn Bheartas Comhtháthaithe an AE	Ar siúl
2.5	Ciste Tairseacha agus Moil an CFRE 2014-2020 a Bhainistiú	Glao ar thograí a ullmhú agus a sheoladh i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha don Scéim	Críochnaithe
		Measúnú a dhéanamh ar na tograí a faightear agus comhaontuithe deontais a eisiúint do na tionscadail a roghnaíodh	Críochnaithe
		Fíoruithe bainistíochta a dhéanamh ar gach dearbhú caiteachais agus iad a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil	Ar siúl
		Tuairiscí ar dhul chun cinn a ullmhú do Choiste Monatóireachta an Chláir Oibriúcháin ar Scéim Chiste Tairseacha an CFRE	Ar siúl
		A bhfuil bainte amach ag an Scéim CFRE a phoibliú	Ar siúl
2.6	Deireadh Interreg IV A, Clár Oibriúcháin Éireann-na Breataine Bige 2007-13, a bhainistiú	Rialú Céadleibhéil a chríochnú ar gach tionscadal fágtha	Críochnaithe
		Seiceáil maidir le gach éileamh a chur i gcrích agus íocaíochtaí deiridh a dhéanamh le Tionscadail	Críochnaithe
		Cuairteanna dúnta tionscadail ar an láthair atá fágtha a chríochnú	Críochnaithe
		Cuir Éileamh Eatramhach Deiridh faoi bhráid an Choimisiúin	Críochnaithe
		Iniúchtaí deiridh do Chlár Oibríochta Éireann-na Breataine Bige 2007-13 a éascú agus coigeartuithe deiridh a dhéanamh	Críochnaithe
		Tuarascáil Feidhmithe Deiridh agus an liosta tionscadal a chríochnú agus a chur isteach	Curtha isteach in 2017
		Comhoibriú le meastóireachtaí ex ante a dhéanann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh	Ar siúl
2.7	Comhoibriú le WEFO mar chomhpháirtithe clár maidir le Interreg VA, an Clár Comhoibrithe Interreg Éireann-na Breataine Bige a sheachadadh	Clár Éireann-na Breataine Bige a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí Éireannacha ar an gclár	Ar siúl
		Measúnú a dhéanamh ar na tograí a faightear agus tacú le hobair an Ghrúpa Theicniúil agus an Choiste Stiúrtha i dtionscadail a roghnú agus a fhaomhadh	Ar siúl
		Tabhairt faoi Rialú Céadleibhéil ar dhearbhuithe caiteachais do Comhpháirtithe Éireannacha	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh mar bhall den Choiste Monatóireachta	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh mar bhall den Choiste Stiúrtha	Ar siúl
2.8	Monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na gclár AE sa Réigiún	Ionadaíocht a dhéanamh ar an réigiún ach páirt a ghlacadh ar na Coistí Monatóireachta seo a leanas do Chláir arna Maoiniú ag an AE: • Comhaontú Comhpháirtíochta; • Clár Forbartha Tuaithe; • Clár Chiste Sóisialta na hEorpa; • An Ciste Eorpach Iascaigh; • Clár Éireann-na Breataine Bige; • Clár EPSON; • Clár Trasnáisiúnta Iarthuaiscirt na hEorpa; • Clár Interreg na hEorpa.	Ar siúl

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
2.9	Feidhmeanna maidir le Pointe Teagmhála Náisiúnta agus Rialú Chéadleibhéil do Chláir INTERREG a chomhlíonadh	Na cláir Interreg Iarthuaisceart na hEorpa & Interreg na hEorpa a chur chun cinn agus tacaíocht a chur ar fáil do chomhpháirtithe tionscadal Éireannacha agus iad ag cur isteach ar an gclár	Ar siúl
		Seiceálacha rialaithe céadleibhéal a dhéanamh ar gach dearbhú caiteachais ag comhpháirtithe Éireannacha agus príomhchomhpháirtithe as Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in Interreg Iarthuaisceart na hEorpa, an Clár um Imeall Thuaidh agus an tArtach, Clár URBACT, Clár Éireann-na Breataine Bige agus Clár Interreg na hEorpa	Ar siúl
2.10	Páirt a ghlacadh i dTionsadail INTERREG an AE	Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe féideartha don Tionól Réigiúnach agus don réigiún agus páirt a ghlacadh mar chomhpháirtí nó phríomhpháirtí más cuí	Sé thionscadal ar siúl
2.11	Cur le Forbairt Beartas Comhtháthaithe an AE	Cur le próisis athbhreithnithe Beartas Comhtháthaithe an AE, lena n-áirítear creat beartais iar-2020	Ar siúl
2.12	Tacú le hobair Oifig Réigiún na hÉireann sa Bhruiséil	Cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí a chomhaontú d'Oifig Réigiún na hÉireann (ORÉ) sa Bhruiséil.	Ar siúl
		Teagmháil a dhéanamh le hionadaí an réigiúin in Oifig Réigiúin na hÉireann (ORÉ) sa Bhruiséil ar bhonn leanúnach	Ar siúl

Cuspóir Corparáideach 3: Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmeanna oibríochta agus rialachais Thionóil Réigiúnach an Deiscirt

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
3.1	Seachadadh Seirbhísí Poiblí a chomhordú	An ról atá ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus riachtanais Réigiún an Deiscirt a mhíniú do Ranna Rialtais, comhlachtaí réigiúnacha, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit	Ar siúl
		Labhairt ag comhdhálacha agus ceardlanna ábhartha maidir le ról agus obair an Tionóil	Ar siúl
		Leanúint le naisc fhoirmiúla le Coiste na Réigiún agus naisc le líonraí réigiúnacha eile an AE a fheabhsú	Ar siúl
		Cúnamh agus tacaíocht beartais a thabhairt do chomhaltaí Choiste na Réigiún de réir mar is gá	Ar siúl
3.2	Tacú le hobair CNMI mar is gá	Tuarascálacha agus staidéir a chur ar fáil don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil nuair a iarrtar é	Ní dhearnadh iarratas in 2019
3.3	Cúrsaí Oibríochta agus feidhmeanna reachtúla a chur i bhfeidhm	Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le cur i bhfeidhm an phróisis athchóirithe réigiúnaigh	Ar siúl
		Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas earcaíochta chun gach post folamh a eascraíonn as athchumrú réigiúnach a líonadh	Críochnaithe
		Aitheantas nua corparáideach, páipéar ceannteidil srl. a fhorbairt.	Críochnaithe
		Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Tionóil Réigiúnaigh a ullmhú agus a fhoilsiú	Ar siúl
		Straitéis Cumarsáide an Tionóil a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí chruinnithe rialta den Ghrúpa Stiúrtha Cumarsáide a chur ar siúl	Ar siúl

Uimh.	Cuspóirí Straitéiseacha	Gníomhartha	Tréimhse ama
		Láithreán gréasáin an Tionóil a uasghrádú agus a uasdátú go rialta chun é a dhéanamh níos tarraingtí agus níos éasca le húsáid	Ar siúl
		Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar a bhaineann sé leis an Tionól a chur i bhfeidhm	Ar siúl
		Ráiteas Sábháilteachta an ionaid oibre a nuashonrú agus é a choinneáil faoi athbhreithniú	Ar siúl
		Anailís Riachtanais Oiliúna a thiomsú agus oiliúint shonrach a chur ar fáil don fhoireann maidir le réimsí riachtanacha	Ar siúl
		Comhoibriú le Tionól an Tuaiscirt & an Iarthair, agus Tionóil Réigiúnach an Oirthir & Lár na Tíre maidir le saincheisteanna oibriúcháin	Ar siúl
		Freagra a thabhairt ar iarrataí um Shaoráil Faisnéise, mar a thagann siad chun cinn, agus leanúint ar aghaidh de bheith rannpháirteach sa líonra Saoráil Faisnéise	Ar siúl
		Leanúint d'iarratais ar fhaisnéis maidir le foinsí maoinithe a fhreagairt	Ar siúl
		Tacaíocht a thabhairt d'ionadaithe ar gach Coiste Monatóireachta seachtrach	Ar siúl
		Ionadaíocht a dhéanamh ar an Tionól ar gach coiste ábhartha	Ar siúl
		Toscaireachtaí agus grúpaí staidéir a thugann cuairt ar an Tionól agus an Réigiún a éascú	Ar siúl
		Áiseanna oifige an Tionóil a bhainistiú agus socrú a dhéanamh maidir le húsáid na n-áiseanna ag comhlachtaí réigiúnacha agus eile	Ar siúl
		Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus buiséid a ullmhú	Ar siúl
		Tacaíocht chuimsitheach riarachán airgeadais a chur ar fáil do gach gníomhaíocht an Tionóil	Ar siúl
		Páirt a ghlacadh i Laethanta Oscailte Choimisiún an AE	Ar siúl
		Comhaontuithe na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm mar a bhaineann siad le Tionól Réigiúnach an Deiscirt	Ar siúl
		Tús a chur le rannpháirtíocht leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	Ar siúl

8

Pleanáil Réigiúnach

RÉAMHRÁ

Tugadh isteach ról láidir do Thionól Réigiúnach an Deiscirt san Ordú fán Acht Rialtais Áitiúil 1991 (Tionóil Réigiúnacha) (Bunú), 2014 i dtaca le pleanáil spásúlachta agus forbairt gheilleagrach Réigiún an Deiscirt.

Feidhmeanna Pleanála Straitéisí an Tionóil Réigiúnaigh

Is é príomhfheidhm pleanála straitéisí an Tionóil Réigiúnaigh ná an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSEanna) a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tá ról maoirseachta ag an Tionól maidir le Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail a ullmhú agus maidir le haighneachtaí reachtúla a ullmhú ar Phleananna Forbartha.

Bliain thábhachtach a bhí ann in 2019. Ag an gcruinniú Tionóil i Samhain, comhaontaíodh go ndéanfaí an SRSE do Réigiún an Deiscirt, agus foilsíodh í an 31 Eanáir 2020.

Cad is SRSE ann?

Beidh athraithe, dúshláin agus deiseanna ann do Réigiún an Deiscirt sa ré atá le teacht. Sa chéad 20 bliain eile, tiocfaidh méadú beagnach 400,000 ar ár ndaonra agus athróidh ár bpróifíl aoise agus ár struchtúir theaghlaigh ó bhonn. Tá athrú domhanda agus forbairtí teicneolaíochta tapa rompu agus beidh tionchar an-mhór ag an athrú aeráide.

Is é atá sa SRSE ná creat straitéiseach 12 bhliain um fhorbairt réigiúnach chun an t-athrú sin a threorú. Bunaíonn sé creat leathan maidir leis an mbealach ar cheart forbairt a dhéanamh ar ár sochaí, timpeallacht, geilleagar agus úsáid na talún. Áirítear leis sin Pleananna Straitéiseacha do Limistéir Cathrach (PSLCanna) do Chorcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge, agus straitéisí dár bpríomhbhailte, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

Díríonn an SRSE den chuid is mó ar thacaíocht a thabhairt do sholáthar an chláir athraithe atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040, an Creat Pleanála Náisiúnta (CPN) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-27 (PFN). Mar an leibhéal réigiúnach den phróiseas pleanála náisiúnta, déanfaidh sí cinnte de go bhfuil comhordú ann idir Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae (PFCC) agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) den deich n-údarás áitiúla sa Réigiún.

Cé go ndéanann beartais náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta eolas don SRSE, cuirtear chun cinn í ar an leibhéal áitiúil. Ba iad na Comhaltaí Tofa, údaráis áitiúla, páirtithe leasmhara, grúpaí pobail agus daoine aonair sa phobal a thacaigh leis an straitéis chomhroinnte seo a mhúnlú.

Socruithe Monatóireachta agus Tuairiscithe

Tar éis an SRSE nua a ghlacadh, éilítear ar gach údarás áitiúil sa Réigiún agus na comhlachtaí poiblí a fhorordaítear sa reachtaíocht tuairisc a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Tionóil gach dhá bhliain. Leagtar amach ann an dul chun cinn a dhéanann sé chun tacú le cuspóirí na Straitéise, de réir mar a bhaineann siad leis an gcomhlacht sin.

Ullmhóidh an Tionól Réigiúnach tuairisc mhonatóireachta gach dhá bhliain maidir leis an dul chun cinn a dhéantar chun cuspóirí foriomlána na SRSE a bhaint amach, lena n-áirítear na gníomhartha agus torthaí sonracha a bhfuil na comhlachtaí poiblí forordaithe freagrach astu.

Cuirfidh an Tionól Réigiúnach a thuairisc mhonatóireachta faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) agus féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh don Aire maidir leis na bearta riachtanacha chun tacaíocht bhreise a thabhairt don SRSE a chur i bhfeidhm.

An SRSE i gcomhthéacs an Chreata Pleanála Náisiúnta (CPN)

Is é Tionscadal Éireann 2040 an tionscnamh beartas Rialtas uileghabhálach chun go mbeidh Éire ina tír níos fearr ar mhaithe le gach duine dínn, tír a léiríonn na nithe is fearr fúinn agus a bhfuilimid ag dréim léi. Déanann an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 eolas do Thionscadal Éireann 2040. Aithníonn an Clár go dtéann dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta le chéile. Cuimsíonn sé an CPN go dtí 2040 agus an PFN 2018-27.

Leagtar amach príomhthosaíochtaí beartais maidir le pleanáil, forbairt agus comhfhorbairt áite do Réigiún an Deiscirt sa CPN. Go sonrach, maidir le Réigiún an Deiscirt, réamh-mheasann an CPN go bhfásfaidh an daonra idir 340,000 agus 380,000 faoi 2040 agus go mbeidh beagnach 2 milliún duine ina gcónaí sa Réigiún. Beidh beagnach 225,000 duine sa bhreis ag obair ionas go mbeidh 880,000 (0.875 milliún) ag obair ar an iomlán.

I measc na bpríomhnuálaíochtaí, táthar ag díriú ar fhorbairt cathrach a athraíonn cathracha ó bhonn agus a athbheonn iad go fadtéarmach. Déanfar é sin ach Pleananna Straitéiseacha do Limistéir Cathrach (PSLC) a ullmhú do Chorcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge. I measc na mbunspriocanna inghnóthaithe sna PSLCanna, tá prionsabal an fháis dhlúith agus leas a bhaint as na láithreáin i lár na gcathracha. Cur chuige inbhuanaithe atá ann i leith leas a bhaint as acmhainneacht na láithreán tearcúsáidte atá faoi úinéireacht phoiblí agus atá lonnaithe go lárnach, a bhfuil sé mar aidhm aige borradh a chur faoin daonra agus aschuir eacnamaíochta i limistéir i lár na cathrach. Beidh na limistéir sin ina spreagthóirí eacnamaíocha do na réigiúin thart orthu. Ceist dhúshlánach sa CPN don Réigiún is ea an plean go ndéanfar spás do níos mó ná 50% d'fhás measta an daonra sa Réigiún sna trí chathair. Cuirfear go héifeachtach le neart eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath mar gheall ar neart in éineacht na dtrí chathair. Ag an am céanna, in éineacht leis an CPN, ní mór béim a leagan ar a chinntiú go bhfuil cur chuige cothromaithe ann i leith acmhainneacht tearcúsáidte na mbailte faoin tuath agus na bpobal scaipthe a ghníomhachtú agus a fhíorú.

Tá Straitéis Iompair Réigiúnach (SIR) fhreagrúil, in éineacht le rolladh amach an chláir náisiúnta leathanbhanda ardluais, an-tábhachtach ó thaobh an Réigiún a chosaint agus ó thaobh fás inbhuanaithe sa Réigiún. Chun an fhís sin a neartú, tá sé riachtanach go gcuirfear chun cinn agus go bhforbrófar a thuilleadh taitneamhachtaí agus acmhainn chun leas a bhaint as acmhainneacht tearcúsáidte san earnáil turasóireachta agus i bhfiontar áitiúil. Tá cur síos soiléir déanta ar an tairbhe a bhaineann le hacmhainneacht fuinnimh in-athnuaite ghlain agus acmhainneacht turasóireachta an Réigiúin sa CPN. Tá cur síos déanta freisin ar an deis atá ann chun líonra níos comhtháite glasbhealach, gormbhealach agus bealaí móna a fhorbairt chun tacú le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus chun cineálacha iompair níos inbhuanaithe agus áineas bunaithe ar ghníomhaíochtaí a chur chun cinn.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar an gCiste Athnuachana Uirbí agus Tuaithe agus an Ciste Forbartha, ar cistí iomaíocha iad, le haghaidh gníomhaíochtaí chun tacú le hathnuachan shuntasach cathrach, baile, sráidbhaile agus tuaithe. Dá bharr sin, tiocfaidh athruithe dearfacha agus inbhuanaithe ar an Réigiún.

Struchtúir Eagraíochta agus Rialachais a Bhaineann go Sonrach le Tionscadail

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Oifigeach Sinsearach, ar a bhfuil ionadaithe ó chomhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí fiontair agus soláthraithe náisiúnta bonneagair, agus chuir sé dearcadh den bheartas a léiríonn tuairim an Tionóil Réigiúnaigh ar fad. Ghlac na Comhaltaí Tionóil leis an SRSE tar éis ionchur a fháil ó na trí Choiste Limistéir Pleanála Straitéisí, na Grúpaí Oibre Teicniúla (gach ball foirne údaráis áitiúil san áireamh), comhlachtaí poiblí eile, páirtithe leasmhara réigiúnacha agus aighneachtaí a fuarthas le linn comhairliúcháin phoiblí. Cuireadh san áireamh cuspóirí beartais náisiúnta ón CPN agus beartais agus cuspóirí Rialtais ábhartha eile.

Dul Chun Cinn agus Clocha Míle in 2019

Chuir an Tionól tús leis an gcomhairliúchán réamhdhréachta maidir leis an SRSE ar an 27 Samhain 2017 nuair a foilsíodh Páipéar Saincheisteanna chun tuairimí agus ionchur na bpáirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne a fháil ar shaincheisteanna agus tosaíochtaí don Réigiún. Ag an am céanna leis an gcomhairliúchán sin, foilsíodh Tuarascáil Scóip ar phríomhcheisteanna comhshaoil atá ann don Réigiún ar shuíomh gréasáin an Tionóil i Nollaig 2017.

Foireann an Tionóil Réigiúnaigh ag imeachtaí don lá comhairliúcháin phoiblí i bPort Láirge, 15 Feabhra.

In 2019, dhírigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an bpróiseas SRSE a chur i gcrích, lenar áiríodh:

- Comhairliúchán maidir leis an SRSE Dréachta, a bhí ar siúl ón 18 Nollaig 2018 go dtí 6 Márta 2019, lenar áiríodh imeachtaí comhairliúcháin phoiblí, cuir i láthair, ceardlanna agus rannpháirtíocht ghníomhach ar líne (fuarthas 205 aighneacht).
- • Ag cruinniú an Tionóil ar an 10 Bealtaine, bhreithnigh na Comhaltaí na haighneachtaí, rúin, Tuairiscí Comhshaoil, Tuarascáil an Stiúrthóra agus moltaí maidir leis an SRSE Dréachta agus d'aontaigh siad an straitéis a dhéanamh, faoi réir leasuithe.
- • Ceapadh gur leasuithe ábhartha iad roinnt leasuithe (145) agus bhí tréimhse bhreise ag teastáil le haghaidh taispeáint phoiblí. Foilsíodh na leasuithe sin agus na Tuairiscí Comhshaoil le haghaidh comhairliúcháin ón 12 Meán Fómhair go dtí 11 Deireadh Fómhair (fuarthas 49 aighneacht).
- • Reáchtáladh ceardlann do na Comhaltaí ar an 8 Samhain. Leagadh béim ar fhaisnéis a thabhairt do Chomhaltaí nua a ainmníodh chuig an Tionól ó cuireadh tús leis an bpróiseas.
- • Ag cruinniú an Tionóil ar an 29 Samhain, bhreith na comhaltaí na haighneachtaí, rúin, Tuairiscí Comhshaoil, Tuarascáil an Stiúrthóra agus moltaí maidir leis na Leasuithe Ábhartha molta agus d'aontaigh siad an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a dhéanamh ar an 31 Eanáir.

EANÁIR

- Bhí an próiseas comhairliúcháin maidir leis an SRSE Dréachta ar siúl go dtí 8 Márta ó 18 Nollaig 2018.
- Cuireadh cóipeanna crua de dhoiciméid na SRSE dréachta ar taispeáint phoiblí i bhfáiltiú an Tionóil Réigiúnaigh agus na 10 n-údarás áitiúla sa Réigiún. Bhí cóipeanna crua den SRSE dréachta ar fáil ach iad a iarraidh freisin. D'eisigh an Tionól roinnt preaseisiúintí chuig na meáin áitiúla chun imeachtaí agus an próiseas comhairliúcháin a phoibliú.
- Roimh phríomhbhabhta na n-imeachtaí comhairliúcháin, freastalaíodh ar shraith cur i láthair, ceardlanna agus deiseanna rannpháirteachais chun aighneachtaí a spreagadh, lenar áiríodh Comhdháil Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann ar an 24 Eanáir agus Ceardlann Institiúid Pleanála na hÉireann i gCorcaigh ar an 24 Eanáir.

***(L to R)** David Kelly, Director, Cllr. Mick Cahill, Cllr. Pip Breen, Dominic Walsh & Siobhán Rudden, Southern Regional Assembly, AILG annual conference, 24th January*

FEABHRA

- D'óstáil an Tionól naoi n-imeacht comhairliúcháin phoiblí thar thrí lá i bhFeabhra – trí cinn do Chomhaltaí Tofa, trí cinn d'údaráis áitiúla agus príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha agus trí cinn don phobal i gcoitinne, mar seo a leanas:
  - *Corcaigh, 11 Feabhra*
  - *Luimneach, 13 Feabhra*
  - *Port Láirge, 15 Feabhra*

  Imeachtaí lae agus seisiúin oíche a bhí sna himeachtaí; bhí gá clárú roimh ré le haghaidh na himeachtaí lae, agus bhí na himeachtaí oíche go hiomlán oscailte don phobal. Ag gach imeacht, chuir an Fhoireann SRSE achoimre ar an SRSE i láthair. Bhí am ar fáil le haghaidh ceisteanna agus freagraí agus tugadh spreagadh do dhaoine aighneacht maidir leis an dréacht a chur isteach.

Bryan Riney, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, imeacht comhairliúcháin phoiblí maidir le SRSE Dréachta, Corcaigh, 11 Feabhra

Strategy

THE SOUTHERN REGION'S STRATEGY IS TO BUILD A STRONG, RESILIENT, SUSTAINABLE REGION BY:

1. Compact Growth
Strengthening and growing our cities and metropolitan areas; harnessing the combined strength of our 3 cities as a counterbalance to the Greater Dublin Area, though quality development; regeneration and compact growth; building on the strong network of towns and supporting our villages and rural areas.

2. Enhanced Regional Accessibility
Enhancing regional accessibility through upgraded transport infrastructure and digital connectivity allied to transformed settlement hierarchy.

3. Strengthened Rural Economies and Communities
Strengthening the role of and improving quality of life in the Region's diverse rural areas and communities and valuing our rural Region as dynamic, resilient and outward looking.

4. Sustainable Mobility
Transforming our transport systems towards well-functioning, sustainable integrated public transport, walking and cycling and electric vehicles.

5. A Strong Economy
Building a competitive, innovative and productive economy.

6. High-Quality International Connectivity
Optimising our international connectivity through investment and increased capacity in our ports and airports and provision of high-quality digital connectivity throughout the Region.

7. Diversity, Language, Culture and Heritage Enhancement
Strenghthening and protecting our Region's diversity, language and culture, our recreational assets, and our natural and built heritage.

8. Low Carbon, Climate Resilient and Sustainable Society
Safeguarding and enhancing our environment through sustainable development, prioritising action on climate change across the Region, driving the transition to a low carbon and climate resilient society.

9. Sustainable, Planned and Infrastructure-led Development
Providing infrastructure and services in a sustainable, planned and infrastructure-led manner to ensure the sustainable management of water waste and other environmental resources.

10. A Healthy and Learning Region
Achieving improved education, health and public services and facilities for all citizens and communities.

11. Inclusive International Region
Building an inclusive outward looking international Region on the global stage.

Our Strategy

- Chuir an Tionól na cuir i láthair in oiriúint do na páirtithe leasmhara éagsúla, lenar áiríodh údaráis áitiúla, institiúidí oideachais agus ionadaithe ó cholún comhshaoil an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP).
- Bhí fáilte roimh chomhaltaí tofa freastal ar gach céim de na himeachtaí comhairliúcháin, anuas ar an seisiún faisnéise a raibh dírithe orthu ag gach imeacht, rud a chuir go dearfach leis an bplé.
- I measc na n-imeachtaí comhairliúcháin eile, bhí Fóram Iompair Chorcaí, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (brainse an Mheániarthair, brainse Chorcaí agus brainse an Oirdheiscirt), cruinnithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí i gCorcaigh, Ceatharlach agus Loch Garman, cur i láthair ag Comhdháil Pleanála UCC agus cur i láthair ag Comhairle Contae Chiarraí (18 Feabhra).

MÁRTA

- Cuireadh deireadh leis an bpróiseas Comhairliúcháin Phoiblí ar an 8 Márta agus fuarthas 205 aighneacht. Léiríonn líon agus mioneolas na n-aighneachtaí an spéis sa SRSE, an tuiscint ar thábhacht na SRSE ó thaobh thodhchaí Réigiún an Deiscirt de, agus cé chomh láidir is a bhí rannpháirtíocht le linn an phróisis. Rinne an fhoireann Pleanála Réigiúnaí athbhreithniú ar na haighneachtaí agus d'ullmhaigh sí Tuarascáil Stiúrthóra do na Comhaltaí Tionóil.

AIBREÁN

- Scaipeadh Tuarascáil an Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis an SRSE Dréachta ar chomhalta ar an 18 Aibreán.
- Chuir an Stiúrthóir agus an Stiúrthóir Cúnta Tuarascáil an Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis an SRSE Dréachta i láthair ag cruinniú an Tionóil ar an 26 Aibreán. Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcruinniú sin. D'éascaigh an cur i láthair maidir leis an tuarascáil a gcinneadh maidir le leasuithe ábhartha ag an gcéad chruinniú eile ar an 10 Bealtaine.

BEALTAINE

- Pléadh Tuarascáil an Stiúrthóra ar Aighneachtaí ag Cruinniú an Tionóil ar an 10 Bealtaine. Chuir Comhaltaí 94 rún isteach agus pléadh iad in éineacht le Tuarascáil an Stiúrthóra agus leis na moltaí.
- **D'aontaigh Comhaltaí an Tionóil an SRSE a dhéanamh do Réigiún an Deiscirt, faoi réir na leasuithe.** Measadh go raibh roinnt de na leasuithe ábhartha agus go mbeadh measúnacht timpeallachta (SEA/AA/RFRA) ag teastáil ina leith. Bheidís faoi réir tréimhse taispeána poiblí eile i gcomhréir leis na riachtanais in alt 24(8) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Bhí 145 leasú ábhartha ann.

Kevin Lynch, Rob Fennelly agus Bryan Riney ag an bhFóram Idirnáisiúnta Iompair i Leipzig na Gearmáine i mBealtaine

MEITHEAMH-LÚNASA

- D'ullmhaigh an Fhoireann Pleanála Réigiúnaí na leasuithe ábhartha don chomhairliúchán poiblí breise. Áiríodh leis sin measúnacht timpeallachta bhreise ar na leasuithe ábhartha molta ag na sainchomhairleoirí RPS agus SEA/AA agus RFRA nuashonraithe a ullmhú.

MEÁN FÓMHAIR

- Foilsíodh na 145 leasú ábhartha molta ar an SRSE dréachta agus na tuairiscí comhshaoil lena mbaineann agus cuireadh ar taispeáint iad ón 12 Meán Fómhair go 11 Deireadh Fómhair i bhfáiltiú Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus na 10 n-údarás áitiúla sa Réigiún. Bhí cóipeanna crua den SRSE dréachta ar fáil ach iad a iarraidh.

  Thug na leasuithe ábhartha aghaidh ar ghealltanais níos láidre maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, cur chuige níos láidre i leith Príomhbhailte, an teorainn PSLC Luimnigh-na Sionainne, pleanáil le haghaidh limistéir éagsúla, comhoibriú idir limistéir chathrach, líonraí idiruirbeacha, Conair an Oirthir, dícharbónú réigiúnach, nascacht idirnáisiúnta ísealcharbóin, leictrea-shoghluaisteacht, comhtháthú iompair ilmhódaigh, spriocanna inmharthana gluaiseachta, oibriú deonach agus saoránacht ghníomhach, agus monatóireacht ar an straitéis. Cuireadh ar fáil ábhair níos láidre thar gach PSLC freisin.

DEIREADH FÓMHAIR

- Rinneadh 49 aighneacht mar chuid den chomhairliúchán poiblí. Rinne an Fhoireann Pleanála Réigiúnaí athbhreithniú ar na haighneachtaí agus d'ullmhaigh sí Tuarascáil Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis na Leasuithe Ábhartha do na Comhaltaí Tionóil (a críochnaíodh i Samhain). Rinne an tuarascáil achoimre ar na saincheisteanna a ardaíodh, freagra an Stiúrthóra agus moladh de bhun na n-aighneachtaí a fuarthas maidir leis na leasuithe ábhartha molta.

SAMHAIN

- Reáchtáladh ceardlann do Chomhaltaí Tionóil ar an 8 Samhain. Leagadh béim ar fhaisnéis a thabhairt do na Comhaltaí Tionóil nua-ainmnithe ó cuireadh tús leis an bpróiseas. Ag an gceardlann, tugadh eolas do Chomhaltaí maidir le comhthéacs cúlra na SRSE, na céimeanna sa phróiseas go dtí seo, príomhghnéithe den SRSE Dréachta, céim na leasuithe ábhartha agus na céimeanna deiridh i dtreo an SRSE a ghlacadh.
- Scaipeadh Tuarascáil an Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis an SRSE Dréachta ar chomhaltaí ar an 22 Samhain.
- Ar an 29 Samhain, phléigh na Comhaltaí Tionóil Tuarascáil an Stiúrthóra ar Aighneachtaí maidir leis na Leasuithe Ábhartha Molta agus chinn siad an SRSE deiridh a dhéanamh le héifeacht ón 31 Eanáir 2020 chun go gcomhtháthófar na cinntí maidir le leasuithe ábhartha i dtéacs deiridh na SRSE le haghaidh gach tuairisc chomhshaoil a chríochnú.

  Rinne baill foirne ón bhfoireann Pleanála ionadaíocht ar an Tionól ag roinnt grúpaí seachtracha cosúil le Coistí Monatóireachta na bPleananna Fiontair Réigiúnacha, coistí staidéar measúnaithe agus bainistíochta riosca i gcás tuilte dobharcheantair agus Coiste Monatóireachta CASP, d'fhreastail siad ar chomhdhálacha agus imeachtaí pleanála réigiúnaí agus náisiúnta, agus rinne siad cuir i láthair ag na comhdhálacha agus imeachtaí sin freisin.

  Ghlac baill foirne páirt san Fhóram Idirnáisiúnta Iompair i Leipzig i mBealtaine. Beidh an fhoireann ar cheann de na príomhthaispeántóirí agus déanfaidh sí ionadaíocht ar Réigiúin an Deiscirt agus an SRSE ag an bhFóram a bheidh ar siúl i Leipzig in 2020 faoin téama Nuálaíochta Iompair d'Fhorbairt Inbhuanaithe (is í Éire uachtarán an Fhóraim in 2020).

Achoimre ar Bharúlacha a rinneadh in 2019

Agus é ag feidhmiú a bhfeidhmeanna, d'oibrigh an Tionól Réigiúnach go dlúth i gcomhar le gach ceann d'údaráis áitiúla an Réigiúin agus thuairiscigh agus d'eisigh sé barúlacha maidir le pleananna forbartha, athruithe ar phleananna forbartha agus, má tá ceisteanna tábhachta réigiúnaí i gceist, ar Phleananna Ceantair Áitiúil.

Ina theannta sin, thug an Tionól Réigiúnach barúlacha maidir le roinnt dréachtdhoiciméid bheartais a d'eisigh ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit in 2019.

ACHOIMRE AR BHARÚLACHA / AIGHNEACHTAÍ A RINNEADH IN 2019	LÍON BARÚLACHA
Barúlacha ar Phleananna Forbartha / Athruithe ar Phleananna Forbartha	3
Barúlacha ar Phleananna Ceantair Áitiúla & Pleananna / tograí eile de chuid Údaráis Áitiúil	8
Barúlacha ar cháipéisí beartais & comhairliúcháin Rialtais / Gníomhaireachta Stáit	5

9

An tEolas is Déanaí
faoin gClár Réigiúnach

Dul Chun Cinn faoin gClár Réigiúnach 2014-20

Ó bhí an bhliain 1999 ann i leith, tá baint ag an Tionól Réigiúnach le bainistiú agus monatóireacht ar chláir AE i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir chomh maith le beartas réigiúnach a chur chun cinn in Éirinn. Rinne an Tionól maoirseacht ar an gClár Réigiúnach 2000-06 arbh fhiú €4.2bn é agus an Clár 2007-13 arbh fhiú €637m é.

Le 20 bliain anuas, tá an Tionól ag obair le Taoisigh éagsúla, Airí, agus Oifigigh Shinsearacha de chuid Choimisiún an AE chun ceisteanna a bhaineann le Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a ardú agus tá taighde agus tionscnaimh réigiúnacha déanta aige chun an fhorbairt shocheacnamaíoch agus an infheistíocht sa Réigiún a chur chun cinn. Tá Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) dírithe ar bheartais phobail a chur i bhfeidhm, ach go háirithe an Straitéis Eoraip 2020 maidir le Fás Cliste, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach.

Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-2020

I mí na Nollag 2014, ghlac an Coimisiún Eorpach le Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 (CORD&O). Comhaontaíodh pacáiste maoinithe de thart ar €500 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ó státchiste na hÉireann thar thréimhse an chláir. Tacaíonn an maoiniú seo le clár suntasach infheistíochta i dtaighde, san fhorbairt theicneolaíoch agus sa nuálaíocht, agus i bhfiontraíocht i bhfiontair agus in ionaid taighde araon a fhéachann le hiomaíochas idirnáisiúnta an réigiúin a fheabhsú agus borradh a chur faoi chruthú post.

Cruinnithe an Choiste Mhonatóireachta

Is é an Tionól Réigiúnach Cathaoirleach agus Rúnaíocht an Choiste Mhonatóireachta den CORD&O 2014-20. Is é ról an Choiste dul chun cinn agus tionchar an chaiteachais cómhaoinithe a phlé agus moltaí a dhéanamh maidir leis sin chuig an Údarás Bainistíochta. Buaileann an Coiste le chéile gach bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bliana roimhe. Bhí an séú cruinniú den Choiste Monatóireachta don Chlár 2014-20 ar siúl ar an 5 Meitheamh 2019 ag Teach an Tionóil, Port Láirge, agus d'fhaomh sé an Tuarascáil Feidhmithe Bhliantúil 2018.

Cuairt láithreáin an Choimisiúin ar mhicrifhiontair atá ag fáil tacaíocht ón gClár Réigiúnach trí Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge

Léargas Ginearálta ar Chur i bhFeidhm Chlár Oibriúcháin 2014 - 2020

Faisnéis thábhachtach maidir le cur i bhfeidhm Thosaíochtaí an Chláir

1. Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a Neartú

Is é aidhm Tosaíocht 1 an leibhéal taighde atá ar siúl i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir le rannpháirtíocht na gcuideachtaí a mhéadú trí thaighde feidhmeach a sholáthar agus leibhéal tráchtálaithe an taighde ag na hinstitiúidí ardoideachais sa réigiún a mhéadú. Féachann an tosaíocht seo le bonneagar taighde agus nuálaíochta (T&N) a fheabhsú agus leis na cumais a fhorbairt chun barr feabhais T&N a fhorbairt agus ionaid inniúlachta a chur chun cinn. Cuirtear béim ann chomh maith ar an infheistíocht ghnó a bheith curtha chun cinn i T&N trí naisc agus sineirgí a fhorbairt idir fiontair, ionaid taighde agus forbartha agus an earnáil ardoideachais. Táthar tar éis an tosaíocht a ailíniú leis na réimsí taighde atá sainaitheanta mar thosaíochtaí d'Éirinn de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis um Speisialtóireacht Chliste (RIS3). Cuimsíonn an tosaíocht 2 thosaíocht infheistíochta (1a & 1b) agus áirítear 5 scéim aonair leis, na hIonaid Taighde SFI, Spócaí SFI, an Clár Taighde Mara, an Ciste Tráchtálaithe agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta.

Tugadh tacaíocht do cheithre ionad taighde SFI in 2019. Lean an Ciste Tráchtálaithe agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta, a ndéanann Fiontraíocht Éireann bainistiú orthu, de thorthaí láidre a bhaint amach. Sheol Foras na Mara Glao ar Chomhlacht Iardhochtúireachta in 2019, tar éis an glao ar thionscal agus glao ar thaighde ar éirigh go maith leo in 2018. Tá gach tionscadal sa scéim Taighde Mara ar siúl anois.

2. Bonneagar Teicneolaíocht Cumarsáide

Iomaitheoirí deireanacha na bhFiontraithe Óga Is Fearr in Éirinn 2019, tionscnamh arna rolladh amach ag na hOifigí Fiontair Áitiúla

Tacaíonn an Tosaíocht seo le hinfheistíocht faoi stiúir an Stáit a chuireann bonneagar leathanbhanda ar fáil sna réimsí sin nach bhfuil clúdaithe ag an earnáil tráchtála. Déanfaidh sé sin éascaíocht ar leathanbhanda ardluais iontaofa agus ráthaithe a bheith ar fáil – ar príomhghné é sin maidir le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus na Straitéise Náisiúnta Digití a bhaint amach. Léiríonn an Plean Náisiúnta Leathanbhanda na cuspóirí atá ag Rialtas chun deiseanna nua le haghaidh post, fáis agus ionchuimsiú sóisialta a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm aige bonn agus taca a chur faoi, agus tacaíocht a thabhairt do, chuspóirí agus tionscnaimh beartais phoiblí i gcoitinne ar fud na tíre agus laistigh de chomhthéacs na hEorpa. In 2016, chuir an Comhlacht Idirmheánach tús le dialóg mhionsonraithe le tairgeoirí cáilitheacha maidir le cúrsaí teicniúla, tráchtála agus rialachais.

Ar an 7 Bealtaine 2019, d'fhaomh an Rialtas moladh chun stádas Tairgeora Roghnaithe a bhronnadh ar Granahan McCourt. Ar an 15 Samhain, d'fhógair an Coimisiún Eorpach a chinneadh chun faomhadh cúnamh stáit a bhronnadh don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Ar an 19 Samhain, shínigh an Rialtas an conradh don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

3. Iomaíochas FBManna

Soláthraíonn na 18 nOifig Fiontair Áitiúla (OFÁanna) i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir an scéim Fiontraíocht i Micrifhiontar. Díríonn an idirghabháil ar mhéadú a chur ar rátaí tionscnamh gnó agus leathnú gnó, agus ar fheabhas a chur ar chumas bainistíochta, iomaíochas, nuálaíocht, oiriúnú teicneolaíochta agus micreaghnóthais a dhíriú ar easpórtáil. Is é cuspóir sonrach na tosaíochta seo méadú a chur ar leibhéil fostaíochta i micreaghnóthais sa réigiún seo ach tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, leathnú gnó agus leibhéil níos airde nuálaíochta i micreaghnóthais. Tacaíonn an tosaíocht seo le FBManna nuathionscanta nuálach atá dírithe ar fhás agus méaduithe FBManna trí fhaisnéis ghnó, seirbhísí comhairleacha, forbairt acmhainne, tacaíochtaí meantóireachta agus tacaíochta airgeadais a sholáthar.

Ba í 2019 an cúigiú bliain as a chéile inar tháinig méadú ar fhás fostaíochta do ghnólachtaí a dtacaíonn Oifigí Fiontair Áitiúla leo. Thuairiscigh Fiontraíocht Éireann gurbh ionann an méadú carnach ar fhostaíocht i ngnóthais a dtacaítear leo i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir don tréimhse 2014-19 agus 4,790. B'ionann é sin agus 83% de sprioc an Chláir Oibriúcháin.

4. Geilleagar Ísealcharbóin

Is é an aidhm atá ag Tosaíocht 4 tacú leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin i ngach earnáil de réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Áirítear leis na cuspóirí sonracha feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh sa stoc tithíochta trína bheith dírithe ar thacaíocht a chur leis an éifeachtúlacht fuinnimh, leis an mbainistíocht fuinnimh chliste agus leis an úsáid fuinnimh in-athnuaite i mbonneagair phoiblí, lena n-áirítear i bhfoirgnimh phoiblí agus san earnáil tithíochta. Is í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil an Comhlacht Idirmheánach don Scéim um Thithe Níos Teo agus Níos Fearr Fuinnimh, scéim a sholáthraíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus a dhíríonn ar theaghlaigh ísealioncaim atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh.

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Comhlacht Idirmheánach don scéim Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta. Cuireann 17 n-údarás áitiúla an scéim seo ar fáil i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Is éard atá ann ná (a) an Clár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh chun feabhas a chur ar chaighdeáin inslithe agus feidhmíocht fhoriomlán fuinnimh i dtithe/árasáin údaráis áitiúil, agus (b) an Clár um an Stoc Tithíochta Sóisialta Foilmhe a Iarfheistiú, a chuireann maoiniú ar fáil do na húdaráis áitiúla sin a bhfuil na spriocanna tithíochta sóisialta is airde acu agus ar féidir leo uaslíon na n-aonad a chur ar ais chuig riocht inligthe, tíosach ar fhuinneamh ar chostas réasúnta.

Thuairiscigh na Comhlachtaí Idirmheánacha gur cuireadh i gcrích bearta feabhsaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh ar 4,161 aonad tithíochta i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir faoin dá scéim in 2019.

5. Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe

Seoladh Droichead Mary Elmes, arna seachadadh ag Comhairle Cathrach Chorcaí leis an maoiniú ón gClár Réigiúnach, i mBealtaine 2019

Tá sé mar aidhm ag Tosaíocht 5 an timpeallacht uirbeach sna hionaid uirbeacha ainmnithe a athbheochan, a athghiniúint agus a fheabhsú mar chuid de na straitéisí uirbeacha comhtháite, mar aon le tacú le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe ilmhódach ísealcharbóin in ionaid uirbeacha ainmnithe. Tá scéim amháin ann faoi Thosaíocht 5 - an Scéim Deontais Lárionaid Uirbeach Ainmnithe (DUCGS). Faoin scéim seo, iarradh ar údaráis áitiúla do na hionaid fáis ainmnithe i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir tionscadail a chur isteach a fheileann dá straitéisí comhtháite chun dul i ngleic leis na dúshláin shóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil, aeráide agus déimeagrafacha a théann i bhfeidhm ar na hionaid uirbeacha, de réir Airteagal 7 de Rialachán ERDF (AE) 1301/2013, agus a thacaíonn leis an straitéis forbartha iomlán don limistéar uirbeach ábhartha. Roghnaigh an Coiste Stiúrtha naoi dtionscadal don scéim go luath in 2016 agus leithdháileadh €26m orthu ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Is iad na hÚdaráis Áitiúla i gceist ná: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairlí Contae agus Cathrach Chorcaí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail faoin DUCGS in 2019, lenar áiríodh Droichead Coisithe Mary Elmes i gComhairle Cathrach Chorcaí a chríochnú, Oibreacha Ríochta Poiblí i gComhairle Contae Loch Garman agus Páirc Bhaile na Sionainne i gComhairle Contae an Chláir. Cuireadh Margadh na nÚll agus na hOibreacha Ríochta Poiblí i bPort Láirge in 2018.

6. Cúnamh Teicniúil

Le linn 2019, lean an Tionól, mar an tÚdarás Bainistíochta don Chlár, ar aghaidh ag obair go dlúth leis na Comhlachtaí Idirmheánacha agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an Clár Oibriúcháin Réigiúnach a chur i bhfeidhm. Thug Fitzpatrick & Associates/RSM faoi Mheastóireacht mheántéarma neamhspleách agus cuireadh faoi bhráid Choiste Monatóireachta an Chláir í i Meitheamh 2019.

Dhírigh gníomhaíochtaí cumarsáide in 2019 ar ghníomhaíochtaí chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le saoránaigh faoin tairbhí a bhaineann réigiúin agus ceantair áitiúla as maoiniú AE, cosúil leis an gcomóradh poiblí ar Lá na hEorpa a chomhóstáil le hOifig Europe Direct Phort Láirge i mBealtaine agus comhoibriú a dhéanamh le cistí AR eile (ERDF, ESF agus EMFF) agus ag an gComórtas Treabhdóireachta i Meán Fómhair.

DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN gCLÁR A CHUR I bhFEIDHM IN 2019

Tosaíocht 1 – Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht a Neartú

Faoi dheireadh na bliana 2019, rinne 842 fiontar teagmháil le hionaid taighde mhaoinithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Thuairiscigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann, arb í an Comhlacht Idirmheánach don scéim Ionaid Taighde FEÉ agus don scéim Spócaí FEÉ, go raibh iomlán carnach de 1,035 taighdeoir nua sna heintitis a dtacaítear leo, i gcomparáid le sprioc de 713. Thuairiscigh Fiontraíocht Éireann go raibh 37 ceadúnas, rogha agus sannachán ann mar gheall ar thionscadail arna maoiniú faoin gCiste Tráchtálaithe agus faoi na scéimeanna Comhpháirtíocht Nuálaíochta in 2019.

Tá sé mar aidhm ag **Clár na nIonad Taighde** grúpa Ionaid Taighde mórscála atá ar thús cadhnaíochta sa domhan a fhorbairt chun tionchar eacnamaíoch suntasach a chur ar fáil in Éirinn. Ceanglaíonn Ionaid Taighde FEÉ eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtithe ar fud an tsaoil acadúil agus earnáil na tionsclaíochta chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna taighde agus forbairt comhlachtaí teicneolaíochta nua agus reatha atá bunaithe in Éirinn a chothú. Chomh

maith leis sin, meallann siad tionsclaíocht a d'fhéadfadh cur go mór leis an saol in Éirinn agus lena geilleagar, meallann siad tallann taighde agus caipiteal idirnáisiúnta agus méadaíonn siad líon na dtaighdeoirí arna n-oiliúint ag FEÉ atá fostaithe in earnáil na tionsclaíochta.

Tá na hIonaid Taighde bunaithe ar shamhail moil agus spóca ina bhfuil roinnt tionscadal spriocdhírithe ar tugadh fúthu i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta. Ceanglaíonn na tionscadail i mol lárnach ina bhfuil an t-ardán taighde agus croíoibríochtaí. Is príomhghné de na hIonaid Taighde FEÉ mais chriticiúil de thaighdeoirí idirnáisiúnta den chéad scoth a chruthú i limistéir straitéiseacha. Beidh sé sin ar cheann de na rudaí is mó a mheallfaidh earnáil na tionsclaíochta agus beidh sé mar bhonn agus mar thaca faoi chomhpháirtíochtaí éifeachtacha táirgiúla idir an saol acadúil agus earnáil na tionsclaíochta.

In 2019, fuair ceithre Ionad Taighde déag (CONNECT, ADAPT, LERO, iCRAG, Confirm, iForm, BiOrbic, VistaMilk, FutureNeuro, APC Céim 2, IPIC Céim 2, SPC Céim 2, MaREI Céim 2 agus AMBER Céim 2) ar fud an réigiúin maoiniú faoin gClár Oibriúcháin Réigiúnach 2014-20.

Tá sé mar aidhm ag an gClár **SPOKES** forbairt bhreise na nIonad Taighde FEÉ atá ann a chur chun cinn le réimsí nua taighde agus comhoibrithí nua in earnáil na tionsclaíochta agus sa saol acadúil a chur san áireamh. In 2019, bronnadh maoiniú ar an Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland faoin gclár SPOKES don chlár "MIMIC - Missing Microbes in Infants born by C-section". Dá bharr sin, is ionann líon na mbronntaí faoin gclár sa réigiún faoin gClár Oibriúcháin reatha go dtí seo agus 19.

Tacaíonn an Clár **Ciste Tráchtálaithe** le taighdeoirí in institiúidí tríú leibhéal agus eagraíochtaí taighde i bPoblacht na hÉireann i dtionscadail taighde feidhmigh chun torthaí úsáideacha a ghiniúint chun leas gheilleagar na hÉireann. Déantar aschuir tionscadail a thráchtálú trí mheán comhaontuithe ceadúnaithe le comhlachtaí reatha in Éirinn nó comhlachtaí nuathionscanta nua a eascraíonn as an Institiúid. Ar an mbealach sin, cothaíonn an clár pobal taighde dinimiciúil a thuigeann cúrsaí tráchtála agus timpeallacht ina gcuirtear fiontraíocht chun cinn. In 2019, rinne institiúidí sa Deisceart agus san Oirthear 69 moladh Ciste Tráchtálaithe agus ceadaíodh 35 bronnadh maoinithe. Ceadaíodh 19 gcinn de na bronntaí maoinithe faoi na Gairmithe Leathbhliantúla agus ceadaíodh 16 díobh faoin bpróiseas iarratais rollach. Ceadaíodh 57 tionscadal Indéantacht Cás Tráchtála ar an iomlán.

Spreagann an **Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta** comhlachtaí bunaithe in Éirinn chun oibriú le hinstitiúidí taighde Éireannacha, rud a mbeidh caidreamh atá tairbhiúil do gach páirtí ann dá bharr. Is féidir le comhlachtaí rochtain a fháil ar shaineolas agus acmhainní chun táirgí, próisis agus seirbhísí nua agus feabhsaithe a fhorbairt agus chun eolas agus fios gnó nua a ghiniúint. Baineann an comhlacht rannpháirteach tairbhe as ó thaobh a fháis de, ó thaobh a thaighde agus forbairt straitéiseach a fhorbairt agus ó thaobh eolas nua a d'fhéadfadh sé a úsáid chun buntáiste tráchtála a chruthú. Baineann an institiúid taighde tairbhe as ó thaobh an riar scileanna, maoin intleachtúil agus foilseacháin a fhorbairt. Is é an sprioc deiridh atá ag Fiontraíocht Éireann go bhfaighidh 143 comhlacht tacaíocht Comhpháirtíochta Nuálaíochta faoin gClár Oibríochta. Faoi dheireadh na bliana 2019, fuair tionscadail ina raibh os cionn trí chéad comhlacht i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ceadú maoinithe.

Tá sé mar aidhm ag an scéim **Taighde Mara** tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainne agus aistriú teicneolaíochta trí mheán réimse idirghabhálacha, lena n-áirítear scoláireachtaí PhD, Comhlachtaí Iardhochtúireachta, tionscadail taighde agus cuairteanna taighde isteach/amach. Sheol Foras na Mara Glao ar Chomhlacht Iardhochtúireachta in 2019, tar éis an glao ar thionscal agus glao ar thaighde ar éirigh go maith leo in 2018. Tá gach tionscadal faoin scéim Taighde Mara ar siúl anois agus tá €4.2m bronnta i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir.

Tosaíocht 2 – Bonneagar TFC

Ar an 7 Bealtaine 2019, d'fhaomh an Rialtas moladh chun stádas Tairgeora Roghnaithe a bhronnadh ar Granahan McCourt. Ar an 15 Samhain, d'fhógair an Coimisiún Eorpach a chinneadh chun faomhadh cúnamh stáit a bhronnadh don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Ar an 19 Samhain, shínigh an Rialtas an conradh don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Déanann sé sin ullmhúchán chun tús a chur le rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda in 2020.

Tosaíocht 3 – Tacaíocht, Cur Chun Cinn agus Forbairt Cumais FBManna

In 2019, rinne na hOifigí Fiontair Áitiúla comóradh ar chúig bliana a mbunaithe. Faoi dheireadh na bliana, thug na hocht OFÁ déag sa réigiún tacaíocht le 42,403 fiontar faoi na scéimeanna micrithionscadail ó cuireadh tús leis an gClár Oibriúcháin. Áiríodh leis sin tacaíocht a thabhairt do 81,208 rannpháirtí i gclár oiliúna fiontair a chuir na OFÁanna chun cinn. Thuairiscigh Fiontraíocht Éireann gurbh ionann an méadú carnach ar fhostaíocht i ngnóthais a dtacaítear leo i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir don tréimhse idir 2014 agus 2019 agus 4,790. B'ionann é sin agus 83% de sprioc an Chláir Oibriúcháin. I measc na dtionscnamh nua agus faoi fhorbairt in 2019, bhí Seachtain na bhFiontar Áitiúil, Lá Náisiúnta Fhiontar na mBan, An Fiontraí Óg Is Fearr in Éirinn, Acadamh an Bhia, Scórchárta an Bhreatimeachta, Cúnamh Teicniúil do Mhicreaghnóthais, Ciste Nuálaíochta & Infheistíochta OFÁ, Lean4Micro agus Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne.

Tosaíocht 4 – Geilleagar Ísealcharbóin

Thuairiscigh na Comhlachtaí Idirmheánacha gur cuireadh i gcrích bearta feabhsaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh ar 4,161 aonad tithíochta, ar an iomlán, i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir faoin dá scéim in 2019.

Soláthraíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an **Scéim um Thithe Níos Teo agus Níos Fearr Fuinnimh** thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Dírítear an Scéim ar theaghlaigh ísealioncaim atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh. Thuairiscigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gur cuireadh i gcrích bearta feabhsaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh ar 1,973 aonad tithíochta i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in 2019. Bhí na teaghlaigh sin ábalta leas a bhaint as leathnú na mbeart inslithe ballaí a bhí ar fáil chun insliú ballaí inmheánacha agus seachtracha a chur san áireamh mar chaighdeán (seachas insliú balla cosanta amháin). Cé go bhfuil an cur chuige iarfheistithe níos doimhne seo níos costasaí, beidh feabhsaithe níos mó ann ó thaobh éifeachtúlacht in aghaidh teaghlaigh.

Is é atá sa scéim **Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta** ná an Clár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus an Clár um an Stoc Tithíochta Sóisialta Foilmhe a Iarfheistiú. Tá sé mar aidhm ag an gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh i dTithíocht Shóisialta feabhas a chur ar chaighdeáin inslithe agus feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán ar fud tithe/árasáin údaráis áitiúil. Tugtar faoi Iarfheistiú um Éifeachtúlacht Fuinnimh ar ionaid réadmhaoine a roghnaíonn údaráis áitiúla. Tá sé mar aidhm ag an gClár um an Stoc Tithíochta Sóisialta Foilmhe a Iarfheistiú maoiniú a chur ar fáil d'údaráis áitiúla a bhfuil na spriocanna is airde tithíochta sóisialta acu agus ar féidir leo an líon aonad is airde a chur ar ais chuig riocht inligthe, tíosach ar fhuinneamh ar chostas réasúnta. Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Comhlacht Idirmheánach don scéim Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta. Cuireann seacht n-údarás áitiúla déag an scéim seo ar fáil i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Thuairiscigh siad gur cuireadh i gcrích 980 aonad tithíochta faoin gClár um an Stoc Tithíochta Sóisialta Foilmhe a Iarfheistiú agus gur cuireadh i gcrích 1,208 aonad faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh in 2019.

Tosaíocht 5 – Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe

Go luath in 2016, roghnaíodh naoi dtionscadal sna naoi limistéar uirbeacha ainmnithe faoin scéim leis na hÚdaráis Áitiúla páirteacha, arbh fhiú €52m i gcaiteachas poiblí é sin. Tá gach tionscadal roghnaithe ailínithe leis na straitéisí fáis comhtháite dá gceantar féin faoi seach.

Seoladh Páirc Bhaile na Sionainne arna seachadadh ag Comhairle Contae an Chláir leis an maoiniú ón gClár Réigiúnach, i Nollaig 2019

TAIRSEACH	MOL	LEITHDHÁILEADH
Baile Átha Cliath		€7.0m
Corcaigh		€5.0m
Luimneach		€4.5m
Port Láirge		€4.0m
	Inis	€1.0m
	Cill Chainnigh	€1.0m
	Mala	€1.0m
	Trá Lí	€1.5m
	Loch Garman	€1.0m
Iomlán na dTairseach		**€20.50m**
Iomlán na Mol		**€5.50m**
Iomlán		**€26.0m**

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail faoi Scéim Deontais na nIonad Uirbeach Ainmnithe (DUCGS) in 2019, lenar áiríodh Droichead Coisithe Mary Elmes i gComhairle Cathrach Chorcaí a chríochnú, Oibreacha Ríochta Poiblí i gComhairle Contae Loch Garman agus Páirc Bhaile na Sionainne i gComhairle Contae an Chláir.

Cumarsáid an Chláir Réigiúnaigh

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 (COR D&O). Ghlac a Choiste Monatóireachta le straitéis cumarsáide a chlúdaíonn an tréimhse chlárúcháin in 2015 agus gach bliain déantar plean cumarsáide a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm, faoi mar a an straitéis eolas dó.

Feachtas #euinmyregion

Glacann an Tionól le ról gníomhach maidir le #euinmyregion a chur chun cinn, ar feachtas cumarsáide ar fud an AE é a bhfuil sé mar aidhm aige saoránaigh a spreagadh chun foghlaim faoi rath na dtionscadal arna maoiniú ag an AE ina réigiún féin.

Lá an Aontais Eorpaigh 2019

Lá suáilceach le comóradh a dhéanamh ar gach a mbaineann leis an Eoraip a bhí i Lá na hEorpa 2019. D'eagraigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Oifig Europe Direct i bPort Láirge Lá an t-imeacht. Is dáta tábhachtach é a dhéanann comóradh ar síocháin agus aontacht ar fud na hEorpa.

D'oscail Cór Bealtaine Phort Láirge an t-imeacht nuair a chas siad leagan álainn d'amhrán na hEorpa, "Ode to Joy". Bhí Leas-Mhéara Phort Láirge, an Comhairleoir John O'Leary, i bhfeighil ar an gcomóradh in éineacht le Cathaoirleach Thionól Réigiúnach an Deiscirt, an Comhairleoir Jason Murphy.

Labhair Cathaoirleach Thionól Réigiúnach an Deiscirt, an Comhairleoir Jason Murphy, faoi cé chomh tábhachtach is atá an AE do mhuintir na hÉireann agus an tionchar atá aige ar ár saol laethúil. "I bPort Láirge féin, bhaineamar leas as ballraíocht san AE agus is léir na torthaí ó athghiniúint Mhargadh na nÚll agus tógáil Theach Chriostal Phort Láirge. Cuireadh i gcrích an dá thionscadal sin a bhuí le cómhaoiniú ó Chláir Réigiúnacha an Deiscirt agus an Oirthir.

Sinead O'Higgins, Oifige Europe Direct agus Siobhan Rudden, Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag an gcomóradh ar Lá na hEorpa 2019

Labhraíonn Derville Brennan, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, faoi na tairbhí a bhaineann Port Láirge as maoiniú AE ag an gcomóradh ar Lá na hEorpa 2019

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019

Ina cháil mar Údarás Bainistíochta Chlár Oibriúcháin an Deiscirt agus an Oirthir, chuaigh an Tionól ar ais go dtí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta Meán Fómhair seo caite chun na dea-scéalta a bhaineann le tionscadail arna maoiniú ag an AE sna réigiún mar chuid den fheachtas #euinmyregion. Is é sin an t-imeacht allamuigh is mó san Eoraip, d'óstáil an Comórtas Treabhdóireachta 1,700 taispeántóir agus os cionn 350,000 cuairteoir thar thrí lá agus b'iontach an bealach é leis na scéalta #euinmyregion a insint go díreach le saoránaigh na hEorpa. Ba dheas ó Oifig Ionadaíochta an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn an t-imeacht a óstáil. Chuaigh an Tionól i gcomhar le réimse leathan comhghleacaithe AE chun Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir a chur chun cinn, in éineacht le BMW, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Coiste um an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, i measc tionscnaimh AE eile. B'iontach an deis é chun cuairt a thabhairt ar thairbhithe Chlár Oibriúcháin an Deiscirt agus an Oirthir a bhí ina dtaispeántóirí, cosúil leis na hionaid taighde Vistamilk agus Beacon agus na hOifigí Fiontair Áitiúla.

Ionadaithe ar na cláir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Coiste um an gCiste

Ionad Taighde Vistamilk ag cur a ghníomhaíocht os comhair an phobail i bpuball Theagasc.



Ionad Taighde Beacon

Sráidbhaile Fiontair Áitiúil, ag a ndearnadh ionadaíocht ar na hOifigí

Tugann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn cuairt ar Mhargadh na nÚll

In June, we were delighted to welcome Gerry Kiely, I Meitheamh, bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Gerry Kiely, Ceannasaí na hIonadaíochta, chuig an Tionól le tuilleadh a chloisteáil faoi na tairbhí a bhaineann le maoiniú AE ón gClár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus cláir Údarás Deimhniúcháin Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa eile.

Mar chuid den chuairt, shiúl siad timpeall lár na cathrach i bPort Láirge chun torthaí na scéime Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe a fheiceáil dóibh féin ag Margadh na nÚll agus na hoibreacha ríochta poiblí in aice le Pálás an Easpaig.

(clé-deas) *Tim Hayes & Gerry Kiely, Ionadaíocht an Choimisiúin, Sinead O'Higgins, Europe Direct Phort Láirge, an Comhairleoir Jason Murphy, Cathaoirleach agus David Kelly, Stiúrthóir.*

#EUANDME

Ghlac an Tionól páirt i ndíospóireacht faoin AE agus Mise a d'eagraigh Oifig an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh idirphlé saoránach ag an bpictiúrlann Omniplex i bPort Láirge.

Ag an imeacht, taispeánadh roinnt gearrscannán ó scoth na ndéantóirí scannáin Eorpacha maidir leis na tairbhí inbhraite a bhaineann le ballraíocht AE agus na príomhdhúshláin atá roimh shaoránaigh sa lá atá inniu ann. D'fhreastail os cionn 60 duine de gach aois ar an imeacht agus ba shuimiúil cuid mhór den tráchtaireacht.

Cur i Láthair don Líonra Europe Direct, Éire

In éineacht le Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ballstát, chuir an Tionól an t-eolas is déanaí maidir le maoiniú AE in Éirinn ar fáil don líonra oifigí Europe Direct ag a gcruinniú bliantúil i Márta.

Gníomhaíocht Ar Líne in 2019

Suíomh Gréasáin an Tionóil

Is é an suíomh gréasáin an phríomhuirlis chumarsáide chun torthaí agus rath an Chláir Réigiúnaigh a chur chun cinn ar líne. Úsáidtear é freisin chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí breise na gclár AE eile. I rith na bliana, d'eisigh an tÚdarás Bainistíochta preasráitis agus an t-eolas is déanaí don rannóg nuachta le scéalta nuachta ábhartha a bhaineann leis an AE. Is iondúil go mbaineann na scéalta nuachta leis an gClár Oibriúcháin, le cláir augs tionscadail an AE, agus le nithe ar díol suime iad do bhaill an Tionóil Réigiúnaigh agus don phobal i gcoitinne.

Mhéadaigh líon na n-amharc ar leathanaigh ar bhonn bhliain i ndiaidh bliana ó 2016-2017. Tá cuid mhór de nuacht an Tionóil agus ghníomhaíocht Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an D&O ar an leathanach baile agus tá an trácht níos airde dá bharr sin. Leis an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a fhorbairt, tháinig méadú suntasach ar líon na n-amharc ar leathanaigh a bhaineann le Pleanáil Réigiúnach idir 2017 agus 2019.

Na Meáin Shóisialta

Lean an Tionól de bheith gníomhach ar Twitter agus Facebook le linn 2019. Cuireadh réimse leathan nuachta agus gníomhaíochta tionscadail a bhaineann leis an AE in airde agus athphostáladh iad ar na cuntais seo i rith na bliana. Is bealach an-úsáideach é na meáin shóisialta chun teagmháil a dhéanamh leis na tionscadail a maoiníodh tríd an gClár Oibriúcháin Réigiúnach agus le heagraíochtaí ábhartha eile.

Tháinig méadú ar líon na ndaoine a leanann an dá ardán meán sóisialta in 2019. Tugadh níos mó airde ar Twitter in 2019, ach baineann an treocht sin leis dá ardán.



Twitter	2018	2019	Facebook	2018	2019
Taispeáintí	182,548	337,520	Idirbhearta Gníomhacha	3,025	10,215
Idirbhearta Gníomhacha	2,681	5,906	Úsáideoirí Ar Leith	2,978	149,118
Atvuíteanna	315	782	Taispeáintí	806,489	34,5247

Liosta Oibríochtaí an Chláir Oibriúcháin Réigiúnaigh

Mar Údarás Bainistíochta, d'fhoilsigh an Tionól liosta d'oibríochtaí inchuardaithe agus in-íoslódáilte arna maoiniú ag Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 ar a shuíomh gréasáin tar éis caiteachas a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 115.2 de Rialachán 1303/2013 ón gCoimisiún.

Fógraí Clóite agus Raidió

Cuireadh roinnt fógraí sna meáin chlóite áitiúla agus réigiúnacha agus ar raidió áitiúil le linn 2019 chun aird a tharraingt ar an obair atá déanta ag an Tionól mar Údarás Bainistíochta an Chláir Réigiúnaigh.

Líonra Cumarsáide Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa & Líonra INFORM

Lean an Tionól ar aghaidh ag glacadh páirt sa chomh líonra cumarsáide do Chistí Struchtúracha & Infheistíochta na hEorpa (CSIE). Tá ionadaithe ó na CSIEanna éagsúla a oibríonn in Éirinn ar an Líonra.

Chomh maith leis sin, glacann an Tionól páirt sa líonra INFORM chun cumarsáid a dhéanamh le cláir eile agus foghlaim ó chláir eile ar fud réigiúin na hEorpa. Déanann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh éascaíocht ar an líonra INFORM agus comhordaíonn sí an feachtas #euinmyregion. Ghlacamar páirt sa dá chomhdháil INFORM in 2019, sa tSicil agus i nGent.

Comórtas Graduate.ie

Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar cheann de na hurraitheoirí den chomórtas Graduate.ie sa bhliain acadúil 2018/19, tionscnamh ó Rialtas na hÉireann, Rialtas Áitiúil agus an Clár Saoránachta agus Daonlathais atá maoinithe ag an AE do dhaltaí dara leibhéal na hÉireann.

> *Tá sé mar aidhm aige daoine óga a mhealladh, a chur ar an eolas agus a spreagadh ar bhealach spraíúil chun foghlaim faoi ábhair thábhachtacha áitiúla agus náisiúnta.*

Cuireann daltaí a ghlacann páirt comórtas ar líne i gcrích chun turais oideachais a bhuachan. Cuireann urraíocht an Tionóil an rath a bhí ar ghníomhaíocht an Chláir Réigiúnaigh in iúl do dhaoine óga in Éirinn. Ghlac os cionn 8,000 dalta páirt sa chomórts agus roghnaíodh 24 díobh mar bhuaiteoirí. Is iad na daoine seo a leanas na daoine a bhuaigh duaiseanna ar thug an Tionól urraíocht dóibh in 2019 agus thaistil siad chuig Parlaimint na hEorpa.

- **Aaron Reid,**
  Scoil Aireagail,
  Baile Héil, Contae Chill Chainnigh
- **Ostiniga Galvanauskaite,**
  Colaiste Phobail, Ros Cre,
  Contae Thiobraid Árann

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag
http://www.graduatequiz.com/

An tEolas is Déanaí faoi Thionscadail AE

Glacann Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt mar chomhpháirtí tionscadail i sé thionscadal AE. Faigheann gach ceann díobh maoiniú i bpáirt ó Chlár Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Tugann gach tionscadal aghaidh ar ábhar a bhaineann le Réigiún an Deiscirt, cosúil le hiompar ilmhódach, nuálaíocht agus taighde freagrach, fuinneamh inathnuaite agus bonneagair ghlasa agus ghorma.

EMPOWER Interreg Europe | MARIE Interreg Europe | Blue Green City Interreg Europe | COHES3ION Interreg Europe | MATCH-UP Interreg Europe | FIRESPOL Interreg Europe

EMPOWER: *Leibhéal níos airde íslithe carbóin trí mhonatóireacht dhinimiciúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh*

Díríonn an tionscadal EMPOWER de chuid Interreg na hEorpa ar astaíochtaí carbóin a laghdú trí mhonatóireacht dhinimiciúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh. Bainfear é sin amach ach monatóireacht a dhéanamh ar fhuinneamh agus scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha chun tionscadail fuinnimh a mhaoiniú. Is é an cuspóir foriomlán beartas poiblí níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar sna réimsí sin. Is éard atá sa chomhpháirtíocht ná naoi réigiún Eorpacha a oibríonn le chéile chun taithí, réitigh agus deachleachtas a roinnt chun beartas poiblí níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar chun astaíochtaí carbóin i bhfoirgnimh a laghdú.

Bhí na páirtithe leasmhara Éireannacha in EMPOWER gníomhach i rith 2019. Ghlac siad páirt i gcruinnithe páirtithe leasmhara, d'óstáil siad ceardlanna, agus mhol siad deachleachtais le go bhfoghlaimeoidh ár gcomhpháirtithe Idir-Réigiúnacha uathu. D'fhreastail siad ar chuairteanna staidéir Idir-Réigiúnacha freisin.

Bhí ríméad orainn gur foilsíodh dhá Dheachleachtas ó na páirtithe leasmhara EMPOWER in Éirinn ar Ardán Foghlama Beartais de chuid Interreg na hEorpa:

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works — **Optimising Power@Work – ó Oifig na nOibreacha Poiblí**

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND — **Clár Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí – ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**

Mar gheall ar na foilseacháin sin, tugadh cuireadh d'ionadaithe Oifig na nOibreacha Poiblí dul go dtí an Ghearmáin agus tugadh cuireadh do ÚFIÉ dul go dtí an Pholainn agus an Spáinn chun cuir i láthair shaineolacha a thabhairt agus níos mó eolais a roinnt maidir leis na deachleachtais sin.

Is gá réitigh oiriúnacha a aimsiú chun dul i ngleic le leibhéil mhéadaithe truaillithe aeir agus astaíochtaí CO2. Úsáideann foirgnimh thart ar 40% de riachtanais fuinnimh an AE agus tá siad freagrach as 36% d'astaíochtaí carbóin.

Bhí an Tionól Réigiúnach, mar chomhpháirtí EMPOWER agus in éineacht lenár gcomhpháirtithe leasmhara, ag déanamh imscrúdú ar na deachleachtais i réigiúin ár gcomhpháirtithe idir-réigiúnacha chun deachleachtais a aithint a d'fhéadfaimis a ghlacadh agus a fheabhsú chun athruithe ar éifeachtúlacht fuinnimh sna foirgnimh inár Réigiún a spreagadh.

Dul Chun Cinn maidir le EMPOWER in 2019

Ceardlann Iompórtála, Corcaigh – Márta

D'óstáil an Tionól Réigiúnach, le cúnamh ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, ceardlann chun forbairt a dhéanamh ar an bhfoghlaim a fuarthas ag imeachtaí Foghlama idir-réigiúnacha roimhe sin. Thug sé an deis dúinn cuireadh a thabhairt do Ruby Ganchou (ALEON, an ghníomhaireacht fuinnimh áitiúil i Lorient na Fraince) chun cur i láthair dar teideal The Social Dimension of Energy Monitoring, Users Involvement and Behaviour Changes a dhéanamh.

Thugamar cuireadh freisin do Jaoa Cleto (Gníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Áitiúil in Almada na Portaingéile) an cur i láthair HERB project – Holistic Energy Efficient Retrofitting of Social Housing in Almada a dhéanamh. Áiríodh leis an gceardlann cuairt suímh ar na haonaid tithíochta sóisialta chun go bhfeicfidh daoine dóibh féin an t-iarfheistiú atá á dhéanamh ag Comhairle Cathrach Chorcaí. Thug sé deis dúinn freisin scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le hÉirinn athrú ar iompar a bhaint amach ó thaobh úsáid fuinnimh i dtithíocht shóisialta de agus tuiscint níos fearr a fháil ar na tairbhí níos leithne a bhaineann leis an gclár iarfheistithe agus muid ag forbairt ár bPlean Gnímh Réigiúnach. Ceardlann an-ghníomhach a bhí ann agus chuir sé léargas iontach ar fáil don Tionól Réigiúnach a thacaigh leis an tionscadal EMPOWER.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Fhlórans, an Iodáil – Márta

Ba dheis í an chuairt seo chun monatóireacht a dhéanamh ar ar bhain na comhpháirtithe tionscadail amach go dtí seo agus gníomhartha a roinnt agus a phleanáil, gníomhartha a bhainfear amach sna míonna atá le teacht. Roinn na comhpháirtithe eolas, nuacht, tuairimí agus taithí ar bhealach gníomhach.

Dhírigh an plé ar ullmhúchán na bPleananna Gnímh Réigiúnacha, bunaithe ar fhoghlaim idir-réigiúnach trí mheán athbhreithniú piaraí, cuairteanna staidéir agus ceardlanna. Bhain an Tionól Réigiúnach úsáid as an gcuairt staidéir chun tuilleadh eolais a fháil ó chomhpháirtithe idir-réigiúnacha chun tacú lenár bPlean Gnímh Réigiúnach a fhorbairt.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach, Port Láirge – Samhain

D'óstáil an Tionól Réigiúnach cruinniú deiridh na gcomhpháirtithe tionscadail idir-réigiúnacha ag deireadh Céim 1 den tionscadal EMPOWER sa chathair is sine in Éirinn, Port Láirge, a bhunaigh na Lochlannaigh í in 914.

Ba dheis é an séú cruinniú freisin chun cur i bhfeidhm na bPleananna Gnímh Réigiúnacha do Chéim 2 den tionscadal a phleanáil agus a mhonatóiriú. Roinn comhpháirtithe eolas, aiseolas agus pleananna gnímh réigiúnacha ar bhealach gníomhach.

EMPOWER – Plean Gnímh Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt

Ar an 31 Nollaig, cuireadh deireadh le Céim 1 den tionscadal EMPOWER agus chuir an Tionól Réigiúnach ár bPlean Gnímh Réigiúnach do EMPOWER isteach chuig Rúnaíocht Theicniúil Interreg na hEorpa lena dheimhniú.

Tá sé mar aidhm ag ár bPlean Gnímh Réigiúnach feabhas a chur ar ***Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir***, i gcomhar le ***Comhairle Cathrach Chorcaí***, chun clár píolótach a chur i bhfeidhm le trealamh monatóireachta fuinnimh a shuiteáil d'fhonn úsáid chruinn fuinnimh i roinnt aonad tithíochta sóisialta roimh agus i ndiaidh iarfheistiú domhain a thomhas.

Bunaithe ar an gclár píolótach sin, lorgóimid comhaontú chun na costais a bhaineann le trealamh monatóireachta fuinnimh a chur san áireamh leis na costais fhoriomlána a bhaineann le tithíocht shóisialta a iarfheistiú in Éirinn sna gairmeacha ag teacht aníos. Ligfidh sé sin d'Údaráis Áitiúla tástáil a dhéanamh ar an gcoigilteas fuinnimh fíor roimh an iarfheistiú domhain agus ina dhiaidh chun a chinntiú go dtagann fíorathrú iompair ar chónaitheoirí tithíochta sóisialta ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de agus, dá bharr sin, go laghdaítear astaíochtaí CO2 agus go dtacaítear le hÉirinn ár spriocanna astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi EMPOWER:

Is í Rose Power an tOifigeach Tionscadail: rpower@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/empower
Twitter: @interregempower
Facebook: @Empower0

Interreg Europe
European Union | European Regional Development Fund

Faigheann EMPOWER maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

MARIE: *Nuálaíocht Inbhuanaithe in S3 Eorpach a Shruthlíniú*

Is é cuspóir foriomlán MARIE ná feabhas a chur ar an mbeartas poiblí réigiúnach a thacaíonn le seachadadh Taighde agus Nuálaíochta Freagraí (TFN) sa dearadh, sa táirgeadh agus i ndáileadh nuálaíochta in Earnálacha Speisialtóireachta Cliste (S3). Cuireann sé bealaí chun cinn chun cosc a chur leis an tionchar diúltach sóisialta agus comhshaoil agus cuireann sé le caighdeán beatha níos fearr.



MARIE
Interreg Europe
European Union
European Regional
Development Fund

Cad é an Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach?

Baineann Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach (TNF) le hiarracht a dhéanamh na hearnálacha éagsúla sa tsochaí – idir Thaighde, Ghnó, Lucht Déanta Beartais agus shochaí shibhialta – a chur ag obair le chéile i rith shaolré an phróisis Taighde agus Nuálaíochta chun a chinntiú go mbíonn próisis agus torthaí ag teacht le luachanna, riachtanais agus ionchais shóisialta. Is é an aidhm atá ag TNF an pobal a mhealladh le páirt a ghlacadh i dTaighde agus Nuálaíocht chun tuilleadh trédhearcachta agus rochtain ar thorthaí eolaíochta a spreagadh, comhionannas inscne agus eitic i T&N a chur chun cinn, agus chun oideachas eolaíochta a chur chun cinn. Go bunúsach, baineann sé le heolaíocht ardchaighdeáin a chruthú a théann níos mó chun leas an phobail.

Cuireann MARIE taighde agus nuálaíocht fhreagrach chun cinn i bpríomhearnálacha. Is ionann an buiséad iomlán agus díreach os cionn €1.9m (€1.62m ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa). Tugann MARIE deich gcomhpháirtí le chéile ó ocht réigiún: an Iodáil, an Rómáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, Éire, an Fhrainc agus an Ghearmáin. Beidh an tionscadal, ar cuireadh tús leis in Eanáir 2017, ar siúl ar feadh cúig bliana. Ghlac Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt sa tionscadal mar chomhpháirtí chun ár gcuspóir go mbeidh réigiún cliste inbhuanaithe ionchuimsitheach ann a bhaint amach.

Dul Chun Cinn maidir le MARIE in 2019

Ba bhliain ghnóthach í do na comhpháirtithe tionscadail MARIE. Bhí dhá imeacht foghlama idir-réigiúnacha agus an t-imeacht deiridh do Chéim 1 den tionscadal ar siúl. Thacaigh na gníomhaíochtaí sin chun uaillmhian an tionscadail a chur ar aghaidh, is é sin go gcuirfear feabhas ar chumas Taighde agus Nuálaíochta Freagraí i measc comhpháirtithe tionscadail, páirtithe leasmhara agus saoránach sa Réigiún.

Comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara thionscadal MARIE

Lean an grúpa páirtithe leasmhara Éireannacha de pháirt a ghlacadh trína n-eolas agus saineolas a roinnt chun feabhas a chur ar chumas TNF sa réigiún. Mar gheall ar an obair dhearfach atá déanta acu ar an tionscadal, tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara freastal ar chuairteanna staidéir chun tuilleadh a n-eolaisa roinnt le comhpháirtithe sna réigiúin eile agus chun forbairt a dhéanamh ar a n-eolas.

Bhain MARIE cloch mhíle shuntasach amach nuair a foilsíodh ár ndoiciméad Deachleachtais 'Raon an Tionchair a Leathnú' ar ardán Interreg na hEorpa. D'fhorbair an páirtí leasmhar Fondúireacht Eolaíochta Éireann an doiciméad deachleachtais, ní hamháin chun barr feabhais eolaíochta a aithint ach chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag taighde ar réimsí cosúil leis an tsochaí, daonra, sláinte agus folláine, bia agus slándáil fuinnimh, cosaint an chomhshaoil fad a thacaítear le Beartas Rialtais ag an am céanna. Nuair a dhéantar tomhas ar an tionchar níos leithne, tagann méadú ar fhreagracht. Dá bharr sin, tagann méadú freisin ar chuntasacht do shaoránaigh, rud atá tábhachtach mar gheall ar an méid mór airgid phoiblí a chaitear ar thaighde eolaíoch.

Imeacht Foghlama Idir-Réigiúnach, Búcairist, an Rómáin, 6 Feabhra

D'óstáil ár gcomhpháirtithe sa Rómáin an séú himeacht foghlama idir-réigiúnach ina 'Mol Tionchar', ar mol nuálaíochta é a leagann síos an creatach agus an t-éiceachóras d'fhiontraithe agus nuálaithe sa Rómáin. Tháinig na páirtithe leasmhara Ionad Nuálaíochta agus Gnó an Oirdheiscirt agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann in éineacht linn ar an gcuairt staidéir.

Bhí an deis ag na comhpháirtithe a ngníomhaíochtaí tionscadail go dtí seo a phlé agus an t-eolas is déanaí fúthu a chur ar fáil. Díríodh den chuid ba mhó ar dheiseanna foghlama ó chéile agus ar stádas a bpleananna gnímh réigiúnacha faoi seach. Tháinig a lán smaointe suimiúla agus próisis chomhoibrithe fhéideartha as. Bhí an doiciméad deachleachtais a chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann isteach ach go háirithe suimiúil do na comhpháirtithe eile. Ghlac an lucht freastail ar fad páirt i gCafé Nuálaíochta tráthnóna. Is coincheap é sin a forbraíodh taobh istigh den Mhol Tionchair. Is é atá i gceist leis imeachtaí dinimiciúla faisnéiseacha faoi théamaí `nuálaíochta a dhéanann éascaíocht ar an bpobal nuálaíochta a fhorbairt tuilleadh. Dhírigh an café nuálaíochta ar 'Nuálaíocht Fhreagrach agus Nuálaíocht Shóisialta i bhFeidhm'.

Rose Power, Tionóil Réigiúnach an Deiscirt, agus Carole Thurston, Ionad Nuálaíochta agus Gnó an Oirdheiscirt

Painéal cainteoirí ag an gCafé Nuálaíochta, an Rómáin

Imeacht Foghlama Idir-Réigiúnach, Kiel, an Ghearmáin, 13-14 Meitheamh

Pleananna Réigiúnacha Gníomhaíochta á gcur i láthair ag comhpháirtithe

Cuireadh an seachtú himeacht Foghlama Idir-Réigiúnach do MARIE ar siúl ar an 13 - 14 Meitheamh sa chathair álainn Kiel sa Ghearmáin. D'fhreastail an páirtí leasmhar Ionad Nuálaíochta agus Gnó an Oirdheiscirt chomh maith agus ghlac sé páirt sa chuairt staidéir seo. Ba é príomhfhócas an chruinnithe comhpháirtithe cur ar chumas gach comhpháirtí dréacht deiridh a bplean gnímh a chur i láthair lena mbreithniú ag comhpháirtithe eile. Chomh maith leis sin, d'éascaigh sé forbairt ar fhoghlaim a roinneadh roimhe sin ar bhealach an-rathúil.

Tugadh an deis do chomhpháirtithe freastal ar an bhféile Waterkant i Kiel, a bhí ar siúl ag an am céanna leis an gcruinniú.

Bhí os cionn 100 eochairchainteoir, caint agus ceardlann ar siúl le linn na féile agus dhírigh siad ar fad ar Thaighde agus Nuálaíocht agus ar naisc fhiúntacha a fhorbairt idir gnó, sochaí agus oideachas ach éascaíocht a dhéanamh ar chruinniú le chéile na ngnólachtaí nuathionscanta agus daoine nó grúpaí tábhachtacha sa réigiún. Reáchtáil ár gcomhpháirtí a d'óstáil an t-imeacht, an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíochta, ceardlann maidir le Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach. Glacadh go maith leis an gceardlann agus tugadh spreagadh do gach comhpháirtí páirt a ghlacadh.

Glacann comhpháirtithe MARIE le cur chuige freagrach i leith gach ní agus bhain siad úsáid as roghanna taistil ilmhódaigh chun dul go dtí an fhéile ach dul ar an rothar chuig an mbád farantóireachta!

An fhéile Waterkant, Kiel

Comhpháirtithe MARIE ag taisteal ar bhealach inbhuanaithe

Imeacht deiridh do Chéim 1 de #MakingWaves, Baile Átha Cliath 30 Deireadh Fómhair

Bhí an t-imeacht deiridh chun comóradh a dhéanamh ar dheireadh céim 1 den tionscadal ar siúl i gcomhar leis an gCruinniú Mullaigh Nuálaíochta Freagraí in Amharclann Scabhat Smock i mBaile Átha Cliath ar an 30 Deireadh Fómhair. Bhí os cionn 200 toscaire ag an imeacht. Bhí an Tionól Réigiúnach agus comhpháirtithe an tionscadail MARIE in éineacht le ceannairí athraithe ó earnálacha éagsúla chun comóradh a dhéanamh ar an athrú dearfach a cuireadh chun cinn le linn an imeachta. Ghlac comhpháirtithe tionscadail agus páirtithe leasmhara páirt i gcomóradh a dhéanamh ar athrú dearfach ach 'taighde ag feidhmiú' ina gcuid oibre a chur i láthair agus 'bord ábhar' a óstáil. Is é atá i gceist leis sin comhrá modhnaithe ina ndéantar díospóireacht ar smaointe nuálacha a bhaineann leis an tionscadal.

Derville Brennan, Stiúrthóir Cúnta, TRD i mbun cainte

Comhpháirtithe tionscadail MARIE ag an gCruinniú Nuálaíochta

Imeacht Foghlama Idir-Réigiúnach, an Ghailís, an Spáinn, 28 Samhain

Rinneadh comóradh ar dheireadh céim 1 den tionscadal MARIE ag cruinniú deiridh comhpháirtithe agus imeacht foghlama a d'óstáil an comhpháirtí Spáinneach GAIN. Mar chuid den chlár oibre tráthnóna, rinne painéal cainteoirí saineolacha cuir i láthair agus bhí seisiúin idirghníomhacha ar siúl ina dhiaidh sin chun plé a dhéanamh ar thodhchaí TNF agus conas is féidir é a chomhtháthú sa chéad bhuiséad AE agus sa chéad chlárthréimhse eile. Rinne an saineolaí TNF Eric Jensen modhnóireacht ar an imeacht. Is ball den Chuibhreannas Idirnáisiúnta d'Fhoireann Taighde é Eric. Bhí sé i gceannas ar phlé comhstádais maidir le forbairt TNF ina réigiúin féin amach anseo freisin.

Comhpháirtithe MARIE ag plé todhchaí TNF

Plean Gnímh Réigiúnach MARIE do Réigiún an Deiscirt in Éirinn

Tháinig céim 1 den tionscadal chun deiridh in 2019 nuair a cuireadh isteach Plean Gnímh Réigiúnach. D'oibrigh an Tionól Réigiúnach leis an bpáirtí leasmhar Fiontraíocht Eolaíochta Éireann, arb í an maoinitheoir is mó de thaighde iomaíoch in Éirinn, chun feabhas a chur ar rialachas Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20. Ag obair le chéile, ghlacamar leis an gcóras monatóireachta ar an gClár chun béim níos mó a leagan ar thionchar freagrach. D'úsáid an Tionól agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann an méid a d'fhoghlaim siad ó MARIE chun teimpléad athbhreithnithe don tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chomhaontú. D'fhaomh an Coiste Monatóireachta an teimpléad i Meitheamh.

Dá bharr sin, cuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann tuairisciú breise maidir le gnéithe TNF san áireamh lena Cláir Ionad agus Spócaí Taighde. Go sonrach, iarrfaidh sí ar thairbhithe tuairisciú a dhéanamh ar dhá cheann de na príomhghnéithe TNF: Rannpháirtíocht an Phobail agus Oideachas Eolaíochta. Déanann an teimpléad eolas do mhéadrachtaí agus táscairí monatóireachta chun na gnéithe sin a thomhas. Cuirfear an t-eolas sin faoi bhráid an Tionóil gach bliain (Iúil 2020 agus 2021). Mar gheall ar an eolas, beidh an Tionól ábalta measúnú a dhéanamh ar athruithe uimhriúla ar na táscairí TNF.

Cuirfear tús le céim 2 in Eanáir 2020 agus mairfidh sí dhá bhliain. I rith na tréimhse sin, beidh an Tionól Réigiúnach ag déanamh monatóireacht ar na torthaí agus an tionchar a bheidh ag an tuairisciú feabhsaithe sin chun na tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le cleachtais oibre fhreagracha a léiriú. Tacaíonn an feabhsú beartais sin leis an gcuspóir foriomlán atá ag MARIE chun feabhas a chur ar bheartas poiblí le tacú le Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach i ndearadh, táirgeadh agus dáileadh nuálaíochta sna hEarnálacha Speisialtóireachta Cliste (S3). Tacaíonn an tionscadal seo le réigiúin chliste inbhuanaithe ionchuimsitheacha a chruthú ach tacaíocht a thabhairt don tiomantas do fhreagracht.

Declan McGrath FFÉ & Karen Coughlan TRD

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le MARIE:

Is é Karen Coughlan an tOifigeach Tionscadail: kcoughlan@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/marie
Twitter: @marieinterreg
Facebook: @MARIEinterreg

Interreg Europe
European Union | European Regional Development Fund

Faigheann MARIE maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Cathair Ghormghlas

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an comhpháirtí Éireannach i dtionscadal Interreg na hEorpa ar a dtugtar Cathair Ghormghlas. Cuireadh tús leis an tionscadal ar an 1 Lúnasa 2019 agus is ionann an buiséad iomlán atá aige agus €1,348,909.

Blue Green City
Interreg Europe

European Union
European Regional
Development Fund

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bonneagar glas agus bonneagar gorm a chur chun cinn mar chuid dhílis de straitéis caomhnaithe oidhreachta nádúrtha ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach.

Tá sé mar aidhm ag Cathair Ghormghlas feasacht agus eolas maidir le coincheap na seirbhísí éiceachórais a mhéadú, chomh maith leis an luach a bhaineann le bonneagar glas agus bonneagar gorm, in imeachtaí tionscadail cosúil le ceardlanna agus seisiúin oiliúna. Déanfar é sin trí phróiseas foghlama idir-réigiúnaí agus próiseas comhoibrithe láidir chun réitigh chomónta a aimsiú ar dhúshláin chomónta a bhaineann leis an athrú aeráide, go háirithe trí thaithí a roinnt agus deachleachtais a mhalartú.

Is sa chomhthéacs sin atá Cathair Ghormghlas ag teacht le Straitéis Bonneagair Ghlais an AE agus le Straitéis Bithéagsúlachta 2020 an AE. Déantar tagairt don ról tábhachtach a bhíonn ag bonneagar glas agus bonneagar gorm i gcaipiteal nádúrtha an AE a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú ach nascacht éiceolaíoch fheidhmeach idir cathracha agus limistéir chosanta pheirea-uirbeacha a sholáthar.

Anuas air sin, luaitear sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) gur cheart go mbeadh bonneagar glas gorm ina phríomhchuid de Phlean Forbartha na n-údarás áitiúil, agus go ndéanfaidh sé eolas do ghníomhartha agus straitéisí a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus comhfhorbairt áite.

Torthaí an Tionscadail:

- Seacht bPlean Gnímh a Fhorbairt
- Cuairteanna staidéir, seimineáir théamacha, cruinnithe oiliúna agus ceardlann athbhreithnithe piaraí Idir-réigiúnach a eagrú
- Imeachtaí cumarsáide agus scaipthe
- Feabhas a chur ar leithdháileadh na gcistí poiblí (cistí struchtúracha den chuid is mó ach cistí eile freisin) a bhaineann go díreach leis na príomhthorthaí (Pleananna Gnímh);
- Moltaí deachleachtais a fhorbairt chun feabhas a chur ar ionstraimí Beartais a chuireann an luach a bhaineann le Bonneagar Glas Gorm mar chuid dhílis de straitéis caomhnaithe oidhreachta nádúrtha ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach chun cinn;

Cuir Aithne ar na Comhpháirtithe

Áirítear le Cathair Ghormghlas comhpháirtithe ón bhFrainc, an Chróit, an Ghearmáin, an Ungáir, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus an Rómáin. Is é an métropole Nice Côte d'Azur, bunaithe i Nice na Fraince, an Príomhchomhpháirtí.

Cruinniú Tosaigh i Nice, an Fhrainc 24 – 25 Meán Fómhair

Ar an 24 agus 25 Meán Fómhair 2019, d'fhreastail Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an gcruinniú tosaigh a d'eagraigh agus a d'óstáil an príomhchomhpháirtí – an métropole Nice Côte d'Azur – Líonra Cathracha Eoromed. Ag an imeacht sin, chuir na heagraíochtaí an tionscadal i láthair, chomh maith leis na comhpháirtithe tionscadail agus na haschuir a bhfuiltear ag súil leo, shainmhínigh siad a ndearna gach comhpháirtí chun an tionscadal a chur i bhfeidhm, agus chuir siad tús leis an bhfoghlaim idir-réigiúnach agus an malartú taithí.

Ó shin, d'eagraigh an Tionól Réigiúnach cruinniú páirtithe leasmhara agus ghlac ionadaithe ó Údaráis Áitiúla agus Uisce Éireann páirt. Ba é cuspóir an chruinnithe fáil amach cad iad na saincheisteanna praiticiúla atá roimh pháirtithe leasmhara nuair a chuireann siad gnéithe glasa agus gorma san áireamh ina gcuid tionscadal. Bhí suim shuntasach ag gach rannpháirtí in obair le chéile a dhéanamh chun an tionscnamh seo a chur ar aghaidh. I gcruinnithe agus pléite ina dhiaidh sin, rinneadh fócas agus aidhmeanna an ghrúpa a shainiú a thuilleadh. Táimid ag tnúth le foghlaim idir-réigiúnach ón tionscadal Cathair Ghormghlas a chur san áireamh chun réitigh ar dhúshláin a aimsiú.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gCathair Ghormghlas:

Bryan Riney: briney@southernassembly.ie
Rob Fennelly: rfennelly@southernassembly.ie
Dominic Walsh: dwalsh@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/bluegreencity

Faigheann Cathair Ghormghlas maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

COHES3ION

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an Comhpháirtí Éireannach sa tionscadal COHES3ION, ar tionscadal idir-réigiúnach é a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar FHEIDHMÍOCHT agus TIONCHAR na STRAITÉISE SPEISIALTÓIREACHTA CLISTE (S3) agus ar Chláir Oibriúcháin Réigiúnacha CFRE lena mbaineann, ó thaobh nuálaíocht a sholáthar ag grúpaí in earnáil Taighde agus Nuálaíochta (T&N). Bainfear é sin amach tríd an ngné réigiúnach a chomhtháthú sa mheascán rialachais agus beartais S3, rud a chuirfidh le comhtháthú réigiúnach ó thaobh Fáis agus Post de.

COHES3ION
Interreg Europe

European Union
European Regional
Development Fund

Tá an Tionól ina chomhpháirtí le naoi réigiún eile sa Spáinn, an Iodáil, an Rómáin, an Ghearmáin, an tSualainn, an Pholainn agus an Bhreatain Bheag. Tá an dúshlán céanna acu ó thaobh Speisialtóireacht Chliste a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach. Tá sé mar aidhm ag COHES3ION dul i ngleic leis sin ach Tosaíochtaí Cliste réigiúnacha a aithint agus comhordú réigiúnach na ngrúpaí soláthair agus tacaíochta nuálaíochta a neartú.

Tá a láidreachtaí ar leith agus buntáiste iomaíoch féin ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Tá na réimsí tosaíochta níos tábhachtaí don gheilleagar. Mar gheall ar ghné réigiúnach a chomhtháthú i S3 na hÉireann, leagfar béim sa réigiún ar a thosaíochtaí cliste a aithint agus a fhorbairt trí na cuspóirí spriocdhírithe maidir le Speisialtóireacht Chliste Réigiúnach a fhorbairt. Soláthraíonn an SRSE, a foilsíodh in Eanráir 2020, deis thráthúil chun straitéisí den Straitéis Speisialtóireachta Cliste (S3) a phlé agus a ailíniú in Éirinn ar an leibhéal réigiúnach i gcomhar leis an tionscadal COHES3ION.

Cuireadh tús leis an tionscadal i Lúnasa 2019 agus beidh sé ar siúl ar feadh trí bliana. Dhá chéim a bheidh i gceist leis an tionscadal agus is ionann an buiséad iomlán agus €1,874,632.

Cuireadh grúpa páirtithe leasmhara áitiúil ar bun. Tá príomhghrúpaí nuálaíochta sa réigiún ar an ngrúpa agus cuirfidh siad a saineolas ar fáil don tionscadal trí dheachleachtais oibre a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt don Phlean Gnímh Réigiúnach a chur i bhfeidhm. Leanfaidh an grúpa páirtí leasmhara forbairt a dhéanamh i rith an tionscadail.

Cruinniú tosaigh,
an Spáinn, 8-10 Deireadh Fómhair

Ar an 8 - 10 Deireadh Fómhair 2019, d'fhreastail Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an gcruinniú tosaigh i mBilbao na Spáinne arna óstáil ag an bPríomhchomhpháirtí, Bizkaia Beaz. Bhí an deis ag comhpháirtithe aithne a chur ar a chéile. Thug an Príomhchomhpháirtí achoimre ar chuspóirí an tionscadail agus shoiléirigh sé a bhfuiltear ag súil leis ó gach comhpháirtí.

Ar an dara lá, cuireadh tús leis an bhfoghlaim idir-réigiúnach. Cuireadh cás-staidéir a bhaineann le hearnáil na tionsclaíochta i réigiún na mBascach os comhair an lucht freastail. Iarradh ar chomhpháirtithe ansin anailís a dhéanamh ar na cás-staidéir chun go gcuirfidh siad ar fhoghlaim siad i bhfeidhm ina réigiún féin ar bhealach éigin. Ina dhiaidh sin, bhí díospóireacht oscailte bhríomhar ar siúl maidir le conas is féidir FBManna a mhealladh isteach sa phróiseas claochlaithe a iarrtar i S3. Rinne gach comhpháirtí ionchur sa díospóireacht. Tríd is tríd, ba chruinniú faisnéiseach agus idirghníomhach agus rinneadh an bhunobair le haghaidh comhoibrithe amach anseo.

Comhpháirtithe an tionscadail COHES3ION ag an gcruinniú tosaigh in Bilbao

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le MARIE:

Is é Karen Coughlan an tOifigeach Tionscadail: kcoughlan@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/cohes3ion/
Twitter: @cohes3ion

Interreg Europe
European Union | European Regional Development Fund

Faigheann COHES3ION maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

MATCH-UP

Díríonn an tionscadal MATCH-UP Interreg na hEorpa ar bharrfheabhsú na n-áiteanna ag a n-athraíonn daoine idir modhanna iompair. Tá sé mar aidhm ag MATCH-UP feabhsúcháin a dhéanamh ar an idirmhalartú idir na 4 phríomhchineál modhanna iompair ísealcharbóin (siúil/rothaíocht; iompar iarnróid; iompar poiblí; feithiclí glasa).

Tá ceithre réigiún Eorpacha sa chomhpháirtíocht - Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in Éirinn, an contae Northeim sa Ghearmáin, an bardas Funchal sa Phortaingéil agus an bardas Timisoara sa Rómáin. Tá siad ag obair le chéile chun taithí, réitigh agus deachleachtas a roinnt le beartas poiblí níos fearr a sholáthar d'fhonn astaíochtaí carbóin a laghdú agus tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht uirbeach ísealcharbóin in ionaid uirbeacha ainmnithe.

Bhí na páirtithe leasmhara Éireannacha sa tionscadal MATCH-UP an-ghnóthach in 2019. Ghlac siad páirt i gcruinnithe páirtithe leasmhara, mhol siad deachleachtais dár gcomhpháirtithe Idir-Réigiúnacha le go bhfoghlaimeoidh siad uathu, agus d'fhreastail siad ar sheisiúin deachleachtais i réigiúin ár gcomhpháirtithe Idir-Réigiúnacha.

Thar ceann ár bpáirtithe leasmhara MATCH-UP, chuireamar ceithre Dheachleachtas Éireannacha isteach faoi bhráid Ardán Foghlama Beartais de chuid Interreg na hEorpa. Rinne a Saineolaithe téama measúnú ar na deachleachtais sin. Tá ríméad orainn gur chinn siad na deachleachtais a fhoilsiú mar shamplaí do réigiún eile san Eoraip le go bhfoghlaimeoidh siad uathu, mar seo a leanas:

1. Bonneagar Rothaíochta agus Taistil a bhaineann leis an Luas ó Bhonneagar Iompair Éireann
2. Fóram Soghluaisteachta Iompair Chorcaí ó Chomhairle Cathrach Chorcaí
3. Clár Iompair Thuaithe Nasc Áitiúil ó Nasc Áitiúil Phort Láirge
4. Clár Taistil na Scoileanna Glasa ó An Taisce

Mar gheall ar leibhéil mhéadaithe truaillithe aeir, astaíochtaí CO2 agus plódú tráchta san AE, tá forbairt na soghluaisteachta ilmhódaí inbhuanaithe ar cheann de na príomhdhúshláin atá roimh an AE. Bhí an Tionól Réigiúnach, mar chomhpháirtí sa tionscadal MATCH-UP agus in éineacht lenár gcomhpháirtithe leasmhara, ag déanamh imscrúdú ar na deachleachtais i réigiúin ár gcomhpháirtithe idir-réigiúnacha chun deachleachtais a aithint a d'fhéadfaimis a ghlacadh agus feabhas a chur ar na straitéisí iompair inbhuanaithe inár réigiún.

MATCH-UP
Interreg Europe

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Funchal, an Phortaingéil – Feabhra

D'fhreastail Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus ár bpáirtithe leasmhara - Bonneagar Iompair Éireann - ar chuairt staidéir i Funchal na Portaingéile i bhFeabhra 2019 lena deachleachtais idirmhalartaithe idir modhanna iompair a fheiceáil dóibh féin. I measc na ndeachleachtas, tá Crosairí Cliste agus beartais áirithithe do choisithe agus beartais srianta bóthair chun siúil a chothú.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Timisoara, an Rómáin – Bealtaine

Ar ár ndara cuairt idir-réigiúnach, chuamar go dtí Timisoara lenár bpáirtithe leasmhara – Comhairle Cathrach Chorcaí – i mBealtaine 2019 chun scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar a ndeachleachtais, lena n-áirítear "Tacsaithe Uisce" agus a Stáisiúin Iompair Phoiblí a Nuachóiriú.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Northeim, an Ghearmáin – Meitheamh

Thugamar faoinár gcuairt dheireanach Idir-Réigiúnach ar Northeim lenár gcomhpháirtithe – Nasc Áitiúil Phort Láirge – i Meitheamh 2019 chun a ndeachleachtas a fheiceáil dúinn féin. Bhí an deis againn an tionscadal athbheochana "Ilmebahn" a fheiceáil. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seanlínte iarnróid a chur i bhfearas arís lena n-úsáid mar iompar paisinéirí. Chonaiceamar an bus saoránach "Bodenfelde" freisin, ar líonra bus é a cheanglaíonn paisinéirí ag a bhfuil deacrachtaí luaineachta le seirbhísí riachtanacha.

> *Anuas air sin, bhíomar gníomhach in Éirinn chun feasacht ar an tionscadal MATCH-UP agus soghluaisteacht uirbeach ísealcharbóin a ardú i measc an phobail in Éirinn.*

I Márta 2019,
tugadh cuireadh do Thionól Réigiúnach an Deiscirt an tionscadal MATCH-UP a chur os comhair lucht freastal níos mó mar chuid den Fhóram Soghluaisteachta Iompair Chorcaí sa seimineár 'Mix Your Mode' in 2019.

Rás in aghaidh Rob
Corcaigh - Meán Fómhair

D'óstáil Tionól Réigiúnach an Deiscirt, in éineacht lenár bPáirtithe Leasmhara Fóram Soghluaisteachta Iompair Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí, an t-imeacht "The Race Against Rob" le linn Sheachtain Soghluaisteachta na hEorpa i Meán Fómhair 2019 i gCathair Chorcaí, Éire.

Bhí seaimpín an domhain, buaiteoir boinn Oilimpeach agus fear na curiarrachta náisiúnta don rás siúil 50km, Rob Heffernan, arb as Corcaigh dó ó dhúchas, i gceannas ar an rás. Is ambasadóir pobail agus óige é Rob. Tharraing sé agus 70 duine den phobal aird ar théama de chuid Sheachtain Soghluaisteachta na hEorpa 2019, is é sin "Walk with Us!". Dhírigh an téama ar shiúil agus rothaíocht shábháilte agus ar na bealaí ar féidir soghluaisteacht ghníomhach dul chun leas ár sláinte agus timpeallacht. Rith daoine den phobal i gcoinne Rob agus úsáid á baint acu as modhanna iompair ísealcharbóin, rothair, rothair ar cíos agus iompar poiblí.

Thosaigh an rás ag an mol iompar a athchóiríodh le déanaí ag Stáisiún Traenach Cheannt agus thrasnaigh sé an droichead nua coisithe agus rothaíochta, Droichead Mary Elmes. Tharraing an rás aird ar an mbonneagar coisithe agus rothaíochta a uasghrádaíodh le blianta beaga anuas.

D'éirigh thar cionn leis an imeacht agus thug sé an deis dúinn feasacht a ardú ar na feabhsúcháin ar an idirmhalartú módúil a cuireadh i gcrích i gCathair Chorcaí le blianta beaga anuas agus spreag sé níos mó daoine úsáid a bhaint as iompar ísealcharbóin sa chathair.

Rannpháirtithe sa rás Race Against Rob ag iarraidh an ceann is fearr ar Rob Heffernan agus iompar ísealcharbóin á úsáid acu i gCorcaigh.

An Cathaoirleach an Comhairleoir Joe Carroll ag Droichead Mary Elmes, Corcaigh, chun an t-imeacht Race Against Rob i Meán Fómhair.

CAFÉ SOGHLUAISEACHTA MATCH-UP

Chomh maith leis sin, d'óstáil Tionól Réigiúnach an Deiscirt an CAFÉ SOGHLUAISEACHTA MATCH-UP i Meán Fómhair 2019 chun plé a dhéanamh ar idirmhalartú módúil ísealcharbóin agus ar an Straitéis Iompair do Limistéar Cathrach Chorcaí 2040.

I measc na n-aoichainteoirí bhí:

- *Sebastiaan Van Der Hijden, Comhairleoir Straitéiseach Soghluaisteachta, Bardas Utrecht, An Ísiltír: "Planning for People (& Bikes), Not for Cars".*
- *Rodolfo Benevenuto, an Rannóg Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Timpeallachta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath: "Bike Sharing – Connecting Mobility and Activity Hubs in Cork".*
- *Owen Shinkwin, Pleanálaí Sinsearach, An tÚdarás Náisiúnta Iompair & Kevin Burke, Príomhphleanálaí Iompair, Jacobs: "Proposed Cork Metropolitan Area Transport Strategy 2040"*
- *Bernie Connolly, Comhordaitheoir Fhóram Iompair Chorcaí: "Low Carbon Multi Modal Travel in Cork City".*

D'fhreastail os cionn 60 duine den phobal ar an gcafé soghluaisteachta, daoine a raibh suim acu i níos mó eolais a fháil ar na deachleachtais san Ísiltír agus na hathruithe molta ar Straitéis Iompair Chathair Chorcaí go dtí 2040. Bhí an café an-ghníomhach. Ghlac daoine den phobal páirt shuntasach agus mhol siad feabhsúcháin bhreise ar idirmhalartú modúil i gCathair Chorcaí.

Tacóidh na gníomhaíochtaí, deachleachtais, cuairteanna staidéir Idir-Réigiúnacha ar fad le Tionól Réigiúnach an Deiscirt tabhairt faoi Phlean Gnímh Réigiúnach don tionscadal MATCH-UP. Táimid ag súil leis go bhfoilseofar an Plean Gnímh Réigiúnach go déanach in 2020 agus cuirfidh sé feabhas ar ár n-ionstraimí beartais ach ár straitéis do shoghluaiseacht uirbeach ísealcharbóin a fheabhsú agus idirmhalartú módúil a fheabhsú.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi MATCH-UP:

Is í Rose Power an tOifigeach Tionscadail: rpower@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/match-up
Twitter: @MATCHUP_Project
Facebook: @MatchUpProject

Interreg Europe
European Union | European Regional Development Fund

Faigheann MATCH-UP maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

FIRESPOL

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Interreg na hEorpa FIRESPOL infheistíocht i bhFuinneamh Inathnuaite a mhéadú ach tacaíocht a thabhairt d'Ionstraimí Airgeadais nuálacha a thabhairt isteach sna réigiúin chomhpháirtíochta. Bainfear amach é sin trí fheabhas a chur ar ionstraimí beartais réigiúnaigh, lena n-áirítear scéimeanna agus oibríochtaí nua faoi Chláir Oibriúcháin.

Údaráis Bhainistíochta agus Gníomhaireachtaí Fuinnimh ó shé réigiún i sé Bhallstát atá sa chomhpháirtíocht – an Spáinn, an Ghearmáin, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn agus Éire. Roinneann comhpháirtithe eolas, taithí, deachleachtas, smaointe agus réitigh.

Nuair a d'fhoilsigh an Rialtas a Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2019, cuireadh in iúl go soiléir an tábhacht a bhaineann le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i bhfuinneamh inathnuaite. Tuaradh go rachadh Éire faoin ochtú cuid den sprioc don tréimhse 2013 go dtí 2020 maidir le foinsí inathnuaite a bhaint amach. Leagtar amach spriocanna uaillmhianacha nua maidir le foinsí inathnuaite roimh 2030 sa Phlean Gníomhaíochta um an Aeráid. Cuireadh an uaillmhian sin san áireamh nuair a dréachtaíodh an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) do Réigiún an Deiscirt.

Tá sé mar aidhm ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal FIRESPOL, deachleachtais ábhartha a aithint a d'fhéadfadh eolas a dhéanamh do bheartas réigiúnach, éascaíocht a dhéanamh ar dheontas nó ionstraimí airgeadais nuálacha a thabhairt isteach, agus tacaíocht a thabhairt do leibhéal níos airde infheistíochta i bhfuinneamh inathnuaite sa réigiún.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Lublin, an Pholainn, Eanáir

Ba é príomhfhócas an dara chruinnithe den tionscadal FIRESPOL tús a chur le deachleachtais ónár réigiúin a roinnt.

I ndiaidh na gceardlann deachleachtais, thugamar cuairt ar an gcnuasach fuinnimh i ngleann Zielawa – ar comhpháirtíocht é idir cúig bhardas áitiúla ag déanamh comhinfheistíochta i bhfuinneamh inathnuaite. D'éirigh leis an gcomhpháirtíocht feirm fhótavoltach ghréine ag a bhfuil 1.4MW a fhorbairt. Faoi láthair, is é sin an fheirm ghréine is mó i réigiún Lubelskie.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Split, an Chróit, Bealtaine

Ag an tríú cruinniú, díríodh arís ar dheachleachtais a roinnt agus thosaíomar na cinn ba shuimiúla a roghnú trí mheán athbhreithniú piaraí.

Thugamar cuairt ar an bhfeirm ghaoithe Jelinak, a d'fhorbair an forbróir fuinnimh gaoithe Spáinneach ACCIONA. Is éard atá ann ná fiche tuirbín gaoithe AW1500 a bhfuil acmhainn iomlán de 30MW acu. Tá siad ábalta leictreachas a ghiniúint atá comhionann le úsáid leictreachais i thart ar 30,000 teach sa Chróit gach bliain. Chomh maith leis sin, thugamar cuairt ar stáisiún cumhachta hidrileictrí Orlovac, áit a bhfuil acmhainn shuiteáilte de 249MW ar an iomlán.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Phort Láirge, Éire – Iúil

Chuir an Tionól Réigiúnach fáilte roimh chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chuig Port Láirge don cheathrú cruinniú den tionscadal FIRESPOL. Chuir na comhpháirtithe torthaí a bhféinmheasúnuithe réigiúnacha i láthair. Ina dhiaidh sin, rinneadh plé ar na Pleananna Gnímh Réigiúnacha atá le forbairt ag gach ceann de na comhpháirtithe tionscadail.

Thugamar cuairt ar Ormonde Organics, ar comhlacht áitiúil é a úsáideann dramhaíl orgánach ó thalmhaíocht, earnáil na tionsclaíochta agus údaráis bhardasacha chun fuinneamh glas a ghiniúint (bithghás, leictreachas, teas) agus táirgí feabhsaithe ithreach ilchothaitheach a dhéanamh.

Thugamar cuairt freisin ar Flahavans, ar monarcha dhéantúsaíochta bia é i gCoill Mhic Thomáisín, a tháirgeann idir 60% agus 70% dá riachtanais fuinnimh féin óna fhoinsí fuinnimh inathnuaite féin, lena n-áirítear cumhacht hidrileictreach, bithmhais, fuinneamh gaoithe agus suiteálacha gréine fótavoltachais.

Cuairt Staidéir Idir-Réigiúnach ar Hesse, an Ghearmáin, Deireadh Fómhair

Bhí an cúigiú cruinniú ar siúl i Wiesbaden agus Frankfurt, sa stát Hesse. Bhí ceardlanna breise maidir le deachleachtais ar siúl. Leagadh béim ar leith ar ionstraimí airgeadais ar féidir leo tacú le glacadh níos mó le fuinneamh in-athnuaite.

Thaistealaíomar ar bhus a ritheann ar chill bhreosla hidrigin chun cuairt a thabhairt ar Fheirm Ghaoithe Weilrod, ar "conair fuinnimh" 5km é a d'fhorbair ABO Wind ar a bhfuil cláir faisnéise, cluichíocht agus stáisiúin thráth na gceist feadh conair shiúil radharcach. Ina dhiaidh sin, rinneadh cuir i láthair maidir le hinfheistíocht i bhfuinneamh inathnuaite, go háirithe trí chomharchumainn phobail, ag an Saotharlann Tionchair Shóisialta i bhFrankfurt.

Tacóidh na rudaí sin ar fad – na gníomhaíochtaí, na deachleachtais, na cuairteanna staidéir idir-réigiúnacha agus an teagmháil le páirtithe leasmhara – le Tionól Réigiúnach an Deiscirt tabhair faoi Phlean Gnímh Réigiúnach don tionscadal FIRESPOL. Táimid ag súil leis go bhfoilseofar an Plean Gnímh Réigiúnach go déanach in 2020.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin tionscadal FIRESPOL:

Enda Hogan: ehogan@southernassembly.ie
Vincent Dunphy: vdunphy@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/firespol
Twitter: @firespolproject
Facebook: @firespolproject

Interreg Europe
European Union | European Regional Development Fund

Faigheann FIRESPOL maoiniú i bpáirt ó Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

An tEolas is Déanaí maidir le Cláir AE

Tá Comhar Críochach Eorpach (Interreg san áireamh) ar cheann d'aidhmeanna Bheartas Comhtháthaithe an AE agus soláthraíonn sé creatlach chun comhghníomhartha agus malartú beartais idir grúpaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ó Bhallstáit éagsúla a chur i bhfeidhm.

Tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le gníomhartha comhoibrithe trí mheán trí phríomhghné:

- Comhar trasteorann – Interreg A;
- Comhar trasnáisiúnta – Interreg B;
- Comhar idir-réigiúnach – Interreg C – Interreg na hEorpa.

Interreg VA: *Comhar Trasteorann*

Clár Éireann-na Breataine Bige 2014-2020

Tacaíonn Clár Éireann-na Breataine Bige le gníomhaíochtaí a dhéanann éascaíocht ar chomhar trasteorann idir eagraíochtaí in Éirinn agus an Bhreatain Bheag. Is clár muirí é a cheanglaíonn eagraíochtaí, gnólachtaí agus pobail ar chósta iarthair na Breataine Bige le cósta thoir agus theas na hÉireann. Cuireadh tús leis an gcéad Chlár in 1994 agus rinne cláir ina dhiaidh sin forbairt air. Cuireadh tús leis an gclár reatha in 2014 agus b'ionann an buiséad deontais foriomlán ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus €100m.

D'fhaomh an Coimisiún Eorpach Clár Éireann-na Breataine Bige reatha i Márta 2015 agus is ionann an buiséad iomlán agus thart ar €100m. Tá ráta cómhaoinithe 80% i gceist leis.

Tá maoiniú ar fáil faoi thrí Thosaíocht:

TOSAÍOCHT 1	TOSAÍOCHT 2	TOSAÍOCHT 3
Nuálaíocht Trasteorann	Pobail Mhuir Éireann agus Pobail Cois Cósta a Chur in Oiriúint don Athrú Aeráide	Acmhainní Cultúrtha agus Nádúrtha & Oidhreacht
Cuspóir Sonrach	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**
Déine comhoibriú aistrithe eolais a mhéadú ina bhfuil baint ag eagraíochtaí taighde agus FBMaana ar aon dul le tosaíochtaí roinnte na straitéisí speisialaithe chliste	Acmhainní agus eolas an Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide a mhéadú do phobail Mhuir Éireann agus pobail cois cósta	Acmhainní sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha a fhíorú ar bhealach inbhuanaithe i dtaobh líon na gcuairteoirí ar phobail cois cósta i limistéir an Chláir a mhéadú

Bainistíonn Rialtas na Breataine Bige an clár in éineacht le comhpháirtithe, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Tá na hOifigigh Forbartha Éireannacha bunaithe sa Tionóil Réigiúnach i bPort Láirge. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gclár, téigh i dteagmháil le Samantha Richardson ar srichardson@southernassembly.ie nó Breda Curran ar bcurran@southernassembly.ie

An tEolas Is Déanaí faoin gClár in 2019

Tosaíocht 1 - Nuálaíocht Trasteorann

Dŵr Uisce

Is comhthionscadal idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (príomhchomhpháirtí) agus Ollscoil Bheannchar é Dŵr Uisce. Faigheann sé maoiniú €2.67m ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Tá sé mar aidhm ag Dŵr Uisce feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an tsoláthair uisce, na cóireála agus na húsáide deiridh.

*An fhoireann **Dŵr Uisce** ag Tuirbín an Staighre Dhuibh, Éire le linn tógála in Aibreán.*

CALIN

Is comhoibriú é CALIN idir Ollscoil Swansea (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Bheannchar, Ollscoil Chaerdydd, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Náisiúnta Tyndall Chorcaí, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Fuarthas maoiniú €9.34m ó CFRE. Tá CALIN ag tacú le cláir thaighde agus forbartha do FBManna in earnáil na n-eolaíochtaí beatha.

The Irish Sea Portal (Pilot)

Is comhthionscadal idir Ollscoil Bheannchar (príomhchomhpháirtí) agus Bord Iascaigh Mhara é Tairseach Mhuir na hÉireann (clár píolótach). Fuair an tionscadal maoiniú €1.1m ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Mar chuid den tionscadal píolótach, bunaíodh cnuasach a dhíríonn ar staidéar ar larbhaí sliogéisc óig agus ar lonnaíocht ar ghrinneall na farraige. Tá sé mar aidhm aige tuiscint níos doimhne a fháil ar ghluaiseacht na larbhaí sliogéisc i Muir na hÉireann agus an timpeallacht agus ar phátrúin lonnaíochta larbhaí, is é sin le linn na tréimhse 'síol'.

piSCES

Is comhthionscadal idir Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Chaerdydd, Údarás Calafoir Milford Haven agus Bord Iascaigh Mhara é piSCES. Fuarthas maoiniú €1.8m ó CFRE. Tá an tionscadal Córas Fuinnimh na gCnuasach Cliste ag obair leis an tionscal próiseála éisc chun laghdú a dhéanamh ar chostais oibriúcháin agus ar a lorg coise carbóin ach líonra leictreachais nua ag a bhfuil 'eangach chliste' a fhorbairt agus a thástáil.

*An fhoireann **piSCES** ag cruinniú comhpháirtí i bPort Láirge, Deireadh Fómhair*

CATALYST

Is comhthionscadal idir Ollscoil na Breataine Bige, Trinity Saint David (príomhchomhpháirtí), WRAP Cymru, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Cheatharlach é CATALYST. Fuarthas maoiniú €1.35m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal nuálaíocht a spreagadh i ngnólachtaí Breatnacha agus Éireannacha in earnáil na heolaíochta beatha agus san earnáil bia agus dí ach tacú leo saintáirgí nua a fhorbairt, taighde a dhéanamh, rochtain a fháil ar mhargaí nua agus a chinntiú go n-íoslaghdaítear pacáistiú na dtáirgí agus go bhfoinsítear pacáistiú ar bhealach inbhuanaithe.

More than a Club

Is comhthionscadal é More than a Club idir Cumann Peile na hÉireann (príomhchomhpháirtí) agus Vi-Ability (ar Fiontar Sóisialta Breatnach é). Fuair sé maoiniú €1.03m ó CFRE. Tá an tionscadal ag obair le clubanna peile proifisiúnta áitiúla in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag chun tacú leo fiontair shóisialta aonair a bhunú, cláir nuálaíocha a sholáthar a thugann aghaidh ar riachtanais shóisialta i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Niall Ring, ag bronnadh teastais gaisce ar dhaltaí ó St Laurence O'Toole's BNS, St Gabriel's NS, St Finbarr's BNS, agus St. Catherine's GNS as an gClár 'Double Club' Bohemians FC a chur i gcrích. Bhí an searmanas bronnta ar siúl i dTeach Ardmhéara, Baile Átha Cliath.

Bucanier

Is comhthionscadal idir Comhairle Contae Pembrokeshire (príomhchomhpháirtí), Comhairle Contae Carmarthenshire, Comhairle Contae Loch Garman, Institiúid na nEolaíochtaí Beatha in Ollscoil Swansea, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus Bord Iascaigh Mhara é BUCANIER, a fuair €2.35m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal méadú a dhéanamh ar acmhainn nuálaíochta laistigh de FBManna agus fiontair shóisialta.

SELKIE

Is comhthionscadal idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (príomhchomhpháirtí), DP Energy Ireland Ltd., Gavin and Doherty Geosolutions, Ollscoil Swansea, Pembrokeshire Coastal Forum agus Menter Môn é SELKIE, a fuair maoiniú €4.2m ó CFRE. Tá Selkie ag cur líonra FBManna fuinnimh aigéin agus cuideachtaí slabhra soláthair ar bun. Chomh maith leis sin, tá sé ag tabhairt faoi thionscadail T&F comhoibríocha idir earnáil na tionsclaíochta agus an saol acadúil, aistriú eolais T&F chuig páirtithe leasmhara gaoithe agus taoide in earnáil na tionsclaíochta agus ar FBManna iad, agus ag déanamh dul chun cinn san earnáil teicneolaíochta tríd is tríd, agus ag tabhairt tacaíocht do FBManna chun go rachaidh siad ar aghaidh go dtí tráchtálú.

Seoladh an tionscadail SELKIE ag an imeacht Ocean Energy Europe i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair, le hAire Comhshaoil, Fuinnimh agus Gnóthaí Tuaithe

Tosaíocht 2 - Pobail Mhuir Éireann agus Pobail Cois Cósta a Chur in Oiriúint don Athrú Aeráide

CHERISH

Is comhthionscadal idir an Coimisiún Ríoga maidir le Dealbha Ársa agus Stairiúla na Breataine Bige (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Aberystwyth, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, agus an Clár Discovery na hÉireann é CHERISH, a fuair maoiniú €4.1m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag CHERISH méadú a chur ar shaineolas trasteorann agus ar thuiscint ar na tionchair a bhí, a bhíonn is a bheidh go luath ag an athrú aeráide, stoirmeacha, agus imeachtaí adhaimsire ar oidhreacht chultúrtha Mhuir Éireann, is é sin na sceireacha, na hoileáin agus na cinn tíre.

Tá dróin ina ndlúthchuid den chur chuige CHERISH ó thaobh láithreáin oidhreachta cois cósta a thaifeadadh. Úsáideann an fhoireann trasteorann roinnt píolótaí cáilithe drón, cosúil leis an gceann seo atá ag tabhairt faoi thaifeadadh 3D fótagraiméadrachta ar dhún ceann tíre cois cósta Caerfai i Naomh Dáibhí, an Bhreatain.

Bluefish

Is comhthionscadal idir Ollscoil Bheannchar (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Swansea, Ollscoil Aberystwyth, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Foras na Mara agus Bord Iascaigh Mhara é BlueFish, a fuair maoiniú €5.3m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag Bluefish forbairt a dhéanamh ar thuiscint ar an nasc (déimeagrafach, géiniteach, saolréime, tráchtála) idir sliogiasc / iasc eite agus paraisít / pataigin i Muir Éireann, agus conas a d'fhéadfadh an t-athrú aeráide tionchar a imirt thimpeallacht fhisiciúil, cheimiceach agus bhitheach.

STREAM(Sensor Technologies for Remote Environmental Aquatic Monitoring)

Is comhthionscadal idir Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Swansea agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é STREAM (Sensor Technologies for Remote Environmental Aquatic Monitoring), a fuair maoiniú €4.3m ó CFRE. Tá comhpháirtithe an tionscadail lonnaithe ar an dá thaobh de Mhuir Éireann chun próisis nua a fhorbairt chun costas an fhaireacháin mhuirí a laghdú agus dlús a chur leis an bpróiseas le sonraí a sholáthar do phríomheagraíochtaí.

Acclimatize

Is comhthionscadal é Acclimatize idir an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (príomhchomhpháirtí) agus Ollscoil Aberystwyth, a fuair €5.4m ó CFRE. Déanfaidh ACCLIMATIZE imscrúdú ar thionchar an athraithe aeráide ar uisce snámha agus forbróidh sé raon teicneolaíochtaí, uirlisí réamh-mheastacha cliste fíorama san áireamh, chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an uisce le sláinte daonna agus an timpeallacht mhuirí a chosaint.

Samplaí á dtógáil ó uisce snámha in Éirinn agus an Bhreatain Bheag, Bá Bhaile Átha Cliath san áireamh, chun sruthanna truaillithe a chainníochtú agus samhlacha a fhorbairt chun tionchar an athraithe aeráide ar cháilíocht uisce a thuar.

ECHOES

Is comhthionscadal idir Ollscoil Aberystwyth (príomhchomhpháirtí), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Compass Informatics, Iontaobhas Éaneolaíochta na Breataine agus Geo Smart Decisions é ECHOES, a fuair maoiniú €2.6m ó CFRE. Tá ECHOES (Effect of Climate Change on Bird Habitats around the Irish Sea) ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide atá roimh ghnáthóga éan ar chósta Mhuir Éireann ach tuiscint ar an athrú aeráide a chur chun cinn, agus na huirlisí a sholáthar chun a thionchair fhéideartha a mhonatóiriú, a bhainistiú agus a chur in oiriúint. Tá an tionscadal ag obair le páirtithe leasmhara in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sé de chúram orthu gnáthóga cósta agus daonraí éan a bhainistiú, chomh maith leo siúd a chónaíonn sa timpeallacht cósta nó a bhaineann tairbhe as an timpeallacht cósta.

CCAT

Is comhthionscadal idir an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (príomhchomhpháirtí), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Fhine Gall, Ollscoil Chaerdydd, Fóram Cósta Pembrokeshire agus an Calafort Milford Haven é CCAT, a fuair maoiniú €1.2m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal athléimneacht (acmhainneacht oiriúnaitheachta i leith athraithe) a fhorbairt i bpobail cois cósta a bhfuil tionchar díreach ag an athrú aeráide orthu, saoránacht mhuirí agus aeráide a éascú, agus acmhainneacht réigiún Mhuir Éireann a fhíorú ach pobail cois cósta a cheangal (arís) lena gceantar, a gcórais dhinimiciúla chósta agus ár n-aeráid atá ag athrú.

Ecostructure

Is comhthionscadal idir Ollscoil Aberystwyth (príomhchomhpháirtí), Ollscoil Swansea, Ollscoil Bheannchar, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é ECOSTRUCTURE, a fuair maoiniú €3.3m ó CFRE. Tá sé mar aidhm ag ECOSTRUCTURE feasacht a ardú ar réitigh éicea-innealtóireachta ar an dúshlán a bhaineann le limistéir chósta a chur in oiriúint don athrú aeráide. Soláthróidh sé uirlisí agus acmhainní inrochtana d'fhorbróirí agus rialálaithe, bunaithe ar thaighde idirdhisciplíneach in éiceolaíocht, innealtóireacht agus socheacnamaíocht.

Tosaíocht 3 - Acmhainní Cultúrtha agus Nádúrtha & Oidhreacht

LlwybrauCeltaidd
Bealaí na gCeilteach
CelticRoutes

Celtic Routes

Is comhthionscadal idir Comhairle Contae Carmarthenshire (príomhchomhpháirtí), Comhairle Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Ceredigion agus Údarás Páirce Náisiúnta Chósta Pembrokeshire é Bealaí na gCeilteach, a fuair maoiniú €1.59m ó CFRE. Tabharfaidh Bealaí na gCeilteach spreagadh do chuairteoirí taiscéalaíocht a dhéanamh i gceantair nua den Bhreatain Bheag agus Éire agus iad ar a mbealach chuig a gceann scríbe deiridh, ach feabhas a dhéanamh ar tharraingteacht na n-áiteanna chun conairí nua a fhorbairt a nascann cultúr agus oidhreacht áitiúil agus an timpeallacht nádúrtha. Trí cheantair nach bhfuil chomh hiomráiteach sin a athrú ó chriosanna iompair go láithreáin turasóireachta nua, tiocfaidh méadú ar an méid ama a chaithfidh cuairteoirí sna réigiúin sin agus a chuirfidh dlús le geilleagair áitiúla.

Tá baint ag an loch oighreach draíochtach Llyn y Fan Fach i bPáirc Náisiúnta na mBrecon Beacons, an Bhreatain Bheag leis an bhfinscéal 'Bean an Locha' ón 14ú haois. Tá an baile margaidh gleoite Llandovery thar na cnoic, áit a bhfuil dealbh cruach dosmálta 5 mhéadar ar airde de Llywelyn ap Gruffydd Fychan. Tugtar an 'Welsh Braveheart' ar an bhfear a chuir Henry IV chun báis mar phionós as an tacaíocht a thug sé do Owain Glyndŵr.

Ports, Past and Present
Calafoirt, Inniu agus Inné
Porthladdoedd, Ddoe a Heddiw

Ports, Past and Present

Is comhthionscadal idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (príomhchomhpháirtí), Comhairle Contae Loch Garman, Ollscoil Aberystwyth agus Ollscoil na Breataine Bige, Trinity Saint David, Ionad Ard-Léinn na Breatnaise agus na Staidéar Ceilteach é Calafoirt, Inniu agus Inné, a fuair maoiniú €2.6m ó CFRE. Tá stair roinnte ag Éirinn agus an Bhreatain Bheag ach tá difríochtaí móra eatarthu freisin. Ta an stair chéanna ag calafoirt sa dá thír ó thaobh oibrithe ó thíortha eile ag a bhfuil cultúir agus teangacha éagsúla a ghlacadh. Déanann an tionscadal scrúdú ar chultúir na gceantar calafoirt – Baile Átha Cliath, Ros Láir, Holyhead, Fishguard agus Pembroke – agus cuirfidh sé an oidhreacht sin in iúl don phobal, laistigh de phobail cois cósta féin agus pobail eile freisin chun méadú a chur ar líon na gcuairteoirí agus feabhas a chur ar thaithí na gcuairteoirí. Ar an mbealach sin, méadófar cumas na bpobal cósta chun úsáid a bhaint as a n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha mar spreagadh fáis gheilleagraigh. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal beocht agus brí a chur sna calafoirt, feabhas a chur ar an taithí a bhíonn ag cuairteoirí an lae inniu de gach aois a bhfuil spéiseanna éagsúla acu agus daoine a spreagadh níos mó ama agus airgid a chaitheamh sna bailte sin.

Cruinniú tosaigh idir na comhpháirtithe ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire i Meitheamh. Sonraí an ghrianghrafadóra - Tomás Tyner.

Interreg NWE

Is clár Comhoibrithe Chríochaigh Eorpaigh trasnáisiúnta é Interreg Iarthuaisceart na hEorpa (Interreg NWE) a bhfuil sé mar aidhm aige Iarthuaisceart na hEorpa a fhorbairt ó thaobh geilleagair de agus áit thaitneamhach a chruthú le hoibriú agus maireachtáil inti, ina bhfuil ardleibhéil nuálaíochta, inmharthanachta agus comhtháthaithe.

Ag tosú i 2014, infheistíonn Interreg NWE €370 milliún ag 60% an ráta deontais i ngníomhaíochtaí bunaithe ar chomhar idir eagraíochtaí ó ocht dtír: Éire, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, Lucsamburg, an Eilvéis, cuid den Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír.

Cruthaíodh é chun comhar a chothú in Iarthuaisceart na hEorpa, tugann an clár faomhadh do thionscadail chun torthaí fíora a bhaint amach agus caighdeán saoil an tsaoránaigh a fheabhsú agus difríochtaí geilleagair idir réigiúin a ísliú. Tá sé mar aidhm ag gach tionscadal maoinithe cur le haidhmeanna Eoraip 2020 agus fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a sholáthar. Spreagann Interreg NWE eagraíochtaí poiblí, príobháideacha, eolaíochta agus sochaí sibhialta chun comhoibriú le chéile chun feabhas a chur ar fhorbairt gheilleagrach, comhshaoil, shóisialta agus críche réigiúin na hEorpa.

Tosaíochtaí an Chláir

Tugann Interreg Iarthuaisceart maoiniú do thionscadail faoi thrí thosaíocht, agus tá cuspóir sonrach nó níos mó ag gach ceann.

TOSAÍOCHT 1	TOSAÍOCHT 2	TOSAÍOCHT 3
Nuálaíocht	Carbón Íseal	Éifeachtúlacht Acmhainne agus Ábhar
Cuspóir Sonrach	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**
1. Feabhas a chur ar fheidhmíocht nuálaíochta na bhfiontar	1. Éascaíocht a dhéanamh ar straitéisí ísealcharbóin, fuinnimh agus cosaint aeráide chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa 2. Éascaíocht a dhéanamh ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, táirgí, próiseas agus seirbhísí in earnálacha ag a bhfuil acmhainneacht mhór le fuinneamh a shábháil chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú 3. Éascaíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na réiteach trasnáisiúnta ísealcharbóin i gcórais iompair chun astaíochtaí GCT a laghdú	1. (Ath)úsáid acmhainní ábhar agus nádúrtha a bharrfheabhsú

An tEolas Is Déanaí faoin gClár in 2019

Project Idea Lab an Bhruiséil – Aibreán

Cuireadh an t-imeacht forbartha tionscadail deiridh ar siúl sa Bhruiséil ar an 2 Aibreán 2019. Chuir an t-imeacht an 9ú gairm tograí chun cinn agus thug sé os cionn 300 rannpháirtí le chéile ó gach cuid den limistéar cláir.

Gairm Caipitlithe & an t-imeacht NWE 'Making an Impact' Lille – Nollaig

Sheol an Clár gairm caipitlithe le linn 2019. Chun an ghairm sin a chur chun cinn, chuir an Clár a chéad imeacht caipitlithe ar siúl ar 4-5 Nollaig i Tourcoing, an Fhrainc. Úsáideadh an t-imeacht sin chun éascaíocht a dhéanamh ar dheiseanna líonraithe agus sineirgí idir torthaí tionscadail a thógáil. Ba é an chéad deis chun aird a tharraingt ar éachtaí tionscadail ar bhealach inbhraite freisin. Tháinig 370 rannpháirtí chuig an imeacht. Cuireadh léargas ar leith ar fáil dóibh ar na torthaí a bhain na 83 tionscadal NWE amach go dtí seo, chomh maith le treoirlínte mionsonraithe ar chéad ghairm caipitlithe an Chláir. Cuireadh 15 iarratas isteach mar chuid den ghairm sin.

Tionscadail a comhaontaíodh le comhpháirtithe Éireannacha in 2019

In 2019, cheadaigh an Coiste Monatóireachta 25 tionscadal breise, a bhfuil grúpaí Éireannacha páirteach i ndeich díobh. Mar gheall ar na ceaduithe, tugadh thart ar €7,172,456.321 ó CFRE do chomhpháirtithe Éireannacha.

Tionscadal	Comhpháirtí Éireannach	Deontas a Ceadaíodh € CFRE
BioWILL	• Ollscoil Luimnigh • Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí • Líonraí Gáis Éireann • Coláiste na hOllscoile, Corcaigh • Teagasc	• €1,098,428.00 • €427,943.47 • €100,625.50 • €171,622.36 • €0.00
Care-Peat	• Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	• €978,285.63
ENERGE	• Ollscoil na hÉireann, Gaillimh • CASTeL Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	• €1,176,835.15 • €170,402.73
ICaRE4Farms	• Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair	• €342,300.00
OceanDEMO	• SmartBay Ireland • Vilicom Engineering Limited	• €48,450.00 • €48,450.00
00.REAMIT	• An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath • Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí	• €426,788.05 • €191,430.00
RED WoLF	• Institiúid Teicneolaíochta Shligigh • Comhairle Chathair Chorcaí • Carbery Housing Association	• €314.523.30 • €253,370.00 • €521,770.00
SHAREPAIR	• Ollscoil na hÉireann, Gaillimh • Ollscoil Luimnigh	• €326,069.76 • €133,027.51
THREE C	• Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann	• €361,600.00
ValuSect	• Teagasc – An tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia in Éirinn	• €395,058.08

Cruinnithe an Choiste Mhonatóireachta

In 2019, bhuail an Coiste Monatóireachta le chéile ceithre huair – Eanáir, Feabhra, Meitheamh agus Meán Fómhair – chun na tionscadail a roghnú as aighneachtaí i gcéim 1 agus céim 2 den phróiseas iarratais, agus an chéad ghairm caipitlithe. Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt ionadaíocht ar an mBallstát ag na cruinnithe sin.

Rialú Céadleibhéil

Próiseálann foireann iniúchóireachta an Tionóil na héilimh Interreg NWE ó chomhpháirtithe Éireannacha, caiteachas tionscadail a iniúchadh san áireamh, sula gcuirtear isteach éilimh íocaíochta.

Tuilleadh Eolais ar Interreg NWE in Éirinn:

Pointe Teagmhála Náisiúnta: info@southernassembly.ie

Tá Michael Buckley freagrach as an bhfoireann Rialaithe Céadleibhéil: flc@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin: www.nweurope.eu

Limistéar an Atlantaigh Interreg

Cuireann Limistéar an Atlantaigh INTERREG comhar trasnáisiúnta chun cinn i measc 36 réigiún Atlantach i gcúig thír Eorpacha, is é sin Éire, iarthar na Ríochta Aontaithe, an Phortaingéil agus limistéir cois cósta ainmnithe na Spáinne agus na Fraince.

Interreg Atlantic Area
European Regional Development Fund

Tá buiséad €185m ar an iomlán ag Limistéar an Atlantaigh. Tacaíonn sé le tionscadail chomhair thrasnáisiúnta sna réimsí Nuálaíocht & Iomaíochas, Éifeachtúlacht Acmhainne, Bainistíocht Rioscaí Críochacha, Bithéagsúlacht agus Sócmhainní Nádúrtha agus Cultúrtha.

Is é cuspóir foriomlán an chláir réitigh a chur i bhfeidhm chun dúshláin réigiúnacha a shárú i réimsí na nuálaíochta, na héifeachtúlachta acmhainní, an chomhshaoil, agus cosaint sócmhainní cultúrtha, chun cáilíocht beatha níos fearr a chruthú i gcríoch Limistéar an Atlantaigh.

Tosaíochtaí an Chláir

Tá ceithre Thosaíocht agus seacht gCuspóir Sonracha ag an gClár:

TOSAÍOCHT 1	TOSAÍOCHT 2	TOSAÍOCHT 3	TOSAÍOCHT 4
Nuálaíocht agus Iomaíochas a Spreagadh	Éifeachtúlacht acmhainne a chothú	Athléimneacht na dúiche i leith rioscaí nádúrtha, athraithe aeráide agus daonna a neartú	Feabhas a chur ar bithéagsúlacht agus ar shócmhainní nádúrtha agus cultúrtha
Cuspóir Sonrach	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**
1.1 Acmhainní nuálaíochta a bharrfheabhsú trí chomhoibriú chun iomaíochas a chothú	**2.1** Fuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chothú	**3.1** Córais bhainistíochta riosca a threisiú	**4.1** Cosaint bithéagsúlachta a fheabhsú agus seirbhísí éiceachóras a bharrfheabhsú
1.2 Aistriú torthaí nuálaíochta a threisiú chun teacht chun cinn táirgí, seirbhísí agus próiseas nua a éascú	**2.2** Fás glas, éicea-nuálaíocht agus éifeachtúlacht chomhshaoil a chothú		**4.2** Sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha a bharrfheabhsú chun forbairt gheilleagrach a mhúscailt

Is é Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair an Pointe Teagmhála Náisiúnta do Limistéar an Atlantaigh.

An tEolas Is Déanaí faoin gClár in 2019

Ní raibh aon ghairm tograí ar siúl faoi Limistéar an Atlantaigh in 2019. Mar chuid den dá ghairm a seoladh in 2017 agus 2018, cheadaigh coiste monatóireachta an chláir 72 tionscadal trasnáisiúnta agus infheistíodh €179.4m (€150m cómhaoiniú CFRE) i réigiún Limistéar an Atlantaigh.

Bíonn comhlachtaí poiblí sa Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Phortaingéil agus an Ríocht Aontaithe i gceannas ar na tionscadail sin, agus bhí comhpháirtithe ann i 36 réigiún Limistéar an Atlantaigh. Tá baint láidir ag comhpháirtithe Éireannacha i dtionscadail Limistéar an Atlantaigh agus leithdháileadh €25.5m ar chomhlachtaí poiblí Éireannacha atá páirteach i gcláir.

- 27 tionscadal a infheistíonn €63m chun nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh i réigiúin an Atlantaigh;
- 15 thionscadal a infheistíonn €42.2m chun tacú le foinsí fuinnimh inathnuaite a fhorbairt;
- 15 thionscadal a infheistíonn €20.3m i gcóras bainistíochta riosca;
- 21 tionscadal a infheistíonn €53.7m chun feabhas a dhéanamh ar bhithéagsúlacht agus ar shócmhainní nádúrtha agus cultúrtha an Atlantaigh.

Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Suíonn an Tionól Réigiúnach ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an chláir atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais tionscadail tar éis gach gairm tograí agus déanann sé moltaí maoinithe do Choiste Monatóireachta an Chláir.

Tá an Tionól ainmnithe mar Rialaitheoirí Céadleibhéil le haghaidh gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe lonnaithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir do Limistéar an Atlantaigh INTERREG.

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Is é Brendan Mooney an Pointe Teagmhála Náisiúnta: bmooney@nwra.ie

Tá Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair freagrach as Rialú Céadleibhéil: sconway@nwra.ie

Suíomh gréasáin: www.atlanticarea.eu

An Clár um Imeall Thuaidh agus an tArtach

Northern Periphery and Arctic Programme
2014–2020

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Regional Development Fund

Is comhar idir naoi dtír é an Clár um Imeall Thuaidh agus an tArtach. In ainneoin an raoin gheografaigh, tá roinnt dúshlán agus deiseanna comhchoiteanna ann ar fud limistéar leathan an chláir agus is fearr a fhéadfar iad a shárú agus a fhíorú trí mheán comhar trasnáisiúnta.

Is é fís an Chláir pobail bhríomhara, iomaíocha agus inbhuanaithe a chruthú ach leas a bhaint as nuálaíocht, an cumas fiontraíochta a mhéadú agus na deiseanna uathúla fáis atá ann sa réigiún Thuaidh agus i réigiún an Artaigh a thapú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de.

Tosaíochtaí an Chláir

Tá ceithre Thosaíocht agus ocht gCuspóir Sonracha ag an gClár:

TOSAÍOCHT 1	TOSAÍOCHT 2	TOSAÍOCHT 3	TOSAÍOCHT 4
Nuálaíocht	Fiontraíocht	Foinsí Inathnuaite & Éifeachtúlacht Fuinnimh	Oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn
Cuspóir Sonrach	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**	**Cuspóir Sonrach**
1.1 An méid comhoibrithe idir FBManna & Taighde agus Forbairt	**2.1** Coinníollacha le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta i gceantair iargúlta agus faoi líon beag daoine	**3.1** Feasacht ar dheiseanna le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus réitigh inathnuaite san earnáil tithíochta agus i mbonneagair phoiblí i gceantair iargúlta agus faoi líon beag daoine	**4.1** Ullmhacht údarás freagrach i gceantair iargúlta agus faoi líon beag daoine le haghaidh bainistíocht comhshaoil maidir le hathrú aeráide agus tionchar infheistíochtaí nua agus acmhainní nádúrtha á saothrú
1.2 Feasacht agus meonta i measc gairmithe sláinte i leith teicneolaíochtaí sláinte a úsáid	**2.2** Feasacht ar dheiseanna gnó seachas margaí áitiúla i measc FBManna		

Is é Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair an Pointe Teagmhála Náisiúnta do Limistéar an Atlantaigh.

An tEolas Is Déanaí faoin gClár in 2019

D'fhaomh coiste monatóireachta an chláir 14 thionscadal le linn 2019 de bharr na seachtú gairme tograí agus na séú gairme, agus infheistíodh €8m (€6.97m CFRE). Go dtí seo, tugadh cómhaoiniú do 58 príomhthionscadal agus 60 tionscadal ullmhúcháin ar an iomlán.

D'óstáil an pointe teagmhála náisiúnta Éireannach imeacht náisiúnta sa Chabhán le linn 2019 chun an seachtú gairm a phoibliú agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí ar iarratasóirí iad.

Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Suíonn an Tionól Réigiúnach ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an chláir atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais tionscadail tar éis gach gairm tograí agus déanann sé moltaí maoinithe do Choiste Monatóireachta an Chláir. Tá an Tionól ainmnithe mar Rialaitheoirí Céadleibhéil le haghaidh gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe lonnaithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir don Chlár um Imeall Thuaidh agus an tArtach.

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Is é Brendan Mooney an Pointe Teagmhála Náisiúnta: bmooney@nwra.ie

Tá Michael Buckley (TRD) agus Sharon Conway (TRTI) freagrach as Rialú Céadleibhéil:
flc@southernassembly.ie / sconway@nwra.ie

Suíomh gréasáin: www.interreg-npa.eu

Interreg VC: Comhar Idir-Réigiúnach

Interreg na hEorpa

Cabhraíonn Interreg na hEorpa le rialtais réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa chun beartas níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar. Trí thimpeallacht agus deiseanna a chruthú chun réitigh a roinnt, tá de chuspóir ag an gClár a chinntiú go mbíonn tionchar comhtháite agus inbhuanaithe ar dhaoine agus áiteanna ag infheistíocht rialtais, nuálaíocht agus iarrachtaí cur i bhfeidhm.

Trí thionscadail a chómhaoiniú faoi cheithre ardán téamacha, tugann ceadaíonn an Clár deis d'údaráis phoiblí réigiúnacha agus áitiúla agus d'imreoirí eile lena mbaineann ábharthacht réigiúnach ar fud na hEorpa, chun cleachtais agus smaointe a mhalartú ar an mbealach a oibríonn beartais phoiblí agus chun réitigh a aimsiú agus, ar an mbealach sin, chun feabhas a chur ar a straitéisí dá saoránaigh féin. Anuas ar thionscadail rialta, déantar ardáin foghlama beartais a chómhaoiniú tríd an gclár.

Tosaíochtaí an Chláir

Tá ceithre Thosaíocht ag an gClár faoina n-oibríonn na tionscadail:

1. 1. Taighde & Nuálaíocht
2. 2. Iomaíochas FBManna
3. 3. Geilleagar Ísealcharbóin
4. 4. Comhshaol agus Éifeachtúlacht Acmhainne

An tEolas Is Déanaí faoin gClár

Fógraíodh torthaí na gairme tograí deiridh in 2019, nuair a faomhadh 74 tionscadal.

I measc na dtionscadal a faomhadh, tá 17 eagraíocht Éireannacha ó gach cearn den tír atá ag glacadh páirt i 14 thionscadal chun leas réigiúin na hÉireann.

Dá bharr sin, is ionann líon iomlán na dtionscadal a faomhadh agus 258, agus den chuid is mó tá siad roinnte go cothrom idir na ceithre thosaíocht. Is ionann an leithdháileadh maoinithe agus €359 milliún ar an iomlán.

Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí feabhas curtha ar 527 ionstraim beartais a oibríonn i réigiúin an AE mar gheall ar thorthaí na dtionscadal agus ar a bpleananna gnímh réigiúnacha.

Bhí Rúnaíocht an Chláir an-ghníomhach ar fad agus thug tacaíocht do thionscadail cheadaithe le linn 2019. Reáchtáladh seimineáir ghréasáin ar siúl maidir leis an bpróiseas éileamh, cumarsáid agus pleananna gnímh réigiúnacha a dhearadh.



Tionscadail a comhaontaíodh le comhpháirtithe Éireannacha faoin gceathrú glao ar thairiscintí

Tionscadal	Comhpháirtí Éireannach	Buiséad Iomlán an Chomhpháirtí Éireannaigh €
Local Flavours - Turasóireacht bharántúil bunaithe ar bhlasanna áitiúla an chultúir	• Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	180,647.95
COHES3ION - An ghné chríochach le haghaidh S3 comhghreamaitheach a chomhtháthú	• Tionóil Réigiúnach an Deiscirt	154,487.50
Cathair Ghormghlas - Bonneagar Gorm agus Glas do Chathracha Inbhuanaithe	• Tionóil Réigiúnach an Deiscirt	110,590.10
CARPE DIGEM - Réigiúin ar Imeall na hEorpa agus san Eoraip atá ag Teacht Chun Cinn a Spreagadh chun Éiceachórais Nuálaíochta Digití a Úsáid	• Líonra na Réigiún Eorpach maidir le Teicneolaíocht Cumarsáide a Chur i bhFeidhm	187,341.70
PROGRESS - Rialachas na Seirbhísí Éiceachóras Réigiúnach a Chur Chun Cinn	• Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre	193,375.00
CRAFTS CODE - Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha chun Forbairt Iomaíochais FBManna a Chur in Oiriúint	• Comhairle Dearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann	175,441.50
SinCE-AFC - Feabhas a chur ar Fhiontraíocht FBManna i nGeilleagar Ciorclach an tSlabhra Agraibhia	• Comhairle Contae Dhún na nGall	145,418.00
Next2Met - Tarraingteach na réigiún Next2Met a mhéadú ach bearta boga digitithe a mhéadú	• Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre	145,100.95
FOUNDATION - Athléimneacht Réigiúnach a Fhorbairt i leith Athrú Struchtúrach Tionsclaíoch	• Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	420,125.25
RÉIGIÚIN DHIGITEACHA - Beartais réigiúnacha a ghlacann Tionscal 4.0 le haghaidh Claochlú Digiteach	• Líonra na Réigiún Eorpach maidir le Teicneolaíocht Cumarsáide a Chur i bhFeidhm	330,792.80
AgroRES - Infheistíocht a Dhéanamh i bhFuinneamh Inathnuaite do Thalmhaíocht	• Institiúid Teicneolaíochta Shligigh • Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair	209,659.30
SME POWER - FBManna ag spreagadh todhchaí ísealcharbóin	• Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann • WESTBIC	212,848.50
PASSPARTOOL - Príomhuirlisí chun beartais bhoga nuálaíochta a mheasúnú agus a fheabhsú	• Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall	173,002.20
EU_SHAFE - An Eoraip ag cumasú Timpeallachtaí Cliste Sláintiúla Aoisbháúla	• ECHAlliance de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath • Comhairle Contae Lú	312,233.75

Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an Pointe Teagmhála do réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in Éirinn agus déanann sé ionadaíocht ar Bhallstát na hÉireann ar Choiste Monatóireachta an Chláir. Tá an Tionól ainmnithe mar Rialaitheoirí Céadleibhéil le haghaidh gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe lonnaithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir do INTERREG na hEorpa.

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Is é David Kelly an Pointe Teagmhála Náisiúnta: dkelly@southernassembly.ie

Rialú Céadleibhéil: Michael Buckley (TRD)/Sharon Conway (TRTI):
flc@southernassembly.ie / sconway@nwra.ie

Suíomh gréasáin: www.interregeurope.eu

Cláir Eile Comhair Chríochaigh Eorpaigh

URBACT III

Tá sé mar aidhm ag an Clár Comhoibrithe Chríochaigh Eorpaigh URBACT III cur ar chumas cathracha oibriú le chéile agus réitigh chomhtháite a fhorbairt ar dhúshláin uirbeacha. Déantar é sin trí líonrú, foghlaim ó thaithí a chéile, foghlaim o cheachtanna agus deachleachtais a aithint chun feabhas a chur ar bheartais uirbeacha sna 27 Ballstát, san Iorua agus san Eilvéis.

Is ionann buiséad incháilithe iomlán an chláir agus €96.3 milliún agus faigheann sé cómhaoiniú ón AE trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag URBACT III:

1. **Cumas chun Beartas a Sholáthar:** cumas na gcathracha le beartais agus cleachtais uirbeacha inbhuanaithe a bhainistiú ar bhealach comhtháite agus rannpháirteach;
2. **Ceapadh Beartas:** dearadh straitéisí inbhuanaithe agus pleananna gnímh i gcathracha a fheabhsú;
3. **Feidhmiú Beartais:** chun feidhmiú straitéisí agus pleananna gnímh uirbeacha comhtháite agus inbhuanaithe i gcathracha a fheabhsú;
4. **Eolas a Fhorbairt agus a Roinnt:** chun a chinntiú go mbeidh rochtain níos mó ar eolas ag cleachtóirí agus ag cinnteoirí ar gach leibhéal agus go roinnfidh siad fios gnó ar gach gné d'fhorbairt inbhuanaithe uirbeach chun beartais forbartha uirbí a fheabhsú.

Úsáideann URBACT III trí chineál idirghabhála chun na cuspóirí sin a bhaint amach – Malartú trasnáisiúnta, Forbairt cumais, agus Caipitliú agus scaipeadh.

Is é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre an Pointe Teagmhála Náisiúnta do URBACT III.

An tEolas Is Déanaí faoin gClár

D'oscail an Ghairm ar Líonraí Pleanála Gníomhaíochta de chuid URBACT ó Eanáir go dtí Aibreán 2019 agus eagraíodh Lá Eolais faoi URBACT i mBaile Átha Cliath in Eanáir. I Meitheamh, d'fhaomh coiste monatóireachta an chláir tionscadail faoin gclár – 23 líonra, 26 tír agus 203 comhpháirtí, ar eagraíochtaí Éireannacha iad sé chinn díobh. Faoi dheireadh na bliana 2019, d'fhaomh an clár URBACT 48 líonra thar a cheithre thosaíocht agus gheall sé os cionn 79% de leithdháileadh buiséid iomlán. Tabharfar amach an chuid eile do líonraí ó thús na bliana 2020 ar aghaidh.

Thíos tá liosta de na 14 bhaile agus chathair Éireannacha a bhí ag glacadh páirt sna líonraí URBACT III:

Gairm Pleanáil Gníomhaíochta 1	Change! Dún Laoghaire-Ráth an Dúin Smartimpact: Cathair Bhaile Átha Cliath CityCentreDoctor: An Nás MAPS: An Longfort TechTown: Luimneach
Líonraí Feidhmithe	Creative Spirits: Port Láirge
Líonraí Aistrithe	Volunteering Cities: Cill Dara The Playful Paradigm: Corcaigh
Gairm Pleanáil Gníomhaíochta 2	Rochtain: Cathair Bhaile Átha Cliath UrbSecurity: An Longfort Find your Greatness: Luimneach iPlace: Baile Brigín Tourism Friendly cities: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin Health & Greenspace: Luimneach

Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ainmnithe mar an Rialaitheoir Céadleibhéil le haghaidh gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe lonnaithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir do URBACT III.

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Is é Travis Doherty ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre an Pointe Teagmhála Náisiúnta: urbactireland@emra.ie

Tá Michael Buckley freagrach as Rialú Céadleibhéil: flc@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin: www.urbact.eu

ESPON 2020

Tá de chuspóir ag Clár ESPON 2020 gné chríochach Eorpach a chur chun cinn agus a chothú i bhforbairt agus comhoibriú trí fhianaise, aistriú eolais agus foghlaim beartais a sholáthar d'údaráis phoiblí agus do ghníomhairí beartais eile ar gach leibhéal.

ESPON EUROPEAN UNION
Co-financed by the European Regional Development Fund

Is é an cuspóir ag Clár ESPON 2020 tacú le héifeachtacht Bheartas Comhtháthaithe an AE agus le beartais agus cláir earnála eile faoi Chistí Infheistíochta Struchtúraí Eorpacha (ESI) a atreisiú, chomh maith le beartais náisiúnta agus réigiúnacha forbartha críche, trí fhianaise a chumhdaíonn críoch iomlán 28 Ballstát an AE, anuas ar an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis, a tháirgeadh, a scaipeadh agus a chur chun cinn.

Tosaíochtaí an Chláir

Tá dhá Ais Tosaíochta ag an gClár ESPON 2020:

1. Fianaise Chríche, Aistriú, Breathnú, Uirlisí agus For-Rochtain
2. Cúnamh Teicniúil

Is iad na cúig chuspóir sonracha a thugann treoir don Chlár ESPON 2020 a chur i bhfeidhm:

1. Fianaise chríche a chur i dtoll a chéile ar bhealach barrfheabhsaithe trí thaighde agus anailís fheidhmeach;
2. Aistriú uasghrádaithe eolais agus úsáid uasghrádaithe tacaíocht úsáideora anailísí;
3. Breathnú feabhsaithe críche agus uirlisí feabhsaithe le haghaidh anailís críche;
4. For-rochtain agus glacadh níos fairsinge le fianaise chríche;
5. Socruithe feidhmithe níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus cúnamh cláir atá níos inniúla.

Is é an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil ag Ollscoil Mhá Nuad an Pointe Teagmhála don Chlár EPSON 2020.

Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar cheann de na baill Éireannacha ar Choiste Monatóireachta an Chláir.

Le haghaidh tuilleadh eolais:

Is é Caroline Creamer an Pointe Teagmhála: Ríomhphost: Caroline.creamer@nuim.ie

Suíomh gréasáin: www.espon.eu

Oifig Eorpach na Réigiún Éireannach agus Coiste na Réigiún

Oifig Eorpach na Réigiún Éireannach

Is é Oifig Eorpach na Réigiún Éireannach (OERÉ) an tsainseirbhís tacaíochta a fheidhmíonn mar dhroichead idir rialtas áitiúil agus réigiúnach na hÉireann agus an tAontas Eorpach. Míníonn sé agus tugann sé treoir dá páirtithe leasmhara maidir le cúrsaí sa Bhruiséil agus cuireann sé leasanna agus deachleachtas na hÉireann chun cinn ar leibhéal na hEorpa. Ag deireadh na bliana 2019, thosaigh ceannasaí nua na hOifige ag obair sa phost.

Tá ceithre phríomhfheidhm ag OERÉ lena n-iarrann sí seirbhísí treorach agus comhairleacha ábhartha agus tráthúla a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara d'fhonn eolas a dhéanamh do agus éascaíocht a dhéanamh ar a dtuiscint aonair agus chomónta ar ghníomhaíochtaí Eorpacha agus ar rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin.

Beartas Eorpach

Rinne OERÉ monatóireacht agus tuairisciú ar forbairt beartais thábhachtach san AE in 2019, go háirithe maidir leis an mBreatimeacht agus a thionchair ar Éirinn, ar bhuiséad an AE, ar Bheartas Comhtháthaithe amach anseo (cláir INTERREG san áireamh) agus ar mhaoiniú d'Éirinn. Rinne an OERÉ monatóireacht freisin ar fhorbairtí beartais maidir le talmhaíocht, trádáil agus comhshaol, Margadh Glas nua an AE san áireamh. Rinneadh monatóireacht ghrinn ar fhorbairtí maidir leis Meicníocht Aistrithe Chóir freisin agus rinneadh ionchur chun rannpháirtíocht Éireannach sa chláir a áirithiú. Le linn 2019, d'oibrigh OERÉ go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara agus déantóirí beartais san AE, lena n-áirítear ionadaíocht áitiúil agus réigiúnach Éireannach ar líonra speisialaithe bunaithe sa Bhruiséil maidir le hidirbheartaíocht Beartais Chomhtháthaithe agus an Breatimeacht. Cuireann OERÉ leasanna Éireannacha in iúl go rialta, lena n-áirítear d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, d'oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh agus d'oifigigh Rialtas na hÉireann i mBuanionadaíocht na hÉireann don AE.

D'eagraigh OERÉ cuairt do Chomhairle Contae Chorcaí ar an mBruiséil i Samhain maidir le beartas talmhaíochta an AE, lena n-áirítear cruinnithe le raon leathan déantóirí beartais AE – Buanionadaíocht na hÉireann don AE, oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh agus Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa.

Maoiniú agus Airgeadas

Le linn 2019, d'úsáid OERÉ a suíomh gréasáin nua agus na meáin shóisialta chun eolas maidir le cúrsaí a bhaineann le AE agus deiseanna maoinithe a roinnt le grúpaí áitiúla agus réigiúnacha Éireannacha. Cuireadh gairmeacha maoinithe, go háirithe maidir le WiFi 4 EU, Gníomhartha Nuálacha Uirbeacha, ar siúl, chomh maith le himeachtaí maoinithe ullmhúcháin, sa Bhruiséil agus in Éirinn. Is gné rialta san fhoilseachán Council Review é Euro Focus anois. Anuas air sin, tugadh tacaíocht do Chomhairle Contae Uíbh Fhailí maidir le huirlisí Cúnaimh Theicniúil don tionscnamh Réigiúin Idirlinne ó thaobh Guail de i bhfoirm taighde agus rannpháirtíochta le rúnaíocht an tionscnaimh.

Reáchtáil OERÉ seisiúin eolais le roinnt eagraíochtaí Éireannacha in 2019, lena n-áirítear cuir i láthair do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Cork Smart Gateway, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Dhírigh na cuir i láthair ar chomhar idir ollscoileanna agus údaráis áitiúla ar dheiseanna maoinithe AE. Reáchtáladh cuir i láthair do Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus cruinnithe le Fiontraíocht Éireann le linn na bliana freisin.

Líonrú

I measc bhuaicphointí na bliana 2019, eagraíodh gníomhaíochtaí na dTionól Réigiúnach Éireannach le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i nDeireadh Fómhair. Áiríodh leis cruinniú leis an gCoimisinéir Trádála, Phil Hogan, a rinne cur síos ar an eolas is déanaí maidir leis an idirbheartaíocht idir an AE / an RA ar shocruithe trádála iar-Bhreatimeachta. Fuair an toscaireacht faisnéisiú oifigiúil Breatimeachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha freisin, agus reáchtáladh cruinniú le Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa sa Pharlaimint. Thacaigh OERÉ le seoladh foirmiúil Gaillimh 2020 sa Bhruiséil i nDeireadh Fómhair freisin.

Coiste na Réigiún

Is é OERÉ rúnaíocht thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus comhordaíonn sí obair bhaill na toscaireachta náisiúnta chuig Coiste na Réigiún (CnaR). Le linn 2019, lean sé d'fheabhas a chur ar naisc straitéiseacha idir a gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí rialtas áitiúil agus réigiúnach na hÉireann. Chuir an Rialtas agus Coiste an AE in iúl do Bhaill CnaR maidir leis an sainordú nua a thosaigh i bhFeabhra 2020.

Is é CnaR tionól ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh. Tá 350 ball ar an gCoiste ó gach ceann de na 28 Ballstát AE. Tá gach duine díobh tofa go daonlathach agus/nó tá sainordú polaitiúil acu ina dtír féin. Is é ról CnaR eolas a dhéanamh do reachtaíocht AE agus beartais Eorpacha amach anseo a fhorbairt ach ionchur a fháil uathu sin a dhéanann an ionadaíocht is dlúithe ar phobail. Leagtar béim ar na réimsí agus tograí beartais AE a bhfuil an tionchar is mó acu ar réigiúin agus cathracha.

European Committee of the Regions

Cuireann CR a thuairimí in iúl go príomha trí bharúlacha nó rúin scríofa a fhorbraítear agus a phléitear i gceann amháin de shé Choimisiúnú téamacha a chumhdaíonn na limistéir bheartais seo a leanas:

- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúide agus Seachtracha (CIVEX);
- Beartas Comhtháthaithe Críche agus Buiséad an AE (COTER);
- Beartas Geilleagrach (ECON);
- An Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh (ENVE);
- Acmhainní Nádúrtha (NAT);
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíochta, Taighde agus Cultúr (SEDEC).

De ghnáth, tagann gach Coimisiún le chéile cúig huaire le linn na bliana chun tuairimí a ullmhú lena nglacadh ag na 5-6 sheisiún iomlánacha bliantúla. Freastalaíonn Coimisinéirí, Airí Uachtaránachta agus FPEanna go rialta ar chruinnithe CnaR agus bíonn malartú rialta idir na hinstitiúidí ar ábhair polasaithe.

Toscaireacht na hÉireann in 2019 – Ionadaithe Réigiún an Deiscirt

D'ainmnigh Rialtas na hÉireann ionadaithe CnaR i nDeireadh Fómhair i ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mBealtaine. Tá na hionadaithe nua-ainmnithe le ceapadh go luath in 2020.

Thíos tá liosta na n-ionadaithe CnaR do Réigiún an Deiscirt in 2019.

An Comhairleoir Michael Murphy	Comhairle Contae Thiobraid Árann *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Deirdre Forde	Comhairle Cathrach Chorcaí *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Kieran McCarthy	Comhairle Cathrach Chorcaí *(Comhalta de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir Hughie McGrath	Comhairle Contae Thiobraid Árann *(Comhalta Malartach de Choiste na Réigiún)*
An Comhairleoir William Patton	Comhairle Contae Cheatharlach *(Comhalta Malartach de Choiste na Réigiún)*

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar Thoscaireacht na hÉireann a aimsiú ar www.emra.ie/committee-of-the-regions

Obair Reachtaíochta

Meitheamh

- Chuir Toscaireacht na hÉireann leasuithe ar fud na toscaireachta síos ar an mbarúil maidir le I dtreo cinnteoireacht níos éifeachtúla agus níos daonlathaí i mbeartas cánach AE chun dearcadh rialtas na hÉireann maidir le cúrsaí cánach a chosaint.

Deireadh Fómhair

- Ceapadh an Comhairleoir Michael Murphy ina rapóirtéir don tuairim maidir le Comhaontuithe Saorthrádála – an pheirspictíocht áitiúil agus réigiúnach a chur i bhfeidhm.
- Reáchtáil an Comhairleoir Deirdre Forde comhairliúchán leantach ar a tuairim maidir leis an gClár um Margadh Aonair le Parlaimint na hEorpa agus bhuail sí le rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa (FPE Nicola Danti, an Iodáil) maidir leis an ábhar chun tuairimí a mhalartú agus ábhair imní áitiúla maidir leis an gceist a chur in iúl.

Ionchur Tábhachtach

Ina cháil mar rapóirtéir don tuairim maidir le Comhaontuithe Saorthrádála a chur i bhfeidhm, thacaigh an Comhairleoir Michael Murphy go hoifigiúil le rún a chuir Toscaireacht na Spáinne do CnaR síos maidir leis an tionchar leanúnach atá ag an díospóid trádála idir SAM agus AE ar an earnáil agraibhia. Tuairiscíodh an malartú sin sna nuachtáin in Éirinn, agus i nuachtáin eile i roinnt Ballstát, an Spáinn agus an Fhrainc san áireamh.

Rinne toscaireacht na hÉireann ionchur don Chlár Náisiúnta Leasaithe 2019 chun beartas AE a cheangal le hobair na húdaráis réigiúnacha áitiúla in Éirinn, ach go háirithe chun aird a tharraingt ar ról na SRSEanna i bhfeidhmiú beartais AE.

Lean an Toscaireacht de bheith ina príomhnasc idir an Coiste agus Toscaireacht na hÉireann. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Toscaireacht cruinnithe le FPEanna Éireannacha, chomh maith leis an gCoimisinéir Éireannach, Phil Hogan (a bhí ina Choimisinéir Talmhaíochta an tráth sin) chun riachtanas rialtas áitiúil na hÉireann a chur in iúl ar leibhéal an AE.

An Comhairleoir Michael Murphy ag Coiste na Réigiún

Tosaíochtaí an chláir Oibre in 2019

Chuir CnaR le díospóireacht níos leithne a raibh an Coimisiún Eorpach i gceannas air maidir le **tosaíochtaí an AE** amach anseo, ag féachaint don tréimhse iar-Bhreatimeachta agus sainordú Pharlaimint na hEorpa nuatofa i mBealtaine 2019. Chun freagairt a dhéanamh don phlé leanúnach ar na leibhéil is airde den AE, reáchtáil CnaR Cruinniú Mullaigh sa Rómáin chun a fhógra ó cheannairí áitiúla agus réigiúnacha maidir le todhchaí na hEorpa a chur i láthair. Cuireadh in iúl na hábhair imní áitiúla agus réigiúnacha maidir le feidhmiú an AE, go háirithe i bhfianaise théarma oifige nua na n-institiúidí AE.

In 2019, lean CnaR dá thuairim maidir leis an **gCreat Airgeadais Ilbhliantúil** tábhachtach a chur chun cinn agus d'iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar idirbheartaíocht leanúnach i dtaca le maoiniú, Beartas Comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta san áireamh. Ghlac Toscaireacht na hÉireann páirt sa dá dhíospóireacht sin, chomh maith le himeachtaí seachtracha, chun ábhair imní na n-údarás áitiúil agus réigiúnach Éireannach maidir le maoiniú AE amach anseo a chur i láthair. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Toscaireacht roinnt cruinnithe le hoifigigh Éireannacha ó institiúidí AE agus Buanionadaíocht na hÉireann maidir leis sin. Is ball den #CohesionAlliance í Toscaireacht na hÉireann. Cuireadh an grúpa sin ar bun in 2018 chun buiséad láidir d'Eoraip chomhtháite a chosaint.

Ba thosaíocht é **an caidreamh idir an AE agus an RA amach anseo** do Thoscaireacht na hÉireann. Is é dearcadh na Toscaireachta gur cheart do CnaR caidreamh chomh dlúth agus is féidir a choinneáil leis an RA i ndiaidh an Bhreatimeachta. Tá gach ball iomlán agus malartach de chuid na hÉireann ina mball den ghrúpa idir-réigiúnach um an Breatimeacht go fóill. Is é an grúpa príomhardán CnaR go fóill le haghaidh malartú faisnéise agus eolais i dtaca leis an mBreatimeacht. Cuireadh tús an bhliain seo caite le plé maidir le Grúpa Comhairleach CnaR idir AE-RA chun deis a thabhairt don RA páirt a ghlacadh in obair CnaR i ndiaidh an Bhreatimeachta, go háirithe i réimsí leasa cosúil le talmhaíocht nó Comhar Críochach Eorpach.

An Comhairleoir Deirdre Forde, Ionadaí CnaR

An Comhairleoir Kieran McCarthy, Ionadaí CnaR

Príomhthuairimí a Glacadh in 2019

Rúin in 2019

Meitheamh

- Moltaí Choiste Eorpach na Réigiún do shainordú reachtach nua an Aontais Eorpaigh

Deireadh Fómhair

- Rún maidir leis an Seimeastar Eorpach 2019 agus de bhun an tSuirbhé Bhliantúil Fáis 2020
- Rún maidir le Forbairtí ar an Idirbheartaíocht Idirinstitiúideach i dtaca le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27

Nollaig

- Rún maidir leis an Margadh Glas i gcomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

Tuairimí 2019

Aibreán

- An Seimeastar Eorpach agus Beartas Comhtháthaithe: leasuithe struchtúracha a ailíniú le hinfheistíocht fhadtéarmach

Meitheamh

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna): bunús do straitéis fhadtéarmach an AE le haghaidh Eoraip inbhuanaithe roimh 2030

Deireadh Fómhair

- Moltaí maidir le dearadh rathúil na straitéisí forbartha réigiúnaí tar éis 2020
- Cumarsáid Níos Fearr le haghaidh Beartas Comhtháthaithe
- Rialáil níos fearr: machnamh a dhéanamh agus ár ngealltanas a chothú
- Ionchur don Chlár Oibre Críche athnuaite agus béim ar leith ar Dheireadh Fómhair 2019 Forbairt Áitiúil faoi stiúir an Phobail

Úsáid Fuinnimh an Tionóil Réigiúnaigh in 2019

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh Bliantúil

Baineann tábhacht mhór náisiúnta leis an ngá atá le héifeachtúlacht fuinnimh, nuair a chuirtear na dúshláin san áireamh atá romhainn maidir leis an ngá atá le slándáil an tsoláthair fuinnimh, déileáil le costais luaineacha fuinnimh agus dul i ngleic le hathrú aeráide domhanda. Cuirtear na príomhnithe a chuireann éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn ar leibhéal na hEorpa san áireamh sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (TÉF) (2012/27/AE), ina leagtar amach an treoirphlean beartais don tréimhse a fhad le 2020 agus ina leagtar bearta atá ina gceanglas dlíthiúil ar Bhallstáit d'fhonn an úsáid níos éifeachtúla a bhaintear as fuinneamh a chur chun cinn ag gach céim den slabhra fuinnimh. Caithfidh eagraíochtaí poiblí sprioc éifeachtúlachta fuinnimh de 33% a bhaint amach faoi 2020.

Tá dhá phríomhoibleagáid ar eagraíochtaí poiblí maidir le feidhmíocht fuinnimh a thuairisciú ar bhonn eagraíochtúil:

- Feidhmíocht fuinnimh na heagraíochta a thuairisciú don ÚFIÉ go díreach gach bliain chun dul chun cinn i dtreo sprioc 2020 a rianú;
- Ráiteas a chur san áireamh ar fheidhmíocht fuinnimh na heagraíochta inár dtuarascáil bhliantúil.

Achoimre ar Úsáid Fuinnimh in 2019

Fostaíonn an Tionól 25 ball foirne, a bhfuil an chuid is mó díobh lonnaithe i dTeach an Tionóil.

Ié leictreachas an phríomhfhoinse fuinnimh agus féadtar úsáid fuinnimh a roinnt ina ceithre chatagóir:

- Oifigí a théamh;
- Solas a sholáthar;
- Ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, printéirí agus trealamh oifige eile a chumhachtú;
- Uisce a théamh.

In 2019, úsáideadh 32,114 Kwh fuinnimh i dTeach an Tionóil. Leictreachas ar fad a d'úsáid an fuinneamh sin.

Gníomhartha a Rinneadh in 2019

In 2019, thug an Tionól Réigiúnach faoi na gníomhartha seo a leanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh:

- Is struchtúr faoi chosaint é an foirgneamh agus mar sin tá teorainn lenar féidir linn a dhéanamh ó thaobh iarfheistithe de, ach cuireadh insliú seachtrach ar an díon mar bheart éifeachtúlachta fuinnimh;
- Tá an Tionól díolmhaithe ó Threoir (EPBD) 2002/91/CE – mar gheall go bhfuil foirgnimh liostaithe lena mbaineann sárthábhacht ailtireachta nó stairiúil (struchtúir chosanta) díolmhaithe. Ina theannta sin, ní bhaineann deimhnithe um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) ach le foirgnimh atá os cionn 1000m2 agus cuirtear foirgneamh an Tionóil san áireamh de réir na gcritéar sin;
- Déantar athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ar chostais fuinnimh agus ar sholáthar, i gcomhréir le socruithe conarthacha na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair;
- Rinne an Tionól tuairisceán fuinnimh bliantúil chuig ÚFIÉ le linn 2019.

Gníomhartha Beartaithe in 2020

In 2020, oibreoidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt lenár mbainisteoir caidreamh arna cheapadh ag ÚFIÉ chun ár sprioc coigilte fuinnimh a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach ar úsáid fuinnimh, billí agus feidhmíocht;
- Tuairisceáin bhliantúla feidhmíochta fuinnimh a chur ar ais do ÚFIÉ;
- Oiliúint feasachta fuinnimh do gach ball foirne;
- Clár nó córas bainistíochta fuinnimh agus plean bliantúil a fhorbairt;
- Réimsí ina bhféadfadh feabhas a chur ar úsáid fuinnimh a aithint agus bearta cuí a ghlacadh más gá.

14

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2019

Clár Comhardaithe Comhdhlúite don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2019

Ioncam	2019 €	2018 €
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	1,603,781	1,668,016
Deontas Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha	8,000	0
Aisghabháil Taistil – Cláir AE	167,011	15,602
Aisghabháil Tuarastail – Cláir AE	305,349	196,160
Aisghabháil Ghinearálta – Cláir AE	76,208	44,503
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	3,037	0
Aisghabháil Cúnaimh Theicniúil	344,470	280,694
Scéim Deontais na nIonad Uirbeach Ainmnithe	1,932,530	981,526
Táillí Rialaithe Céadleibhéil	86,015	64,866
Ilghnéitheach	1,106	21,192
Iomlán	**4,527,510**	**3,272,558**

Caiteachas	2019 €	2018 €
Costais Phárolla	1,375,893	1,387,792
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean	52,188	54,247
Aoisliúntas	9,250	4,581
Taisteal agus Cothabháil – Baill Foirne	162,577	145,639
Liúntas Bliantúil Comhaltaí	63,807	93,088
Comhaltaí LPS / Taistal Eile	4,373	14,554
Oiliúint Comhaltaí / Liúntas Comhdhála	32,269	4,579
Táillí Comhdhála	1,932	1,150
Trealamh Oifige agus Soláthairtí	24,946	27,598
Deisiú, Cothabháil agus Costais Oifige	84,551	39,921
Costas Athchóirithe	31,148	19,652
Conarthaí Bliantúla	58,501	28,172
Costais Fuinnimh	12,690	10,223

Expenditure	2019 €	2018 €
Post agus Guthán	14,741	15,340
Rátaí agus Muirir Uisce	666	7,448
Árachas	10,883	13,430
Tuarascáil Bhliantúil	4,855	3,125
Táillí Comhairleoireachta/Gairmiúla	55,026	19,170
Caidreamh Poiblí/Eolas agus Poiblíocht	82,550	132,355
Ranníocaíochtaí/Táillí/Tobhaigh (GBRÁ agus Iniúchadh)	8,471	9,717
Sláinte agus Sábháilteacht	1,780	82
Pleanáil Réigiúnach SRSE	55,206	34,948
Scéim Deontais na dTairseach – Íocaíochtaí Tionscadail	1,932.530	981,526
Muirear Dímheasa	1,503	1,730
Táillí Bainc	868	1,217
Drochfhiacha a díscríobhadh (Rialú Céadleibhéil)	3,133	0
Ilghnéitheach	4,986	13,345
Aistriú Idir-Chuntais	28,163	0
Caiteachas Iomlán	**4,119,486**	**3,064,629**
Barrachas Ioncaim Thar Caiteachas	**408,024**	**207,929**

Nótaí

Nótaí

Design & Print by Modern Printers Kilkenny 056 7721739